

Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga na Rosann



Ben Ó Ceallaigh

i gcomhar le Coiste Pleanála Teanga na Rosann

Meán Fómhair 2019

DRAFT

Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga na Rosann

*Language Plan for the Rosses Language
Planning Area*

*Please note: an English-language summary of
this plan's recommendations can be found
starting on page 117*

Curtha le chéile ag Ben Ó Ceallaigh i
gcomhar le Coiste Pleanála Teanga na
Rosann

Tá an PDF den phlean seo ar fáil ag:

www.pleanailteanganarosann.com

See our website for the PDF of this plan

Clár na nÁbhar

Giorrúcháin.....	iv
Ráiteas ón Choiste.....	v
1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga.....	1
1.1 Réamhrá.....	1
1.2 Acht na Gaeltachta 2012 agus Próiseas na Pleanála Teanga.....	1
2. Sonraí na Ceanneagraíochta agus an Choiste	3
2.1 An Ceanneagraíocht.....	3
2.2 An Coiste Stiúrtha.....	3
3. Léargas ar an Cheantar.....	5
3.1 Réamhrá.....	5
3.2 Daonra.....	6
3.3 Staid na Gaeilge sa limistéar.....	6
3.4 Tacaíochtaí/Áiseanna sa limistéar.....	7
3.5 Cúrsaí bochtanais agus míbhuntáiste	9
3.6 Cúrsaí Spóirt.....	10
4. Ullmhú an Phlean.....	11
4.1 Réamhrá.....	11
4.2 Feachtas feasachta.....	11
4.3 Céim an Taighde	17
4.4 Tátal	21
5. Torthaí an Taighde	22
5.1 Réamhrá.....	22
5.2 Suirbhé na nDaoine Óga.....	22
5.3 An Ceistneoir Pobail.....	32
5.4 Na Grúpaí Fócais	50
5.5 An Taighde gníomhach.....	54
6. Bearta an Phlean	57
6.1 Réamhrá.....	57
6.2 Feidhmiú an Phlean Teanga	58
6.3 An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais).....	65
6.4 Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta & Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga	74

6.5	Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile	80
6.6	Deiseanna Foghlama lasmuigh den Chóras Oideachais.....	84
6.7	An Earnáil Ghnó	90
6.8	Eagraíochtaí Pobail, Comharchumainn agus Seirbhísí Stáit	95
6.9	Na Meáin Chumarsáide	97
6.10	Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire	98
6.11	Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil	100
6.12	Eile	101
6.13	Amscála maidir le Feidhmiú na mBeart	103
7.	Costais agus Maoiniú	105
7.1	Suimiú na gCostas	105
7.2	Foinsí Maoinithe	105
7.3	Costas Chur i bhFeidhm an Phlean	106
8.	Forbairt Feasachta agus Poiblíocht	107
8.1	Réamhrá.....	107
8.2	Poiblíocht	107
9.	Feidhmiú agus Monatóireacht an Phlean.....	109
9.1	Ról na Ceanneagraíochta.....	109
9.2	Ról an OPT.....	109
9.3	Ról CPTNR.....	110
9.4	An Mhonatóireacht.....	110
10.	Foinsí.....	112
11.	Aguisíní.....	117
11.1	Aguisín 1: Summary in English of the proposals made in Chapter 6 "Bearta an Phlean"	117
11.2	Aguisín 2: Na Ceistneoirí.....	133
11.3	Aguisín 3: Treorlínte Brandála	148
11.4	Aguisín 4: Na Critéir Pleanála Teanga	149

Giorrúcháin

CPT – Comhairleoir Pleanála Teanga – an duine a fostaíodh le cuidiú le hullmhú an phlean seo

CPTNR – Coiste Pleanála Teanga na Rosann, an coiste a stiúir ullmhú an phlean seo agus a stiúrfaidh a chur i bhfeidhm

Critéir PT – Na critéir pleanála teanga atá leagtha amach ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá na critéir seo le feiceáil in Aguisín 4 (rannóg 11.4) ag deireadh na cáipéise seo

LPT – Limistéar Pleanála Teanga, ceann de 26 limistéar a leagtar amach in *Acht na Gaeltachta 2012* ina gcuirfear an phleanáil teanga i bhfeidhm

LPTNR – Limistéar Pleanála Teanga na Rosann, an ceantar lena mbaineann an plan seo

OPT – Oifigeach Pleanála Teanga, an duine a cheapfar chun an plan seo a chur i bhfeidhm

RCOG – An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Ráiteas ón Choiste

Príomhspriocanna an Phlean

1. An Ráta laghdaithe i líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge i Limistéar Pleanála Teanga na Rosann a mhaolú
2. Iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge faoi dheireadh thréimhse seacht mbliana an phlean seo a ardú 2-3%

Is cúis mhór bróid agus áthais do Choiste Pleanála Teanga na Rosann go bhfuil plean teanga anois ullmhaithe dár Limistéar Pleanála Teanga. Is deas a bheith ag an staid seo de phróiseas na pleanála teanga inár limistéar agus tugann muid moladh do thiomantas agus do dhiongbháilteacht bhaill an choiste stiúrtha pleanála teanga mar go bhfuil obair mhór déanta acu le cúpla bliain anuas ó cuireadh tús leis an phróiseas pleanála teanga i Limistéar Pleanála Teanga na Rosann.

Ba mhaith le Coiste Pleanála Teanga na Rosann buíochas mór a thabhairt dóibh siúd a leanas:

- Na trí eagraíocht pobail a roghnaíodh mar cheanneagraíocht .i. Forbairt na Rosann CTR., CDP na Rosann CTR. & Machaire le Chéile CTR.
- Múinteoirí Phobalscoil na Rosann, go háirithe An Dr Seosamh Ó Ceallaigh & Pádraigín Ní Chearnaigh.
- Do dhaltaí idirbhliana Phobalscoil na Rosann a scaip ceistneoirí an tsuirbhé agus a chuaigh ó theach go teach leo agus a bhailigh iad. Bhí sé mar sprioc ag an choiste go mbeidh an ghlúin óg lárnach sa próiseas seo mar tá muid ag brath ar an ghlúin seo leis an Gaeilge a chur chun tosaigh agus í a úsáid mar theanga cumarsáide sa limistéar.
- Na bunscoltacha go léir agus Pobalscoil na Rosann a ghlac páirt sa suirbhé don aos óg.
- Comhlachtaí, lucht gnó, coistí pobail agus clubanna.
- Na meáin chumarsáide – RTÉ Raidió na Gaeltachta, *Rosces Radio*, nuachtlitir na paróiste agus na nuachtáin áitiúla.
- Údarás na Gaeltachta as ucht maoiniú a chur ar fáil dúinn leis an phlean teanga seo a ullmhú. Buíochas do Shéamas Ó Gallachóir agus Anna Uí Dhochartaigh, Rannóg Pleanála Teanga an Údaráis agus do Bhríd Ní

Chualáin a bhíodh ag obair sa rannóg sin. Bhí siad i gcónaí ar fáil le tacaíocht agus treoir a thabhairt dúinn.

Ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh le buíochas ó chroí a thabhairt do phobal leitheadach LPT na Rosann as an tacaíocht fial flaithiúil a fuair muid uathu agus do gach duine a líon na ceistneoirí agus a tháinig chuig cruinnithe, grúpaí fócais agus a thug a dtuairimí dúinn faoin Ghaeilge. Tá buíochas faoi leith ag dul dóibh siúd sa pharóiste gurb é Béarla a gcéad teanga agus a bhfuair muid an-chomhoibriú uathu.

A sincere word of thanks to those with English as their first language for their wholehearted support and co-operation in compiling this language plan. Your enthusiasm and positive views expressed fills us with optimism going forward.

An Dr Ben Ó Ceallaigh, Taighdeoir agus Comhairleoir Pleanála Teanga:

Tá moladh mór tuillte ag an Dr. Ben Ó Ceallaigh as an tacaíocht agus an chomhairle ghairmiúil a chuir sé ar fáil agus plean teanga d'ardchaighdeán á scríobh aige dúinn agus as an réamhobair go léir a rinne sé agus plean teanga á ullmhú don LPT. Tá an coiste faoi chomaoin mhór ag Ben agus ár mbuíochas ó chroí duit as an díansaothar a chuir tú ort féin. Rinne do dhíograis agus do dhúthracht san obair thábhachtach seo ár ról sa phróiseas thar a bheith suimiúil agus ba mhór an phléisiúr dúinn a bheith ag comhoibriú leat.

Tá an choiste ag súil go mór leis an plean teanga seo a chur i bhfeidhm agus muiníneach go rachaidh na moltaí atá ann chun tairbhe agus chun leas na Gaeilge sa limistéar.

Fís:

**Ag obair fá choinne bhuanú agus mhéadú na Gaeilge
mar theanga phobail i Limistéar Pleanála Teanga na
Rosann**

*Working for the preservation and increase of Irish as a
community language in the Rosses Language Planning
Area*

1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

1.1 Réamhrá

Sa bhliain 2000 bunaíodh Coimisiún na Gaeltachta chun amharc ar staid na Gaeilge sa Ghaeltacht agus “le moltaí a dhéanamh don rialtas maidir leis an nGaeilge a láidriú mar ghnáthurlabhra phobal na Gaeltachta” (Coimisiún na Gaeltachta, 2002: 5). I measc a chuid moltaí, mhol an coimisiún seo go ndéanfaí grinnstáidéar chun staid na teanga a mheas go cruinn. Thug Aonad na Pleanála Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge faoin staidéar seo agus foilsíodh torthaí an taighde sin in 2007 mar *An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagáin et al., 2007).

Léiríodh sa taighde seo go raibh géarchéim theangeolaíoch sa Ghaeltacht, agus achan chosúlacht ar an scéal nach mbeadh an Ghaeilge in úsáid mar phríomhtheanga an phobail fiú sna codanna is láidre den Ghaeltacht faoi cheann 15-20 bliain muna dtabharfaí faoi iarrachtaí athneartaithe uailmhianacha.

Mar fhreagra ar an fhianaise dhúshlánach seo, foilsíodh *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030* inar ghlac an rialtas le bailíocht na hanailíse a tugadh sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch*. Dar leis an straitéis go bhfuil sé de sprioc ag an stát “córas cuimsitheach pleanála teanga ag leibhéal an phobail sa Ghaeltacht” a fhorbairt mar dhlúthchuid dá iarrachtaí “chun a chinntiú go mairfidh an Ghaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht” (Rialtas na hÉireann, 2010: 19).

Léiríodh an treocht i dtreo an iompaithe teanga arís i nDaonáireamh 2016. Sa Ghaeltacht ina hiomláine bhí titim 11.2% i líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais le sonrú ó bhí an daonáireamh deireanach ann in 2011. Taobh istigh de Ghaeltacht Dhún na nGall bhí an titim seo ní ba mhó arís, le laghdú de 17.3% – rud a léiríonn, i bpáirt, an drochthionchar a bhí ag an imirce ó Dhún na nGall i ndiaidh na géarchéime eacnamaíochta a thosaigh in 2008 (Ó Ceallaigh, 2019). I Limistéar Pleanála Teanga na Rosann (“LPTNR” feasta), an ceantar lena mbaineann an plean seo, bhí titim ard de 25% i líon na gcainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais san am seo – ó 365 cainteoir go 274 (RCOG, 2018a).

1.2 Acht na Gaeltachta 2012 agus Próiseas na Pleanála Teanga

Chun bonn reachtúil a chur le mianta an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030*, achtaíodh *Acht na Gaeltachta 2012*. Leagadh amach san acht seo an próiseas pleanála teanga agus roinneadh an Ghaeltacht oifigiúil ina 26 limistéar pleanála teanga (Rialtas na hÉireann, 2012). Áirítear LPTNR ar cheann de na 26 limistéar seo. Chun a stádas mar chuid den Ghaeltacht oifigiúil a chinntiú, iarradh ar eagraíochtaí sna limistéir seo plean teanga a ullmhú a mbeadh sé de sprioc aige an Ghaeilge a neartú sa cheantar. Is é an sprioc atá leis na pleananna teanga seo ná todhchaí na teanga sa Ghaeltacht a dheimhniú do na glúnta atá amach romhainn agus dul i ngleic leis na dúshláin a léiríodh sa taighde a rinneadh go dtí seo agus sa

daonáireamh is déanaí (Rialtas na hÉireann, 2012; RCOG, 2018b: 4). Is chuige seo a tugadh faoi ullmhú *Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga na Rosann*. Má ghlactar leis an phlean seo, beidh tréimhse seacht mbliana ann dá chur i bhfeidhm. Tá súil ag an choiste go gcuideoidh an plean seo go mór chun úsáid, stádas agus feiceálacht na Gaeilge sa limistéar a mhéadú.

DREACHT

2. Sonraí na Ceanneagraíochta agus an Choiste

2.1 An Cheanneagraíocht

Murab ionann agus cuid de na limistéir pleanála teanga eile sa tír, socraíodh i LPTNR gur chóir go mbeadh comh-iarratas ann ó thrí eagraíocht phobalbunaithe a fheidhmíonn sa limistéar, mar atá Forbairt na Rosann CTR., Tionscnamh Forbartha Phobal na Rosann (*CDP na Rosann*) agus Machaire le Chéile CTR. Siocair go bhfuil daonra ard sa limistéar seo i gcomparáid le roinnt limistéar pleanála teanga eile i nDún na nGall (5,372 duine de réir Daonáirimh 2016), measadh go ndéanfaí ionadaíocht ní b'fhearr ar an phobal ina iomláine dá dtabharfadh na trí eagraíocht seo faoi stiúradh phróiseas na pleanála teanga le chéile.

Tá baint ag na trí eagraíocht seo le forbairt pobail in san limistéar seo – ag reáchtáil ranganna, naíonraí, cúrsaí, féilte agus ag cur go leor seirbhísí tábhachtacha eile ar fáil do mhuintir na háite. Siocair go mbaineann an phleanáil teanga go dlúth le forbairt pobail – go deimhin is iomaí saineolaí sa réimse a mhaíonn gurb ionann pleanáil teanga éifeachtach agus forbairt pobail éifeachtach (e.g. Spolsky, 2004: ix-x; Romaine, 2006: 456) – tá na heagraíochtaí seo iontach fóirsteanach le feidhmiú mar ceanneagraíochtaí chun próiseas na pleanála teanga anseo sna Rosa a stiúradh.

2.2 An Coiste Stiúrtha

Ag teacht leis na *Treoirlínte Pleanála Teanga* a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta ("RCOG" feasta), bunaíodh coiste deonach, Coiste Pleanála Teanga na Rosann ("CPTNR" feasta) le tacú le hobair na ceanneagraíochta.

Reáchtáladh cruinniú poiblí in Ionad Teampaill Chróine ar an Chlochán Liath i mí Mhárta 2017 le hionadaithe ó Údarás na Gaeltachta chun an próiseas pleanála teanga a fhógairt sa cheantar. Insíodh don slua a bhí i láthair go mbeadh coiste deonach le bunú leis an obair a stiúradh i gcomhar leis an cheanneagraíocht agus cuireadh fáilte roimh dhaoine a bhí ag iarraidh páirt a ghlacadh in obair an choiste seo.

Chomh maith leis an ócáid seo, úsáideadh na líonraí teagmhála atá ag an cheanneagraíocht, mar aon leis na meáin shóisialta chun an scéal a scaipeadh faoi seo agus chun daoine a mhealladh le bheith ina mbaill den choiste.

Bhí seachtar ball rialta ag an choiste, ionadaithe ón cheanneagraíocht san áireamh, agus bhí daoine eile a ghlac páirt in obair an choiste ó am go chéile. Tugtar ainmneacha na mball rialta i dtábla 2.1 thíos.

Chun cuidiú leis an choiste seo an phlean teanga seo a ullmhú, shocraigh an coiste go mbeadh Comhairleoir Pleanála Teanga (CPT) ag teastáil, mar a shocraigh limistéir pleanála teanga eile ar fud na tíre. Fógraíodh folúntas don phost seo ar líne i mí Iúil 2017 agus cuireadh agallaimh ar iarratasóirí i mí Lúnasa. Ceapadh Ben Ó

2. Sonraí an Choiste

Ceallaigh mar CPT don limistéar ag deireadh mhí Lúnasa agus thosaigh sé ag obair leis an choiste ar bhonn páirtaimseartha ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2017.

Ainm	Ról
Helena Mhic Laifearthaigh	Cathaoirleach agus ionadaí Fhorbairt na Rosann CTR
Roseann Ní Ghallachóir	Bainisteoir CDP na Rosann
Gráinne Uí Dhomhnaill	Ionadaí CDP na Rosann
Breege Nic a' Bhaird	Gnáthbhall
Máire Ní Chomhaill	Gnáthbhall
Seán Ó Cnáimhsí	Cathaoirleach Forbairt na Rosann CTR
Pádraigín Ní Dhuirín	Gnáthbhall
Máire Ní Ludhóg	Gnáthbhall
Proinséas Ní Bhaoill	Iar-Bhainisteoir Machaire le Chéile CTR


Tábla 2.1: Baill CPTNR

3. Léargas ar an Cheantar

3.1 Réamhrá

Is ceantar mór fairsing é LPTNR a shíneann ón Choillín i Leitir Mhic an Bhaird ó dheas go dtí an Dún Mór in Anagaire ó thuaidh. De réir na dtreoracha atá leagtha amach ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (RCOG, 2018b: 41) is é seo a leanas comhdhéanamh LPTNR:

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Inis Mhic an Doirn, An Clochán Liath, Leitir Mhic an Bhaird agus An Machaire.
2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Anagaire atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Bhráid, Droim na Ceárta, An Dún Mór, An Carn Buí, An Charraig Fhinn, Gort Lios Saighead, Mín Doire Ghabhann, Mullach Dearg, Sliabh Mhullach Dearg, Mullach Dubh Thuaidh agus Mullach Dubh Theas.



Íomha 3.1 Toghranna an limistéir

Cé go bhfuil éagsúlacht mhór topagrafaíochta sa limistéar, den chuid is mó is ceantar tuaithe atá sa LPT seo. Tá an limistéar ar fad cois chósta, agus gan aon chuid de níos faide ná seacht gciliméadar ón fharraige. Cosúil le formhór na Gaeltachta, mar gheall ar an ghiorracht seo, bhí baint mhór ag an limistéar go stairiúil le cúrsaí iascaireachta, rud a mhaireann go pointe in áiteacha cosúil le hAlt an Chorráin go dtí an lá atá inniu ann, cé go bhfuil laghdú mór tagtha ar mhéid na hiascaireachta a dhéantar sa cheantar le tuairim is leathchéad bliain.

Tá tábhacht faoi leith leis an limistéar agus go háiride le príomh-bhaile an cheantair, An Clochán Liath, siocair go dtagann daoine ó chúig limistéar pleanála teanga eile in iarthuaisceart Dhún na nGall a fhad leis agus iad ag siopadóireacht agus ag cuartú seirbhísí. Is é an Chlochán Liath an t-aon bhaile i gceantar Gaeltachta Dhún na nGall gur féidir leis aitheantas a bhaint amach mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Tá plean teanga faoi leith á ullmhú don bhaile seo i láthair na huaire.

Tagann roinnt mhaith turasóirí go dtí an LPT seo sa samhradh. Cosúil le go leor áiteacha eile in iarthar na tíre, ó cuireadh tús le Slí an Atlantaigh Fhiáin tá méadú tagtha ar líon na dturasóirí seo, agus iad meallta ag an tírdhreach álainn agus fiántas an nádúir atá le feiceáil ann.

3.2 Daonra

De réir fhigiúirí an daonáirimh, tháinig méadú 6.6% ar dhaonra Ghaeltacht Dhún na nGall go léir idir 2006 agus 2011. Idir 2011-16, áfach, tháinig laghdú suntasach de 5.7% ar dhaonra na Gaeltachta oifigiúla i nDún na nGall, siocair gur bhuaill an cúlú eacnamaíochta a thosaigh in 2008 an ceantar chomh dona sin (Ó Ceallaigh, 2019).

Léiríonn figiúirí Dhaonáireamh 2016 go bhfuil 5,372 duine ina gcónaí in LPTNR – 2,661 fear agus 2,711 bean. Tá 2,212 teach cónaithe sa limistéar.

Is sna haoisghrúpaí idir 40-59 atá an sciar is mó den daonra seo (1,482 duine), agus is sna haoisghrúpaí 20-39 atá an sciar is lú (951 duine). Tagann sé seo leis an phatrún náisiúnta – ba iad daoine san aois ghrúpa 20-39 ba mhó a d'imigh ar imirce tar éis 2008 (Glynn et al., 2013: 34). Cúis bhuairte í seo ó thaobh na pleanála teanga de, áfach, óir is é an sciar seo den daonra an ceann is tábhachtaí chun an chéad ghluin eile de chainteoirí Gaeilge a thabhairt ar an saol (Jones, 2007: 28).

Toghroinn	Daonra
Anagaire (an chuid de atá in LPTNR)	689
An Clochán Liath	1,866
An Machaire	761
Inis Mhic an Doirn	1,440
Leitir Mhic an Bhaird	636

Tábla 3.1 Daonra na dToghrann sa LPT (Fóinse: Príomh-Oifig Staidrimh, 2017)

3.3 Staid na Gaeilge sa limistéar

I dtuairisc an chéad choimisiúin Ghaeltachta a foilsíodh i 1926, dúradh gur chuid de "[a] very congested and very Irish Speaking District" iad na toghranna as a ndéantar LPTNR sa lá atá inniu ann (Coimisiún na Gaeltachta, 1926: 41). Thug an Coimisiún figiúirí faoi líon na gcainteoirí Gaeilge i gcodanna áirithe den limistéar, mar atá An Clochán Liath (83.2%), Leitir Mhic an Bhaird (85.1%), An Machaire (77.9%), Inis Mhic an Doirn (99.9%) agus Anagaire (100%) (Coimisiún na Gaeltachta, 1926: 79-80). Cé gur dócha go raibh méid áirithe áibhéile i gcuid de na figiúirí seo, siocair go raibh mothúcháin náisiúnacha i réim go láidir i ndiaidh bhunú an stáit, léiríonn siad mar sin fhéin go raibh úsáid na Gaeilge an-láidir go deo i LPTNR níos lú ná 100 bliain ó shin.

Dála na Gaeltachta go léir, áfach, tá cúlú ollmhór tagtha ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa limistéar le 90 bliain anuas.

In 2007 léirigh an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* go raibh formhór na dtoghrann sa limistéar seo ina nGaeltachtaí "catagóir C", is é sin le rá go raibh an Ghaeilge in úsáid go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais ag níos lú ná 44% den daonra (Ó Giollagáin et al., 2007).

Dheimhnigh an *Nuashonrú* a rinneadh ar an staidéar seo in 2015 an patrún céanna. De réir thorthaí an taighde sin bhí ní ba lú ná 6.5% den daonra i gceithre cinn de na cúig thoghroinn as a ndéantar LPTNR ina gcainteoirí laethúla Gaeilge – mar atá An

Clochán Liath (6.1%), Leitir Mhic an Bhaird (3.5%), An Machaire (1.9%) agus Inis Mhic an Doirn (1.5%) (Ó Giollagáin agus Charlton, 2015: 177).

Cé nach bhfuil an toghroinn ar fad in LPTNR, eisceacht shuntasach a bhí i dtoghroinn Anagaire ó thaobh úsáid laethúil na Gaeilge de, de réir an *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch*, le dlús cainteoirí i bhfad ní b'airde ansin ná in aon chuid eile den limistéar. De réir an *Nuashonrú* bhí 29.8% den daonra i dtoghroinn Anagaire ina gcainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais in 2011 (Ó Giollagáin agus Charlton, 2015: 177).

Bhí an pictiúr céanna de staid na Gaeilge in LPTNR le feiceáil i dtorthaí an daonáirimh in 2016. As daonra iomlán de 5,372, níor labhair ach 274 duine (5.2%) an Ghaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais. Bhí sé seo tite ó 6.6% (365 duine) in 2011 – méid arb ionann é agus titim mhór de 25% in achar cúig bliana (RCOG, 2018a).

Cuirtear torthaí an taighde ar fad faoi staid na Gaeilge sa limistéar a rinneadh mar chuid d'ullmhú an phlean seo i láthair i gcaibidil a cúig.

3.4 Tacaíochtaí/Áiseanna sa limistéar

Is buntáiste mór atá ag an limistéar é an méid seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil ann. Bíodh is go bhfuil an ceantar scaipthe amach ó bhailte móra an chontae, is mór an cúnamh é go bhfuil baile an Chlocháin Léith suite i lár báire agus fáil éasca ag muintir an cheantair air dá bharr.

Cé go bhfuil fadhbanna suntasacha le cúrsaí míbhuntáiste sa limistéar, mar a phléann rannóg 3.5 thíos, tá sé ina chuidiú mór do mhuintir na háite agus, leoga, na limistéir pleanála teanga eile máguaird go bhfuil fostaíocht mhór agus postanna d'ardchaighdeán ar fáil ar an Chlochán Liath, i gcliantchomhlachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta, agus sna hoifigí stáit, siopaí agus gnólachtaí eile atá lonnaithe ann chomh maith. Tá ospidéal pobail lonnaithe ar an Chlochán Liath maraon le seirbhísí meabharshláinte atá faoi choimirce Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, seirbhísí fiacloireachta, óstán agus áiseanna lóistín eile. Tá ceithre shármhargadh lonnaithe ar an bhaile agus ina measc sármhargadh Aldi agus Lidl, an t-aon dá shármhargadh díobh seo atá lonnaithe in aon cheantar Gaeltachta i nDún na nGall. Tá Ionad Seirbhísí Poiblí lonnaithe ar an bhaile a dhéanann freastal ar dhaonra chúig limistéar pleanála teanga.

Téann an N56 tríd an cheantar, rud atá ina chuidiú agus a laghdaíonn an deacracht a bhíonn ag muintir na háite dul i mbun a ngnó agus a éascaíonn an bealach do na turasóirí a thagann chun an cheantair.

Léirigh tuairisc a rinne Raidió na Gaeltachta in 2018 go bhfuil Gaeilge ar a dtail ag 20% den daonra atá fostaíthe ar an mbaile – méid súntasach go maith i gcomparáid le baile ar bith eile den mhéid seo sa tír (Raidió na Gaeltachta, 2018). Tá feiceálacht measartha maith ag an Ghaeilge sa bhaile, agus táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas agus forbairt ar an fheiceálacht seo de thairbhe mholtaí an phlean seo. Tá polasaí ag Comhairle Contae Dhún na nGall go mbeadh príomhchomharthaíocht siopaí an bhaile i nGaeilge amháin, nó go dátheangach le

príomh-áit tugtha don Ghaeilge (Comhairle Contae Dhún na nGall, 2018: 29). Is buntáiste é chomh maith gur ainmníodh an Clochán Liath mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta faoi *Acht na Gaeltachta, 2012* i mí Feabhra 2018 agus go mbeifear ag tabhairt faoi phlean teanga faoi leith don bhaile mar gheall air sin idir 2019-2021. Is cinnte go dtacóidh na hiarrachtaí sin leis an mhéid atá á mholadh ag CPTNR sa phlean seo do na Rosa ar fad.

Tá go leor grúpaí pobail lonnaithe sa cheantar fosta, na heagraíochtaí a stiúir an plean seo ina measc – Forbairt na Rosann CTR, Tionscnamh Forbartha Phobal na Rosann (*CDP na Rosann*) agus Machaire le Chéile CTR.

Freastalaíonn seirbhís laethúil bus ar an Chlochán Liath. Téann an tseirbhís seo go dtí baile Dhún na nGall, agus naisc chuig go leor áiteacha eile ar fáil ansin.

Tá cáil ar an Chlochán Liath ach go háirithe mar gheall ar an fhéile idirnáisiúnta bhliantúil “*Mary from Dungloe*” a reáchtáiltear san áit. Maireann an fhéile seo ar feadh seachtaine agus meallann sí slua maith i gcónaí ó i bhfad agus i gcéin. Tá an fhéile seo ar siúl le breis is 50 bliain anois. Cé gur thrí Bhéarla a reáchtáiltear mórchuid na hócáide seo, bíonn Lá Gaelach acu mar chuid d'imeachtaí na féile. Tá súil ag CPTNR go dtabharfaidh moltaí an phlean seo spreagadh don lucht eagraithe chun tuilleadh Gaeilge a úsáid lena linn – rud a chuirfeadh ar shúile na gcuaiteoirí go bhfuil tábhacht faoi leith leis an oidhreacht Ghaeltachta atá ag an cheantar seo.

Cé go bhfuil stáisiún raidió áitiúil sa limistéar, *Rosses Radio*, is beag é méid na Gaeilge a bhíonn le cloisteáil air faoi láthair, ach tá CPTNR ag súil go gcuideoidh roinnt de na bearta sa phlean seo leis sin a athrú (féach rannóg 6.3.7, mar shampla).

3.4.1 Cúrsaí oideachais

In áit ina bhfuil an Ghaeilge lag go leor mar theanga phobail agus teaghlaigh, tá tábhacht faoi leith leis an chóras oideachais mar bhealach le cainteoirí Gaeilge a chruthú. Ar an drochuair, níl an Gaeloideachas an-fhorbartha sa cheantar seo faoi láthair, rud a fhágann go mbeidh sé deacair fiú an méid íseal de chainteoirí laethúla Gaeilge a choinneáil sna blianta atá romhainn.

Tá sé naíonra sa limistéar seo – trí cinn acu ar an Chlochán Liath. Tá dhá naíonra daoibh siúd cláraithe le Comhar Naíonraí na Gaeltachta CTR agus is ag teagasc trí Bhéarla atá na ceithre cinn eile.

In 2016 d'fhoilsigh an Roinn Oideachas agus Scileanna an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017-2022*. Is polasaí an-tábhachtach é seo a dhéanann idirdhealú idir na riachtanais foghlama atá ag cainteoirí T1 (iad siúd arb í an Ghaeilge a gcéad teanga) agus cainteoirí T2 (daoine nach bhfuil an Ghaeilge acu mar theanga teaghlaigh). Tá an t-idirdhealú seo an-tábhachtach go teangeolaíoch, agus tugadh deis in 2016 agus 2017 d'achan scoil sa Ghaeltacht oifigiúil glacadh leis an pholasaí nua seo chun tumoideachas Gaeilge a chur i bhfeidhm.

Cé go bhfuil seacht mbunscoil agus meánscoil san iomlán sa limistéar, níor ghlac ach trí scoil leis an deis seo, rud a fhágann go mbeidh na cúig scoil eile ag teagasc trí Bhéarla go príomha. Is iad Scoil an Aingil Choimheádaí, An Céideadh agus Scoil

Chróine, An Chlochán Liath maraon le Pobalscoil na Rosann, An Clochan Liath a ghlac leis an pholasaí nua seo. Tá tús curtha le feidhmiú an pholasaí nua seo sa dá bhunscoil thuas agus beidh siad ag teagasc go hiomlán trí Ghaeilge as seo amach dá bharr. In ainneoin an lín bhig bunscoileanna sa LPT atá cláraithe don *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta* tá líon na ndaltaí sa dá scoil seo i bhfad níos mó ná líon na ndaltaí sa chúig bhunscoil eile nár chláraigh don pholasaí go dtí seo, mar a léirítear thíos:

Scoileanna nár chláraigh go dáta don POG	Líon daltaí	Scoileanna atá Cláraithe don POG	Líon daltaí
Scoil Mhuire, Béal na Cruite	41	Scoil Chróine, An Clochán Liath	271
Scoil na nAcraí	85	Scoil an Aingil Choimeádaí, An Céideadh	30
Scoil an Róisín	56	-	
Scoil Leitir Mhic an Bhaird	33		
Scoil Mhín an Gabhann	22		
Iomlán	237	Iomlán	301

Tábla 3.4 Líon na ndaltaí sa bhunscoileanna áitiúla

Maidir le Pobalscoil na Rosann, tá sruth Gaeilge bunaithe sa scoil anois. Cé nach bhfuil Pobalscoil na Rosann (an t-aon mheánscoil sa limistéar) ag teagasc go hiomlán trí Ghaeilge, téann roinnt déagóirí as an cheantar isteach go hÁrainn Mhór nó Gaoth Dobhair ar bhonn laethúil chun tumoideachas meánleibhéal trí Ghaeilge a fháil.

Ó thaobh soláthair oideachais Gaeilge do dhaoine fásta de, tá roinnt roghanna ar fáil sa limistéar. Cuidíonn Údarás na Gaeltachta le ranganna a chur ar fáil in Ionad Theampaill Cróine, bunaithe ar *Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha*, córas a dtugtar TEG ("Teastas Eorpach na Gaeilge") air. Tá an córas seo aitheanta mar bhealach éifeachtach céimnithe chun líofacht na Gaeilge a bhaint amach. Bíonn grúpa neamhfhoirmeálta foghlama do dhaoine fásta ar siúl in Ionad Theampaill Cróine achan seachtain chomh maith.

Tá sé an-tábhachtach go ndéanfar forbairt ar earnáil an oideachais agus déantar moltaí ina leith sin i rannóga 6.3 agus 6.6.

3.5 Cúrsaí bochtanais agus míbhuntáiste

Mar a luadh in 3.3 thuas, thuairiscigh Coimisiún na Gaeltachta 1926 go raibh cúrsaí bochtanais ("congestion" i dtéarmaí na linne sin) ina bhfadhb mhór sa limistéar seo, agus ag tarraingt ar 100 bliain ón am a scríobhadh an tuairisc sin tá codanna de LPTNR ina bhfuil seo amhlaidh i gcónaí. Cé go bhfuil seirbhísí maithe ar fáil sa limistéar, tá formhór acu sin lonnaithe thart ar an Chlochán Liath. Taobh amuigh den

bhaile, ach go háirithe sna háiteacha is iargúlta sa limistéar seo, tá fadhbanna suntasacha fós ann ó thaobh cúrsaí bochtanais agus míbhuntáiste de.

Léiríonn an *Pobal Index of Deprivation* go bhfuil Inis Mhic an Doirn agus Leitir Mhic an Bhaird faoi mhíbhuntáiste de réir thorthaí Daonáirimh 2016. Tá toghranna an Chlocháin Léith, an Mhachaire agus Anagaire go léir faoi mhíbhuntáiste beag i gcomórtas leis an mheán náisiúnta chomh maith (Pobal.ie 2017).

Ina theannta sin, tá toghroinn Leitir Mhic an Bhaird ar liosta na Príomh-Oifige Staidrimh de na "spotaí dubha dífhostaíochta", na 79 toghroinn sa tír (as 3,440 san iomlán) ina bhfuil an ráta dífhostaíochta ag nó os cionn 27% (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017: 117).

Cé go bhfuil cuid mhaith de Ghaeltacht Dhún na nGall faoi mhíbhuntáiste (Ó Ceallaigh, 2019), ní nochtann ach Leitir Mhic an Bhaird, Gort an Choirce (i limistéar pleanála teanga Chloich Cheann Fhaola) agus Mín an Chladaigh (i limistéar pleanála teanga Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir) ar an liosta seo de na spotaí dubha dífhostaíochta. Fágann sé sin go bhfuil toghroinn Leitir Mhic an Bhaird i measc na n-áiteacha is measa i nDún na nGall (agus sa tír ar fad) ó thaobh dífhostaíochta de.

3.6 Cúrsaí Spóirt

Dála Dhún na nGall trí chéile, tá an-tóir ar chúrsaí spóirt sna Rosa. Is é club CLG an *Clochán Liath* [sic.] an club is mó sa limistéar, ach tá club eile, *Na Rossa*, [sic.] i Leitir Mhic an Bhaird chomh maith.

Tá club rathúil cispheile ar an Chlochán Liath fosta, *Dungloe Demons*.

Tá *The Strand Rovers*, foireann sacair, lonnaithe ar an Mhachaire agus tá foireann sacair iomráiteach eile, na *Keadue Rovers*, sa limistéar fosta.

Tá club rugbaí ann, *Tír Chonaill RFC*, atá lonnaithe ar an gCarraig Fhionn.

Ag deireadh 2017 cheadaigh an tAire Stáit Joe McHugh deontas ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta de €21,492 do *Chumann Iascairí na Rosann*, mar aon le deontas de €4,000 do *Chumann Slatiascaireachta Ghaoth Beara* chun cuidiú leofa an slatiascaireacht a fhorbairt sa limistéar. Meallann an iascaireacht seo roinnt mhaith turasóirí chun na háite achan bhliain.

4. Ullmhú an Phlean

4.1 Réamhrá

Tugadh faoi ullmhú phlean LPTNR sa dóigh is go mbeadh sé ag teacht le dea-chleachtas idirnáisiúnta sa phleanáil teanga agus leis na Treoirínte Pleanála Teanga a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge. Aithnítear sa litríocht idirnáisiúnta i réimse na sochtheangeolaíochta go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh toil an phobail taobh thiar d'aon iarracht athneartaithe teanga (Dauenhauer agus Dauenhauer, 1999; Kaplan agus Baldauf, 1997). Chuige seo, mar a mhínítear i rannóg 4.2 thíos, rinneadh achan iarracht rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas a spreagadh trí fheachtas comhordaithe feasachta a reáchtáil fríd an limistéar an fhad is a bhí an plean seo á ullmhú.

Míníonn rannóg 4.3 thíos an taighde a rinneadh chun léargas cruinn ar staid na Gaeilge sa limistéar a fháil. Is cuid riachtanach d'aon iarracht pleanála teanga é an taighde seo ar staid reatha na sprioctheanga (Ní Dhúda, 2014: 18-27) agus bunaítear na bearta agus na moltaí a dhéantar sa phlean seo i gcaibidil a sé ar thorthaí an taighde seo.

4.2 Feachtas feasachta

Mar a deirtear thuas, tuigeadh don choiste agus don CPT go mbeadh ardú feasachta ina chuid riachtanach den phróiseas seo, agus mar sin úsáideadh go leor bealaí éagsúla chun poiblíocht a dhéanamh air.

4.2.1 Oíche eolais

Le tús a chur leis an phróiseas sa limistéar eagraíodh lá eolais fan phleanáil teanga in Ionad Theampaill Cróine, An Clochán Liath ar an 25ú Márta 2017. Bhí rath mór ar an ócáid seo, le tuairim is 250 duine i láthair. Cuireadh sólaistí ar fáil agus bhí ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí áitiúla ann le ceiliúradh a dhéanamh ar an oidhreacht Ghaelach atá ag an cheantar. Bhí comhairleoirí contae agus polaiteoirí áitiúla eile i láthair lena dtacaíocht don phróiseas a léiriú chomh maith.

Labhair ionadaithe de chuid Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge leis an slua agus míníodh a raibh i gceist leis an phróiseas seo. Ag eascairt as seo cuireadh an coiste le chéile agus thosaigh siad ar na céad chéimeanna d'ullmhú an phlean seo.



Íomha 4.2.1 Póstaer
poiblíochta don oíche
eolais

4.2.2 Brandáil

Go luath sa phróiseas shocraigh an coiste dearthóir grafach proifisiúnta a cheapadh le lógó a dhearadh a bhéarfadh íomha so-aitheanta don phleanáil teanga sna Rosa agus a d'úsáidfí ar an ábhar poiblíochta go léir. Ceapadh *Pet Lamb Graphic Design* atá lonnaithe i nGaoth Dobhair chun an lógó seo a dhearadh. Tairgeadh cúpla rogha difriúil don choiste, agus sa deireadh shocraigh siad ar an cheann atá le feiceáil in íomha 4.2.2 thíos.



Íomha 4.2.2 An lógó a dhear Pet Lamb Graphic Design don choiste

Baineadh úsáid as an lógó seo mar bhunús do go leor ábhar poiblíochta eile a úsáideadh chun feasacht ar obair an choiste a ardú.

4.2.3 Greamáin agus comharthaí "straoiseoga"

Dhear baill den choiste greamáin phoiblíochta bunaithe ar na "straoiseoga" a úsáidtear ar na meáin shóisialta. Tugadh na greamáin seo amach ag imeachtaí pobail chun feasacht ar an phleanáil teanga sna Rosa a ardú. Tá siad seo le feiceáil in íomha 4.2.3.

Chomh maith leis na greamáin bheaga seo, déanadh comharthaí móra den dearadh céanna a úsáideadh chun pictiúir a thógáil ag ócáidí agus féilte difriúla sa phobal.



Íomha 4.2.3 Na greamáin agus comharthaí "straoiseoige" a dhear baill an choiste

4.2.4 Bileoga Eolais

Go luath i ndiaidh a cheapacháin, dhear an CPT bileog eolais A5 faoin phróiseas bunaithe ar dhréacht de théacs a bhí curtha le chéile ag baill an choiste roimh ré. Dearadh í le go mbeadh sí ag teacht le stíl agus dathanna an lógó agus le go dtabharfadh sí léargas beacht ar an phróiseas do mhuintir na háite. Socraíodh go dtabharfaí amach í in éindí leis an cheistneoir pobail a bheadh á fháil ag achan teach sa limistéar (féach 4.3.2.2 thíos).

Priontáladh breis is 2,000 de na bileoga eolais seo. Scaipeadh iad i ngnólachtaí agus foirgnimh phoiblí ar fud an limistéir fosta.



Íomha 4.2.4 An bhileog eolais

4.2.5 Ábhar poiblíochta eile

Chomh maith leis na rudaí thuasluaite, baineadh úsáid as brandáil an choiste chun ábhar poiblíochta eile a dhearadh.

Ina measc sin bhí t-léinte a tugadh amach ag ócáidí a bhain leis an phróiseas dóibh siúd a bhí á n-iarraidh – ag cruinnithe comhairliúcháin, grúpaí fócais, Lá Teaghlaigh Randox Teo., srl. Chaitheadh baill an choiste iad ag imeachtaí phoiblí, ag féilte pobail srl. nuair a bhí siad ag scaipeadh eolais faoin phleanáil teanga ag seastáin eolais, srl. Reáchtáladh cúpla seastán den chineál sin ag féilte a bhí ag tarlú ar an Chlochán Liath. B'éifeachtach an bealach é sin le heolas a scaipeadh i measc an phobail agus iad a spreagadh i leith an tionscadail.

Chomh maith leis na t-léinte seo, dhear an CPT “preabchomhartha” le húsáid ag cruinnithe poiblí agus in íomhanna poiblíochta a cuireadh chuig na meáin chumarsáide. Nuair nach raibh sé in úsáid ag ócáid faoi leith cuireadh in airde é san fháiltiú in Ionad Theampaill Cróine, ceanncheathrú Fhorbairt na Rosann CTR, ceann de na trí eagraíocht a bhaineann leis an tionscadal seo.



Íomha 4.2.5 Cuid den ábhar poiblíochta eile – Na t-léinte agus an preabchomhartha

4.2.6 Na meáin chumarsáide

Tapadh achan deis le clúdach ar an phróiseas a fháil sna meáin chumarsáide mar chuid den fheachtas ardaithe feasachta. Clúdaíodh obair an choiste sna meáin áitiúla agus náisiúnta go minic le linn an phróisis, ar an raidió, sna nuachtáin agus ar an teilifís chomh maith.

Ba é Raidió na Gaeltachta ba mhó a léirigh spéis san obair, agus labhair an CPT le Adhmhaidin agus Barrscéalta cúpla uair i gcaitheamh 2018. Craoladh agallaimh leis an chathaoirleach, le hoifigeach Gaeilge Phobalscoil na Rosann agus le cuid de na timirí a bhí ag scaipeadh an cheistneora pobail ar an 19ú Eanáir 2018 ar *Barrscéalta*.

Ar an 19ú Aibreán 2018 pléadh an phleanáil teanga sa limistéar ar feadh breis is leathuair a chloig ar *Barrscéalta*, agus cuireadh agallamh ar an CPT agus ar chathaoirleach an choiste, chomh maith le hionadaí ó Údarás na Gaeltachta.

Clúdaíodh scaipeadh an cheistneora pobail sa limistéar ar TG4 ar an 13ú Nollaig 2017 nuair a cuireadh an CPT faoi agallamh ar *Nuacht TG4*.

Nuair a bhí comhairliúchán poiblí ar siúl faoin dréacht den phlean i samhradh 2019 chlúdaigh go leor de na meáin chumarsáide an scéal – stáisiún raidió éagsúla, TG4 agus na meáin chlóite san áireamh. Pléitear an chéim seo den obair in 4.2.8 thíos.

Foilsíodh scéalta le linn an phróisis sa *Donegal Democrat*, sa *Donegal News* agus páipéir áitiúla eile fosta.



Íomha 4.2.6 Cuid de na scéalta a foilsíodh sna nuachtáin

4.2.7 An tIdirlíon agus na meáin shóisialta

Siocair go bhfuil an oiread sin tábhacht leis an idirlíon agus na meáin shóisialta sa lá atá inniu ann, chruthaigh baill den choiste cuntais Facebook agus Twitter go luath i ndiaidh bhunú an choiste. Úsáideadh iad seo chun fógraíocht a dhéanamh ar ócáidí poiblí, chun nuacht a scaipeadh agus chun próifíl an choiste a ardú go háitiúil. Rinneadh uasdátú orthu go rialta.

Chruthaigh an CPT suíomh idirlín don phróiseas ag tús mhí na Samhna 2017: www.pleanailteanganarosann.com. Feidhmíonn an suíomh seo mar lárphointe eolais faoin phróiseas. Úsáideadh é le huasdátaithe faoin obair a chur ar fáil, chun scéalta ó na meáin chumarsáide a roinnt, chun fiseáin shuimiúla faoin athneartú teanga a scaoileadh agus chun sonraí teagmhála an choiste a chur ar fáil. Tugadh seoladh an tsuímh seo agus seoltaí na gcuntas meán sóisialta ar an bhileog eolais, ar phóstaire phoiblíochta, srl. le daoine a chur ar eolas faofa.

Moltar go ndéanfar tuilleadh forbartha ar an suíomh seo le linn chur i bhfeidhm an phlean seo (féach bearta 6.2.6 agus 6.6.4, mar shampla).

Scaipeadh nuacht fosta ar na cuntais dhifriúla atá ag na trí eagraíocht ar na meáin shóisialta. Siocair go bhfuil lucht leanúna níos fairsinge ag na cuntais seo ba dhóigh mhaith í sin le haird slua ní na mhó a mhealladh agus scéalta a scaipeadh ar bhonn ní b'éifeachtaí.

Íomha 4.2.7 www.pleanailteanganarosann.com

4.2.8 Comhairliúchán ar an dréachtphlean

Gar do dheireadh ullmhú an phlean cuireadh dréacht de na bearta a bhí leagtha amach ag an CPT agus ag an choiste ar fáil go poiblí ar www.pleanailteanganarosann.com agus roinneadh í ar na meáin shóisialta. Cuireadh seo ar fáil i nGaeilge le hachóimre i mBéarla, mar atá le feiceáil sa phlean seo. Cuireadh cóipeanna crua de na moltaí seo ar fáil in Ionad an Mhachaire agus Leabharlann an Chlocháin Léith fosta. Eagraíodh cruinnithe comhairliúcháin le poiblíocht a dhéanamh ar an dréacht seo agus chun moltaí a fháil ina leith i mí Mheithimh 2019.

Rinneadh tréan poiblíochta ar an dréachtphlean agus na cruinnithe seo sna meáin chumarsáide thraidisiúnta fosta – sna páipéir nuachtáin áitiúla, ar shuíomhanna idirlín nuachta, ar *Highland Raido*, *Rosses Radio*, Raidió na Gaeltachta agus ar TG4 fosta.

Eagraíodh cruinnithe in Ionad Teampaill Chróine ar an Chlochán Liath ar an 18ú Meitheamh agus in Ionad an Mhachaire ar an 19ú Meitheamh 2019. Reáchtáladh na cruinnithe seo go dátheangach agus bhí cóipeanna crua de na bearta ar fáil dóibh siúd a bhí á n-iarraidh. Thug ball den choiste caint ghearr faoi chúla an phróisis agus an obair a bhain leis agus rinne an CPT cur i láthair ag míniú a raibh sna dréachtbhearta.

Bhí tinreamh maith ag na cruinnithe seo agus cuireadh aon mholtaí a fuarthas i bhfeidhm ar an leagan den phlean a cuireadh faoi bhráid Údarás na Gaeltachta i mí Iúil 2019.

PLEANÁIL TEANGA NA ROSANN

Tá dréacht de bhearta Plean Teanga na Rosann anois ar fáil ag www.pleanailteanganarosann.com/plean agus tá cóip crua i Leabharlann an Chlocháin Léith agus in Ionad an Mhachaire. Beidh sé ar fáil go dtí 18/6/19

Beidh cruinnithe poiblí dátheangacha faoin dréachtphlean ar siúl in

- Ionad Teampaill Chróine Dé Luain 17/6/19 @ 19.00
- Ionad an Mhachaire Dé Máirt 18/6/19 @ 19.00

Seo í do dheis le moltaí a dhéanamh ar an phlean sula gcuirtear ag na húdaráis é!

PLEANÁIL TEANGA = STÁDAS GAELTACHTA
LANGUAGE PLAN = GAELTACHT STATUS

[Tuilleadh eolais/Further information:](#)
074 9522198

Íomha 4.2.8 An leagan Gaeilge den phóstaer do na cruinnithe comhairliúcháin poiblí

4.3 Céim an Taighde

Tá taighde ar staid reatha na sprioctheanga mar dhlúthchuid de phróiseas na pleanála teanga de réir mholtaí na saineolaithe is mó ar an ábhar agus na dtreoracha atá leagtha amach ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG, 2018b) mar aon. Mar sin, síleadh gurbh fhiú taighde chomh cuimsitheach agus ab fhéidir a dhéanamh chun úsáid na Gaeilge agus mianta an phobail ina leith a mheas. Chuige sin, tugadh faoi chineálacha difriúla taighde, ag baint úsáide as “modhanna measctha” – idir cheistneoirí agus chruinnithe poiblí/ghrúpaí fócais chun tuiscint chruinn a fháil ar an ábhar. Mínítear an dóigh a rinneadh an taighde sin sa chuid eile den chaibidil seo agus cuirtear torthaí an taighde i láthair i gcaibidil a cúig.

Ba é an CPT ba mhó a stiúir agus a dhear an taighde seo, ach fuair sé lántacaíocht agus cúnamh ón choiste agus timirí áitiúla chun an obair seo a chur i gcrích.

4.3.1 Taighde Tánaisteach

Toisc go bhfuil go leor taighde déanta ar an Ghaeilge agus ar an Ghaeltacht cheana féin, baineadh úsáid as na saothair eile seo chun réamhthuiscint a fháil ar staid na Gaeilge sa cheantar sular tugadh faoin taighde príomha.

Baineadh úsáid ach go háirithe as an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagáin et al., 2007) agus an *Nuashonrú* a rinneadh ar an tuairisc sin in 2015 (Ó Giollagáin agus Charlton, 2015). Tugann na tuairiscí seo go leor eolais faoi úsáid na Gaeilge sa cheantar bunaithe go príomha ar thorthaí na ndaonáireamh ó 2002, 2006 agus 2011. Úsáideadh eolas a bailíodh mar chuid de *Scéim Labhairt na Gaeilge* (ar cuireadh deireadh leis in 2011) fosta chun tuiscint a fháil ar láidreacht na Gaeilge mar theanga theaghlaigh sa LPT.

Foilsíodh na tuairiscí sin roimh an daonáireamh is déanaí in 2016, áfach, agus chun léargas a fháil ar fhigiúirí an daonáirimh sin baineadh úsáid as na SAPMAPs (“Small Area Population Maps”) a chruthaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017). Cuireann na léarscáileanna seo go leor eolais faoi LPTNR ar fáil agus ba mhór an cúnamh iad don CPT agus é ag foghlaim faoin cheantar i dtús ama agus nuair a bhí sé ag dearadh na modhanna taighde eile a mbainfí úsáid astu le linn an taighde príomha.

4.3.2 Taighde Príomha

Le roinnt blianta anuas tá nós tagtha chun cinn sa tsochtheangeolaíocht agus sna heolaíochtaí sóisialta go ginearálta chun modhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla a úsáid le chéile (Creswell, 2013; Hult agus Johnson, 2015). Leanadh an dea-chleachtas sin le linn an tionscadail seo. Chomh maith le grúpaí fócais agus cruinnithe poiblí le spriocghrúpaí faoi leith i gceantair dhifriúla sa limistéar, rinneadh suirbhé cuimsitheach pobail, agus fuair achan teach i LPTNR ceistneoir. D’fhreagair daltaí meánscoile agus daltaí i ranganna a cúig is a sé i mbunscoileanna an cheantair suirbhé faoi leith do dhaoine óga. Measadh go raibh tábhacht faoi leith lena dtuairimí siúd siocair gurb iadsan todhchaí na teanga agus na háite trí chéile.

4.3.2.1 Dearadh na gCeistneoirí

Ag teacht leis an mhéid a mhol Údarás na Gaeltachta, úsáideadh an "Ceistneoir Comónta" a dhear an tÚdarás i gcomhar le ceanneagraíochtaí agus coistí stiúrtha pleanála teanga i nDún na nGall chun an mórshuirbhé ar achan teach sa limistéar a dhéanamh. Baineadh úsáid as an cheistneoir seo sna limistéir pleanála teanga eile ar fud cheantar Gaeltachta Dhún na nGall, rud a fhágann go mbeidh féidearthachtaí tábhachtacha ann chun comparáid a dhéanamh idir na LPTanna amach anseo. I ndiaidh é a phlé leis an choiste rinne an CPT roinnt mionathruithe ar an cheistneoir lena chur in oiriúint do LPTNR.

Do shuirbhé na ndaoine óga úsáideadh ceistneoir a bhí bunaithe cuid mhaith ar cheann Mheitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt, ach le roinnt athruithe beaga arís. Tugadh deis do mhúinteoirí meánscoile agus bunscoile dréacht den cheistneoir a léamh i mí Eanáir 2018 agus leasaíodh é beagán bunaithe ar mholtaí s'acu siúd.

Ba mhór an cuidiú é na ceistneoirí seo a bheith ar fáil agus gabhann CPTNR buíochas le hÚdarás na Gaeltachta agus leis na ceanneagraíochtaí agus na coistí stiúrtha pleanála teanga as ucht iad a chur ar fáil dúinn.

Tá na ceistneoirí seo le feiceáil in Aguisín 2, rannóg 11.2.

4.3.2.2 Scaipeadh agus bailiú na gCeistneoirí

Mar a míníodh i gcaibidil a trí, tá 2,212 teach sa limistéar ina bhfuil cónaí ar 5,372 duine. Toisc gur socraíodh go ndéanfaí suirbhé cuimsitheach ar achan teach in LPTNR, shocraigh an coiste go mbeadh gá le daoine a earcú leis an líon mór ceistneoirí sin a scaipeadh. I ndiaidh an scéal a phlé le hionadaithe ó Phobalscoil na Rosann socraíodh lucht na hidirbhliana sa phobalscoil a earcú leis an dáileadh seo a dhéanamh. Chuir ionadaithe ó Údarás na Gaeltachta seisiún inseirbhíse ar fáil daofa chun cúrsaí eitice agus rúndachta a mhíniú agus thug 15 duine faoin obair seo san Earrach in 2018.



Íomha 4.3.1 Ábhar poiblíochta chun an pobal a chur ar an eolas faoi phróiseas an taighde

Bailíodh 1,652 ceistneoir san iomlán, arb ionann é agus ráta freagartha ard de 75%, méid a thugann bonn maith ionadaíochta don anailís a dhéantar i gcaibidil a cúig.

Toisc gur líonadh na ceistneoirí seo ar pháipéar b'éigean iad a dhigitiú ina dhiaidh sin. Rinne na timirí tuairim is 600 acu a dhigitiú agus rinne fostaí de chuid Fhorbairt Pobail na Rosann CTR an chuid eile i gcaitheamh an tSamhraidh agus an Fhómhair in 2018. Cuirtear torthaí an taighde seo i láthair i gcaibidil a cúig, rannóg 5.3.

Dearadh an póstaer poiblíochta atá le feiceáil in íomhá 4.3.1 thuas le pobail an limistéir a chur ar an eolas go raibh na timirí seo ag dul thart. Chomh maith leis sin rinneadh comharthaí móra a cuireadh ar achan bhóthar ar an tsli isteach don limistéar, mar atá le feiceáil in 4.3.1 fosta.

Is ar líne a scaipeadh suirbhé na ndaoine óga a bhí le líonadh ag daltaí i ranganna a cúig agus a sé in achan bhunscoil sa limistéar, chomh maith le daltaí in achan bhliain i bPobalscoil na Rosann ar an Chlochán Liath. Baineadh úsáid as SurveyMonkey leis an mhéid seo a dhéanamh, ach tugadh rogha é a líonadh ar pháipéar do scoileanna nach raibh a ndóthain ríomhairí acu. Níor líon aon scoil é ar pháipéar sa deireadh.

Chuir an CPT an suirbhé seo chuig achan scoil i mí Feabhra 2018 agus rinne ball den choiste ar múinteoir í teagmháil leis na scoileanna ar fad le cinntiú go líonfaí é. Faoi dheireadh mhí Aibreáin bhí roinnt scoileanna fós ann nár líon an suirbhé agus dá bharr sin labhair an CPT le hachan scoil ar an ghuthán chun é a chur i gcuimhne dóibh, agus faoi lár na Bealtaine bhí freagraí faighte ó gach scoil.

Fuarthas 342 freagra ar shuirbhé na ndaoine óga. Bhí ráta freagartha de bheagnach 100% ó na bunscoileanna, agus líon 273 daltaí pobalscoile (66%) an suirbhé. Tá torthaí an tsuirbhé seo le feiceáil i rannóg 5.2 thíos.

4.3.2.3 Grúpaí fócais

Mar chuid den chur chuige measctha a úsáideadh don taighde seo, eagraíodh grúpaí fócais chun deis a thabhairt do dhaoine tuairimí breise faoin phróiseas a chur in iúl don CPT. Chuige seo eagraíodh lá comhairliúcháin ar an 12ú Márta 2018 in Ionad Teampaill Chróine. Dhírigh an lá seo ar spriocghrúpaí difriúla – tuismitheoirí le paistí óga, oibrithe naíonraí, lucht gnó, múinteoirí agus daoine atá páirteach i gcumainn spóirt agus shóisialta sa cheantar. Leanadh moltaí Krueger (1988, 1998) faoin dea-chleachtas maidir le grúpaí fócais agus iad seo á reáchtáil.

Crochadh an póstaer atá le feiceáil in íomha 4.3.2 ar fud an limistéir chun poiblíocht a dhéanamh ar an lá seo agus sheol an coiste amach 120 cuireadh pearsanta chuig grúpaí, gnólachtaí, scoileanna, srl.

Bhí tuairim is 30 duine i láthair i gcaitheamh an lae

LÁ COMHAIRLIÚCHÁIN
faoin phleanáil teanga

language planning
CONSULTATION DAY

Glac páirt i gceann dár ngrúpaí fócais!
Join one of our focus groups!

Dé Luain 12 Márta / Monday 12 March
Ionad Teampaill Chróine, An Clochán Liath

12.30-13.00	Seoladh leis na meáin chumarsáide	Launch with local & national media
13.00-14.30	Oibrithe naíonraí	Preschool staff
14.30-16.00	Lucht gnó	Business people
16.00-17.30	Múinteoirí bunscoile	Primary teachers
18.00-19.30	Cumainn spóirt & shóisialta	Sports & social clubs

PLEANÁIL TEANGA = STÁDAS GAELTACHTA
LANGUAGE PLAN = GAELTACHT STATUS

Tuilleadh eolais / Further information:
www.pleanailteanganarosanann.com
074 9522198

Íomha 4.3.2 Póstaer a úsáideadh le poiblíocht a dhéanamh ar an lá comhairliúcháin

seo, agus rinne an CPT nótaí de na pointí a ardaíodh le linn an phlé.

Ar an 24ú Meán Fómhair 2018 eagraíodh grúpa fócais eile in Ionad an Mhachaire chun deis a thabhairt do mhuintir an cheantair sin tuairimí s'acu a léiriú ar an phróiseas agus chun tuilleadh poiblíochta a thabhairt don phróiseas.

I ndiaidh an chruinnithe seo agus i ndiaidh dó a bheith ag déanamh anailíse ar thorthaí na gceistneoirí mheas an CPT go raibh an taighde ag "*saturation point*", sin le rá gurb iad na pointí céanna a bhí ag teacht chun solais arís is arís agus go raibh príomh-thuairimí an phobail bailithe aige. Mar sin síleadh gur leor na cúig ghrúpa fócais a rinneadh mar chuid den taighde cáilíochtúil príomha. Pléitear an t-eolas a bailíodh le linn na ngrúpaí fócais seo i rannóg 5.4.

4.3.2.4 Taighde gníomhach

Ag teacht le modheolaíocht atá an-choitianta i dtaighde ar chúrsaí polasaí teanga agus oideachais/scoileanna (McAteer, 2013), rinneadh taighde gníomhach ("*action research*") i mbunscoil amháin sa cheantar. Eagraíodh sraith ceardlanna i gcaitheamh an fhómhair in 2018 le fáil amach cé na rudaí ba mhó a thaitin agus a chuaigh i bhfeidhm ar na páistí, agus chun smaointe a fháil faoi rudaí a d'fhéadfaí a mholadh do scoileanna eile an limistéir agus/nó do ghrúpaí óige eile cosúil le club óige trí Ghaeilge, mar shampla. Déantar cur síos ar an taighde seo i rannóg 5.5 thíos.

4.3.2.5 Agallaimh eitneagrafaíochta

Rinne an CPT roinnt agallamh leath-struchturtha le faisnéiseoirí áirithe a measadh a bhí an-tábhachtach do rath an phlean seo. Mar gheall ar chúrsaí rúndachta ní féidir sonraí a thabhairt anseo faoi cé a cuireadh faoi agallamh ach bhain siad le réimse an oideachais den chuid ba mhó. Chuir an taighde seo go mór le tuiscint an CPT ar riachtanais an cheantair agus tugadh moltaí dó a chuirtear san áireamh sna bearta a leagtar amach i gcaibidil a sé thíos.

4.3.2.6 Dóigheanna eile le moltaí a dhéanamh

Ar an ábhar poiblíochta ar fad a scaipeadh mar chuid den fheachtas feasachta scríobhadh go soiléir go raibh fáilte roimh dhaoine teagmháil a dhéanamh leis an choiste chun tuairimí nó moltaí a chur in iúl. Tugadh uimhir theileafóin, mar aon le seoladh ríomhphoist an choiste, suíomh idirlín LPTNR agus na cuntais atá ag an choiste ar na meáin shóisialta. Bhí foirm theagmhála ar an tsuíomh idirlín agus tugadh seoladh poist agus uimhir theileafóin in Ionad Theampaill Cróine air le go mbeadh daoine in ann teagmháil a dhéanamh leis an choiste go héasca sna dóigheanna seo go léir.

Scaipeadh eolas faoin fhéidearthacht seo ar na meáin shóisialta fosta agus luaigh an CPT é achan uair a labhair sé leis na meáin chumarsáide traidisiúnta – ar Raidió na Gaeltachta, TG4, srl.

Cé go ndearnadh achan iarracht eolas ar an rogha seo a chur ar fáil, ní dhearna aon duine teagmháil ar an bhonn seo leis an choiste. Meastar gur thug na

modhanna eile ar fad a úsáideadh le tuairimí an phobail a bhailiú – idir ceistneoirí, grúpaí fócais agus cruinnithe comhairliúcháin phoiblí – deiseanna go leor do mhuintir an limistéir chun a dtuairimí a chur in iúl agus dá bharr sin nach raibh éileamh ar na féidearthachtaí breise seo.

4.4 Tátal

Taobh istigh de na laincisí ama a bhí ar an tionscnamh seo faoin am a fostaíodh an CPT, measann an coiste agus an CPT go ndearnadh poiblíocht chomh héifeachtach agus ab fhéidir ar an phróiseas pleanála teanga sa cheantar le linn ullmhú an phlean seo.

Lena chois sin rinneadh taighde chomh cuimsitheach agus ab fhéidir ar staid na Gaeilge i LPTNR sa lá atá inniu ann agus mianta an phobail ina leith. Baineadh úsáid as modhanna measctha taighde chun an pictiúr ab iomláine agus ab fhéidir a fháil den Ghaeilge sa LPT, rud a thagann le dea-chleachtas maidir le taighde sochtheangeolaíoch den chineál seo (Ní Dhúda, 2014, Kaplan agus Baldauf, 1997).

5. Torthaí an Taighde

5.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, cuirfear torthaí an taighde phríomha a rinneadh mar chuid d'ullmhú an phlean seo i láthair. Mar a míníodh i gcaibidil a ceathair, chomh maith leis an anailís thánaisteach ar thaighde eile a rinneadh sa limistéar roimhe seo (mar shampla Ó Giollagáin et al. 2007; Ó Giollagáin agus Charlton, 2015; torthaí Dhaonáireamh 2016), baineadh úsáid as modhanna measctha taighde chun an tionscadal seo a chur i gcrích. Creideadh gurb iad na modhanna measctha seo an dóigh ab fhearr le tuiscint chuimsitheach a fháil ar chleachtas teanga an phobail, chomh maith le mianta agus dearchtaí mhuintir na háite i leith na Gaeilge.

Pléitear ar dtús suirbhé na daoine óga a rinneadh i scoileanna an LPT. Cuirtear torthaí an cheistneora pobail i láthair ansin agus ina dhiaidh sin ag deireadh na caibidle tugtar léargas ar an taighde cáilíochtúil a rinneadh (grúpaí fócais agus taighde gníomhach i mbunscoil áitiúil).

5.2 Suirbhé na nDaoine Óga


5.2.1 Modhanna

Mar a pléadh i rannóg 4.3.2, scaipeadh ceistneoir faoi leith i measc aos óg an limistéir. Bunaíodh an ceistneoir seo ar cheann Mheitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt, le hathruithe áirithe a rinne an CPT lena chur in oiriúint do LPTNR. Rinne roinnt múinteoirí bunscoile agus meánscoile sa limistéar moltaí fosta ar dhréacht den cheistneoir i mí Eanáir 2018 agus leasaíodh é dá réir. Líon 342 daltaí scoile é ar líne idir mí Feabhra agus mí na Bealtaine 2018.

De réir mar a socraíodh, níor fhreagair ach ranganna a cúig agus a sé sna bunscoileanna an ceistneoir, ach ina measc siúd bhí an ráta freagartha gar do 100%. D'fhreagair 273 de na daltaí a bhí i bPobalscoil na Rosann sa scoilbhliain 2017/18 an ceistneoir, méid arb ionann é agus ráta freagartha de 66%.

5.2.2 Áit chónaithe agus dúchais

Mar a léirítear i bhfigiúr 5.2.1, is ar an Chlochán Liath a bhfuil cónaí ar an líon is mó de na freagróirí (41.23%). Tá cónaí ar 21% in Inis Mhic an Doirn, 14% in Anagaire, 9% ar an Mhachaire. Níl cónaí ach ar 2.6% i Leitir Mhic an Bhaird. Is i Limistéar Pleanála Teanga Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir a bhfuil cónaí ar an chuid is mó de dhaltaí nach as LPTNR iad.



Figiúr 5.2.1 Áit chónaithe na bhfreagróirí


Is as an cheantar ina bhfuil cónaí orthu anois 78% den tsampla. Is as áit eile sa Ghaeltacht 2.3% agus as áit eile taobh amuigh den Ghaeltacht 4.4%.

De na 15 d'fhreagróirí a dúirt gurb as áit eile iad, ba iad Albain, Sasana agus Meiriceá na háiteacha ba choitianta a sonraíodh.

5.2.3 Dáileadh aoise an tsampla

Léiríonn figiúr 5.2.2 thíos dáileadh aoise an tsampla. Mar is léir, is ó lucht na darna agus na tríú bliana sa mheánscoil a tháinig an líon ab airde de na freagraí (57 an péire), ach bhí freagróirí go leor ann ó na blianta eile chomh maith. Bhí an líon freagraí ba lú ag rang a cúig (27).

Q3 Cén bhliain ina bhfuil tú? / What year are you in?




Figiúr 5.2.2 Dáileadh aoise an tsampla

5.2.4 Cúlra teanga

Léiríonn figiúr 5.2.3 go bhfuil Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó ag formhór mór an tsampla sa bhaile (95%). Dúirt seachtar freagróirí (2%) gur “Gaeilge den chuid is mó” atá acu sa bhaile agus níor dhúirt ach duine amháin as an 342 ar fad (0.3%) gur “Gaeilge amháin” atá acu sa bhaile.

Léiriú é seo go bhfuil deireadh tagtha, nach mór, le seachadadh idirghlúine na Gaeilge i LPTNR. Leis gurb é seachadadh idirghlúine na Gaeilge sa teaghlach an rud ba mhó a úsáideadh mar shainmhíniú ar an fhocal “Gaeltacht” ó bunaíodh an stat, is léir go bhfuil dúshláin mhóra roimh an teanga sa limistéar seo.



Figiúr 5.2.3 An teanga atá sa bhaile ag na freagróirí

Dúirt deichniúr (3%) go bhfuil teanga nó teangacha eile seachas Gaeilge ná Béarla á labhairt acu sa bhaile.


In ainneoin an ráta an-íseal d'fhreagróirí a bhfuil Gaeilge á labhairt sa bhaile acu, dúirt breis is 16% go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge réasúnta maith ag ar a laghad duine amháin dá dtuismitheoirí. Is fadhb mhór í, mar sin, go bhfuil tuismitheoirí le Gaeilge líofa sa limistéar nach labhraíonn Gaeilge lena bpáistí. Mar a phléitear i rannóg 6.4.2, teastaíonn feachtas le dul i ngleic leis seo.

Is “beagán Gaeilge” atá ag an mhéid is mó de na tuismitheoirí/caomhnóirí (tuairim 33%), de réir thuairisc na ndaltaí seo, ach níl Gaeilge ar bith ag beagnach an méid céanna (tuairim 30%).

5.2.5 Cumas teanga

Cé go bhfuil an pictiúr i dtaobh sheachadadh idirghlúine na Gaeilge sa teaghlach duairc go maith, tá ábhar dóchais fós le brath i líon na ndaltaí a thuairiscíonn go bhfuil Gaeilge líofa acu – 31 duine, arb ionann é agus 9.2% den tsampla. Chomh maith leis sin, deir 38% go bhfuil “Gaeilge réasúnta maith” acu.

Dála taighde sochtheangeolaíochta ar bith, bheifí ag súil le méid áirithe áibhéile i bhféintuairisciú den chineál seo. Mar sin féin, léiríonn na figiúirí go bhfuil ag éirí le roinnt daoine óga an Ghaeilge a shealbhú taobh amuigh de chomhthéacs an teaghlach – rud a léiríonn, is dócha, dea-thionchar na scolaíochta sa cheantar ar chumas teanga na ndaltaí.



Figiúr 5.2.4 Cumas teanga na ndaltaí

Ar an láimh eile, áfach, is cúis mhór imní é go ndeir 38% nach bhfuil ach beagán Gaeilge acu, agus go bhfuil 15% gan aon Ghaeilge.

Is docha go léiríonn na figiúirí faoi líofacht an dea-thionchar atá ag an dá bhunscoil sa cheantar a mhúineann trí Ghaeilge agus gur daoine a d'fhreastal ar an chúig bhunscoil eile iad na daltaí nach bhfuil ach beagán Gaeilge acu, nó atá gan Ghaeilge. Go suntasach, áfach, bhí difríocht mhór idir líon na ndaltaí a dúirt go raibh cumas líofa acu nuair a briseadh síos na torthaí de réir aoise: bhí ráta i bhfad ní b'airde d'fhreagróirí sa mheánscoil a dúirt go raibh Gaeilge líofa acu ná sa bhunscoil. Mhaigh 11.39% de dhaltaí sa chéad, dara agus sa tríú bliain go raibh Gaeilge líofa acu, agus 10.81% i mblianta a ceathair, cúig agus a sé. Níor thuairiscigh ach 1.49% de dhaltaí i rang a cúig is a sé den bhunscolaíocht go raibh Gaeilge líofa acu, ach dúirt 43.28% go raibh Gaeilge réasúnta acu – le hais 36.71% do bhlianta 1-3 agus 34.23% do bhlianta 4-6 sa mheánscoil.

5.2.6 Cleachtas teanga sa bhaile

Ag teacht leis an mhéid a thuairiscítear i rannóg 5.2.4, is léir go bhfuil an Béarla go mór in uachtar mar ghnáthurlabhra i dteaghlaigh an limistéir. Ní deir ach 2.2% de na daltaí go labhraíonn beirt chaomhnóirí s'acu Gaeilge le chéile i gcónaí nó beagnach i gcónaí, agus labhraíonn níos lú ná 2% d'fhreagróirí Gaeilge i gcónaí le baill eile dá dteaghlaigh. Deir idir 48% agus 58% nach labhraíonn siad Gaeilge riamh le tuismitheoirí/caomhnóirí, deartháracha nó deirfiúracha.

Mar sin féin, úsáideann mionlach réasúnta suntasach an Ghaeilge “anois is arís” le tuismitheoir/caomhnóir amháin ar a laghad (56 duine, 17.2%), nó le deartháracha/deirfiúracha (43 duine, 13.2%).

5.2.7 Cleachtas teanga i dtimpeallacht na scoile

Mar a bheifí ag súil leis, úsáidtear níos mó Gaeilge le múinteoirí ná le baill teaghlaigh – labhraíonn 7% (24 duine) Gaeilge “i gcónaí nó beagnach i gcónaí” le múinteoirí, agus deir 20.2% go labhraíonn siad í “go minic” le múinteoirí. Dúirt beagnach an méid céanna (20.5%), áfach, nach labhraíonn siad an Ghaeilge le múinteoirí riamh.

Is annamh a úsáidtear Gaeilge le cairde, fiú ar scoil. Níor dhúirt ach 2.1% (seachtar) go labhraíonn siad Gaeilge “i gcónaí nó beagnach i gcónaí” le cairde, agus bhí líon na ndaltaí a dúirt go labhraíonn siad í go minic le cairde an-íseal fosta – 4.9%.

Cé gur dhúirt 53.4% (174 duine) nach labhraíonn siad Gaeilge riamh lena gcairde, fágann sé sin go labhraíonn beagnach 47% de na daltaí scoile ar a laghad roinnt Gaeilge lena gcairde ar scoil ar bhonn rialta. Is fearr é sin ná a bheifí ag súil leis, seans, i bhfianaise chomh lag is atá an Ghaeilge mar theanga phobail agus stádas íseal na Gaelscolaíochta sa limistéar. Tugann sé fosta bunsraith maith le tógáil air – déantar moltaí ina leith seo i rannóga 6.3 agus 6.5.

5.2.8 Cleachtas teanga taobh amuigh den teaghlach/scoil

Taobh amuigh de chomhthéacs an teaghlaigh agus na scoile, deir 5.8% go labhraíonn siad Gaeilge achan lá, agus dúirt 14.7% go labhraíonn siad í “anois is aríst”. Mar sin, labhraíonn tuairim is 20% de na daoine óga Gaeilge agus iad ag plé le réimsí eile den saol. Nuair a chuirtear seo i gcomparáid leis an 9% a dúirt go raibh Gaeilge líofa acu, is léir go bhfuil mionlach réasúnta suntasach sásta iarracht a dhéanamh leas a bhaint as an Ghaeilge atá acu, fiú muna bhfuil siad go hiomlán líofa. Dúirt 27% gur labhraíonn siad “beagán Gaeilge” taobh amuigh de réimsí an teaghlaigh is na scoile. Dá bhrí sin, ciallaíonn sé sin go labhraíonn beagnach leath na ndaoine óga ar a laghad roinnt Gaeilge i gcaitheamh na seachtaine.

Is é 52.5% an céatadán a dúirt nach labhraíonn siad aon Ghaeilge agus iad ag plé le réimsí eile den saol – céatadán arb ionann é agus 171 duine.

5.2.9 Úsáid na Gaeilge sa phobal

Cé go dtuairiscítear i 5.2.8 go labhraíonn 47.5% de na daoine óga ar a laghad roinnt Gaeilge taobh amuigh den teaghlach/scoil, léiríonn na freagraí a thug siad ar an cheist faoi úsáid na Gaeilge sa phobal chomh beag is atá an úsáid seo i ndairíre – níor dhúirt ach méid an-bheag (2.5%) go labhraíonn siad “Gaeilge den chuid is mó” le siopadóirí, agus is é seo an grúpa is mó lena n-úsáidtear Gaeilge go rialta. Dúirt 1.8% go labhraíonn siad “Gaeilge den chuid is mó” le comharsana, agus 1.5% gur Gaeilge is mó a úsáideann siad le cairde – céatadán an-íseal atá neamhshuntasach ó thaobh na staitistice de.

Is lú i bhfad ná 1% é líon na ndaoine a dúirt go labhraíonn siad Gaeilge “i gcónaí” le haon ghrúpa faoi leith sa phobal.

Go deimhin, cé go bhfuil sé fós an-íseal (1.5% nó níos lú), is mó i bhfad an céatadán a úsáideann teanga(acha) eile seachas Gaeilge nó Béarla leis na grúpaí éagsúla sa phobal a luadh ar an cheistneoir – siopadóirí, comharsana, baill foirne i gcaiféanna/bialanna, dochtúirí/altraí/fiaclóirí, nó cairde taobh amuigh den scoil. Is “Béarla amháin” a labhraíonn tuairim 70% nó níos mó den sampla le hachan ghrúpa acu seo.

5.2.10 Caithimh Aimsire

Cé gurb í an pheil Ghaelach an caitheamh aimsire leis an chéatadán is airde de dhaoine a deir go labhraíonn siad Gaeilge agus iad ina bhun, tá an céatadán seo an-íseal, fiú – 3.4% (11 duine). Deir 16.3% (52 duine) go labhraíonn siad meascán Gaeilge agus Béarla, ach tá seo fós níos lú ná an 43.3% (141 duine) a deir gur Béarla amháin a labhraíonn siad agus iad ag plé leis an pheil.

Seachas an pheil, is sna campaí samhraidh is mó a labhraítear Gaeilge agus daoine óga ag plé le caithimh aimsire, ach tá na céatadáin seo fós íseal. Dúirt 3% (deichniúr) go labhraíonn siad Gaeilge amháin agus iad ag glacadh páirte i gcampa samhraidh, agus 13.8% (45 duine) gur meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla a úsáideann siad sa chomhthéacs sin.

Cé nach bhfuil mórán difríochta ann ó thaobh tábhacht staitisticiúil de, is suntasach go ndeir níos mó daoine go n-úsáideann siad teanga(cha) eile ná a úsáideann Gaeilge agus iad i mbun sacair, rugbaí, iománaíochta/camógaíochta, ranganna amhránaíochta. I ngach cás acu seo, áfach, tá cúigear nó níos lú i gceist (idir 0.31% agus 1.53%).

Déantar moltaí faoi chur chun cinn na Gaeilge i réimse na gcaitheamh aimsire i rannóga 6.5, 6.6 agus 6.10.

5.2.11 Teicneolaíocht agus na meáin chumarsáide/shóisialta

Mar a thuairiscítear in Ó Ceallaigh (2019), is fíorbheagán úsáide a bhaintear as an Ghaeilge agus daoine óga ag plé leis an teicneolaíocht. Dúirt breis is 65% gur Béarla amháin a úsáideann siad ar an ghuthán/ag téacsáil nó ar an idirlíon nó na meáin shóisialta.

Dúirt seachtar (2.2%) gur Gaeilge den chuid is mó a úsáideann siad agus iad ar an ghuthán agus cúigear (1.5%) gur Gaeilge is mó a úsáideann siad ar an idirlíon nó na meáin shóisialta. Dúirt thart ar an mhéid chéanna go n-úsáideann siad teanga(cha) eile ar fad fána choinne sin.

Dúirt beagnach 20% go n-amharcann siad ar chlár Ghaeilge ar an telefís go minic. Cé gur rud dearfach é seo tá sé fós i bhfad níos ísle ná an 64.1% a dúirt nach n-amharcann siad ar a leithéid a riamh.

5.2.12 Tearmainn teanga

Cé go ndúirt an tromlach mór (72.4%, 236 duine) nach bhfuil aon áit faoi leith sa cheantar ina labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí, dúirt mionlach suntasach go leor, 27.6% (90 duine), go raibh. Iarradh orthu ansin sonraí a thabhairt faoi cé an áit/na háiteacha a bhí i gceist acu agus thug 50 duine freagra ar an chuid seo den cheist.

De na freagraí bailí a tugadh ba é “teach mo sheantuismitheoirí” an freagra ba choitianta a luadh, le 19 bhfreagra. Tá an dinimic seo thar a bheith coitianta le teangacha atá i mbaol a mbáis, agus cé go bhfuil sé duairc go maith ar láimh amháin, tá féidearthachtaí móra ann, mar a phléitear i rannóg 6.3.7 thíos chun leas a bhaint as seo, ach daoine óga a spreagadh le tuilleadh ama a chaitheamh lena

seantuismitheoirí. Go deimhin, is óna sheanmhuintir a d'fhoghlaim an cainteoir dúchais deireanach de chuid Gaeilge Mhanainn, a cailleadh in 1974, a chuid Gaeilge féin (Lewin, 2015: 165).

I ndiaidh sin ba iad áiteacha i Limistéar Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt an darna rud ba mhó a tháinig chun solais, agus áiteacha sa cheantar sin luaite ag 11 duine.

Luaigh ochtar an scoil, agus luaigh naonúr an baile – rud a thagann leis an mhéid a tuairiscíodh i rannóg 5.2.6 thuas.

5.2.13 Dearthaí i leith na Gaeilge

Tugadh sraith ráiteas do na daltaí agus iarraidh orthu a rá cé chomh mór is a aontaíonn siad leofa. Bhí thart ar 20% de na freagróirí gan aon tuairim ar thormhór na ráiteas seo, ach le cúpla eisceacht shuntasach a luaitear thíos.

Dúirt 41.1% (134 duine) gur aontaigh siad nó gur aontaigh siad go láidir go spreagann a dtuismitheoirí/caomhnóirí iad chun Gaeilge a labhairt. Ní raibh tuairim láidir ag 21.1% (69 duine) faoi seo, ach d'easaontaigh mionlach suntasach (37.7%, 123 duine) leis an ráiteas seo – rud atá ina chúis imní. Déantar moltaí i 6.4.2 agus 6.3.6 chun dul i ngleic leis an mheon dhiúltach seo.

Deir 57% (186 duine) go bhfreagraíonn siad i nGaeilge i gcónaí má labhraítear Gaeilge leofa. Léiríonn sé seo an tábhacht atá leis an "tairiscint ghníomhach" i suíomhanna poiblí, rud a phléitear go mion i rannóg 6.7.3 thíos. D'easaontaigh 25.7% (84 duine) go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí nuair a labhraítear leofa í.

D'aontaigh 23% (69 duine) gur fearr leofa Gaeilge ná Béarla, uimhir ard agus dearfach go leor nuair a smaoinítear nach bhfuil Gaeilge líofa ach ag 9% den sampla. D'easaontaigh 58% leis an ráiteas sin, áfach.

Tá suim ag an tromlach, 62% (187 duine), feabhas a chur ar a chuid Gaeilge, agus níor dhúirt ach 20.5% (62 duine) nach bhfuil.

Tá an tromlach (55%; 167 duine) ag iarraidh go mairfidh an Ghaeilge sna Rosa – deir 24.2% (73 duine) nach bhfuil.

Ní chreideann ach 55 duine (18.2%) nach n-oireann an Ghaeilge do shaol an duine óig sa lá atá inniu ann, ach d'easaontaigh 177 duine (58.6%).

Tá beagnach leath na ndaoine óga, 48.7% (147 duine) ag iarraidh go mbeadh níos mó deiseanna ann do dhaoine óga chun a gcuid Gaeilge a chleachtadh. Níor easaontaigh ach 57 duine (19%) leis seo. Seo an ráiteas a fuair an méid ab airde de dhaoine gan tuairim air – 32.5%, 98 duine.

Síleann an tromlach (72.85%, 220 duine) go bhfuil sé níos fusa Béarla a scríobh agus a labhairt ná Gaeilge agus níor easaontaigh ach 14.2% (33 duine) – figiúr atá fós níos airde ná an 9% a dúirt go bhfuil Gaeilge líofa acu. Ba é seo an ráiteas leis an líon ba lú daoine gan tuairim – 12.9%, 39 duine.

Dúirt 54% (163 duine) gur aontaigh siad leis an ráiteas "níl muinín agam as mo chuid Gaeilge", ach d'easaontaigh 31.8% (96 duine) leis an ráiteas céanna.

Tá 155 duine, méid arb ionann é agus 51.3% den sampla, ag iarraidh go mbeadh níos mó Gaeilge le feiceáil i LPTNR. Ní aontaíonn an cúigiú cuid den tsampla leofa – sin le rá 62 duine, 20.5%. Bhí líon na ndaoine gan tuairim faoin ráiteas seo ard go leor fosta, 28.2%. Déantar moltaí faoi fheiceálacht na Gaeilge sa cheantar i 6.7.1, 6.7.2 agus 6.11.1.

Síleann 175 duine acu go bhfuil tairbhe ag baint le foghlaim na Gaeilge, 58%. Ní easaontaíonn ach 22.9%, (69 duine).

Ar an mórchóir, mar sin, is féidir a áiteamh go bhfuil dearcadh dearfach ag daoine óga i LPTNR i leith na Gaeilge, ach, mar is léir, tá neamhréir idir na dearcthaí dearfacha seo agus an cleachtas teanga atá ann.

Déantar moltaí bunaithe ar thorthaí na ceiste seo i rannóga 6.3 agus 6.5.

5.2.14 Dearcadh i leith Imeachtaí/ócáidí trí Ghaeilge

Mar a mhínítear i 5.2.13, tá beagnach leath an tsampla ag iarraidh níos mó deiseanna do dhaoine óga lena gcuid Gaeilge a chleachtadh. Nuair a tugadh samplaí d'imeachtaí a d'fhéadfaí a reáchtáil chuige seo, áfach, i mbeagnach achan chás ba mhó líon na ndaoine (tuairim 60% go ginearálta) a dúirt nach mbeadh suim nó nach mbeadh suim ar bith acu ná a dúirt go mbeadh suim nó suim mhór acu iontu. Is dúshlán suntasach é seo a léiríonn an gá le feachtas feasachta agus spreagadh éifeachtach le daoine óga a mhealladh chuig ócáidí trí Ghaeilge (féach an moladh i 6.3.6).

Ní raibh tuairim ar bith ag thart ar 20% (60 duine) faoin chuid is mó de na samplaí – ach is dócha go bhféadfaí cuid den sciar seo a mhealladh ach na hócáidí a bheith tarraingteach agus spraoiúil agus fógraithe ar bhealach éifeachtach.

Ina dhiaidh sin ar fad, áfach, tá mionlach suntasach go maith ann le suim nó suim mhór sna samplaí a tugadh: deir 20.5% go bhfuil suim nó suim mhór acu i gclub óige trí Ghaeilge – céatadán arb ionann é agus 62 duine. Go deimhin, d'fhéadfadh club óige go leor de na himeachtaí sainiúla a luaitear thíos (dioscó, tráth na gceist, srl.) a reáchtáil go héasca (féach bearta 6.5.1 agus 6.5.2).

Dúirt 178 nach mbeadh suim nó nach mbeadh suim ar bith acu i gclub óige trí Ghaeilge – bhí thart ar an mhéid chéanna daoine a dúirt nach mbeadh suim acu in aon cheann de na samplaí eile freisin.

Tuairiscíonn 29.1% (88 duine) go mbeadh suim acu i rang oíche chun an Ghaeilge labhartha a cleachtadh.

Bheadh suim ag 32.1% freastal ar choláiste samhraidh, cé nach raibh an deis sin ach ag 9.2% roimhe seo. Mar a phléitear i rannóg 6.3.9, tá féidearthacht mhór sa phlean seo le freastal ar an trian seo de na daoine óga agus deiseanna a chur ar fáil daofa chun seo a dhéanamh amach anseo.

Bheadh suim nó suim mhór ag 25% freastal ar dhioscónna Gaeilge – 75 duine.

Léiríonn 30.8% suim nó suim mhór i dtráth na gceist.

Is lú an tsuim a léirítear i ranganna teicneolaíochta (códála ríomhaire, tógáil aipeanna srl.) ná i ranganna ealaíne (14.2% agus 16% faoi seach). Mar sin féin, is ionann na céatadáin seo agus 43 nó 48 duine – líon nach beag agus arbh fhiú freastal air.

Taispeánann na freagraí go bhfuil suim ag thart ar an tríú cuid den tsampla i dturais dhifriúla taobh amuigh den cheantar trí Ghaeilge. Go suntasach, deir 120 duine, 40% – an ráta freagartha dearfach is airde de gach rogha – go mbeadh suim acu freastal ar fhéilte trí Ghaeilge a tharlaíonn sa samhradh. Ní dúirt ach 44% nach mbeadh suim nó nach mbeadh suim ar bith acu ina leithéid.

Tá súim ag 30% i meascán de na himeachtaí thuasluaite le daoine eile den aois chéanna.

Féach rannóg 6.5 fá choinne na moltaí a bhaineann le daoine óga taobh amuigh de chomhthéacs na scoile.

5.2.15 Dearcadh i leith áiseanna/acmhainní a d'fhéadfaí a chruthú

Cosúil leis na ceisteanna faoi ócáidí, bhí suim ag 25-30% den tsampla i bhformhór na n-áiseanna nó acmhainní a liostáladh, ní raibh tuairim ar bith ag 15-21% agus ní raibh suim ag thart ar 50%.

Mar a phléitear i rannóg 6.5.4 thíos, tá cuid de na háiseanna seo ar fáil cheana féin, agus tá sé tábhachtach dá bharr go ndéanfaí poiblíocht éifeachtach orthu i measc aos óg an cheantair.

Bheadh suim nó suim mhór ag 35.1% i leaganacha Gaeilge d'aipeanna cosúil le Whatsapp, Viber, srl. – sin 106 duine. Bhí líon na ndaoine gan tuairim ní b'ísle ná an meán don cheist seo – 14.5%.

Tuairiscíonn 31.1% go mbeadh suim acu i leabharlann áitiúil ina mbeadh ceol, cluichí, srl. ar fáil trí Ghaeilge.

Bheadh suim nó suim mhór ag 28.5% (86 duine) in iris Ghaeilge ar líne dírithe ar dhaoine óga agus scríofa ag daoine óga – rud a léiríonn gur chóir do mhúinteoirí Gaeilge iad a chur ar an eolas faoi www.nos.ie.

Léiríonn 27.8% – 84 duine – suim i spás sóisialta/ionad buail isteach do dhaoine óga – d'fhéadfadh club óige trí Ghaeilge a bheith lonnaithe in áit mar seo agus d'fhéadfaí go leor de na hócáidí a mholtar a eagrú ann chomh maith (féach 6.5.1 agus 6.5.2).

5.2.16 Áiseanna i bPobalscoil na Rosann

I ndiaidh plé ar an dréachtcheistneoir le hoifigeach Gaeilge agus príomhoide na pobalscoile, cuireadh isteach ceist faoi leith sa cheistneoir faoi áiseanna a d'fhéadfaí a fhorbairt sa scoil sin, ar príomh-mheánscoil an limistéir í.

Tá an patrún céanna le feiceáil sna freagraí a tugadh ar an rannóg seo is a bhí le feiceáil in 5.2.14 agus 5.2.15 thuas – mionlach suntasach (tuairim 25% in gach cás) i

bhfách leis na moltaí/áiseanna seo, thart ar an mhéid chéanna gan aon tuairim agus thart ar 50% a deir nach bhfuil suim acu ina leithéid.

Cé gur mionlach atá ann arís, fágann seo go bhfuil ar a laghad an ceathrú cuid de dhaoine óga an cheantair ag iarraidh méadú suntasach ar an soláthar Gaeilge a chuireann an phobalscoil ar fáil. Mar is léir ón líon ard daoine a dúirt nach raibh a fhios acu nó nach raibh tuairim láidir acu, tá céatadán suntasach eile fosta a d'fhéadfaí a mhealladh i dtreo na n-áiseanna seo, ach iad a bheith curtha ar fáil ar dhóigh tharraingteach agus mhealltach.

Deir 73 duine (27.5%) gur mhaith leofa go mbeadh sruth Gaeilge sa scoil, ina mbeadh achan ábhar á theagasc trí Ghaeilge. Dúirt 23.8% nach raibh a fhios acu.

Tá 100 duine (33%) ag iarraidh go mbeadh "cearnóg Ghaeilge" sa scoil – limistéar faoi leith ina mbeadh na ranganna Gaeilge ar fad lonnaithe, ina mbeadh feiceálacht faoi leith ag an teanga. Bheadh seo mar "thearmann teanga" de chuid na Gaeilge sa scoil. Níor dhúirt ach 40.4% nach mbeadh suim nó nach mbeadh suim ar bith acu ina leithéid de chearnóg.

Cosúil leis sin, tá thart ar an tríú cuid den sampla – 98 duine (32.5%) – ag iarraidh "Seomra Gaeilge" a bheith sa scoil, .i. spás sóisialaithe do dhaltaí na scoile ina mbeadh deis acu sóisialú trí Ghaeilge amháin.

Tá 75 duine ag iarraidh go mbeadh campa Gaeilge agus spóirt sa scoil le linn an tsamhraidh. Cé go bhfuil seo níos lú ná an céatadán atá i bhfách le cuid de na moltaí eile, is mionlach suntasach go maith é fosta – 25%. Ní raibh tuairim air seo ag thart ar an mhéid chéanna, 23.8%.

Tá plean teanga cuimsitheach dá cuid féin ag an phobalscoil agus déantar moladh chun tacú leis an phlean seo i rannóg 6.3.2 thíos.

5.2.17 Tuairimí breise

Ag deireadh an cheistneora tugadh deis do dhaltaí tuairimí eile a léiriú. Scríobh 120 duine freagraí sa rannóg seo. As na 120 freagra seo, dúirt 37 "níl a fhios agam" nó a leithéid – ní chuirtear iad sin san áireamh san anailís seo.

Ní raibh ach beirt fhreagróirí go láidir in aghaidh na Gaeilge, iad ag rá gur cur amú ama í.

Bhí formhór na bhfreagraí dearfach, ach is beag rud a moladh nach raibh san áireamh sna ceisteanna a cuireadh sa chuid eile den cheistneoir.

Bhí 26 duine ag iarraidh go mbeadh ní ba mhó béime ar an Ghaeilge sa scoil – cuid acu ag moladh go n-iompódh an scoil ar fad ar an Ghaeilge mar ábhar teagaisc, cuid ag iarraidh go mbeadh "Lá Gaeilge" uair sa tseachtain nuair a dhéanfaí iarracht faoi leith chun í a úsáid, nó go mbeadh cluichí trí Ghaeilge ann ar bhonn rialta.

Bhí 16 duine ag iarraidh go mbeadh ní ba mhó béime ar an Ghaeilge labhartha go háirithe. Mhol go leor acu sin nár choir go mbeadh an oiread sin litríochta ná filíochta ar an churaclam Gaeilge.

Bhí ceathrar ag iarraidh go mbeadh campaí samhraidh ann sa scoil – mhol duine amháin acu go mbeadh sé seo ina chúrsa Gaeilge, mhol daoine eile go ndéanfaí spóirt trí Ghaeilge.

Bhí ceathrar ag iarraidh clubanna a bheith ar fáil trí Ghaeilge agus luaigh ceathrar eile traenáil spóirt a bheith ar fáil i nGaeilge.

Bhí cúigear eile den tuairim gur chóir go mbeadh cúrsaí/ranganna Gaeilge breise ar fáil taobh amuigh de na huaireanta rialta teagaisc sa scoil.

Mhol ceathrar go mbeadh ní ba mhó teagmhála ann le scoileanna lánGhaeilge – luadh Pobalscoil Ghaoth Dobhair cúpla uair ina thaobh seo.

Dúirt ceathrar gur mhaith leofa tuilleadh Gaeilge a labhairt lena dtuismitheoirí ach nach bhfuil an nós sin acu.

Bhí triúr den tuairim gur chóir go mbeadh airgead nó scoláireachtaí ar fáil chun Gaeilge a labhairt.

Luaigh beirt cúrsaí ar líne a bheith ar fáil (mhol duine amháin Duolingo go hard) agus mhol beirt eile go mbeadh tráth na gceist ann trí Ghaeilge mar bhealach maith chun stór focal a mhéadú.

Mhaigh beirt gur chóir go mbeadh na bunscoileanna agus naíonraí áitiúla ag teagasc trí Ghaeilge, agus dúirt siad go mbíonn sé ródhéanach le Gaeilge a fhoghlaim agus tú ar an mheánscoil.


5.3 An Ceistneoir Pobail

Mar a míníodh in 4.3.2.2, bailíodh 1,652 ceistneoir le linn an tsuirbhé pobail, méid arb ionann é agus ráta freagartha de 75%. Bhí an ráta freagartha ní b'airde ar an Chlochán Liath (tuairim 90%) ach ar an mheán bhí ráta freagartha de 51% ó na toghranna éagsúla. Tá cóip den cheistneoir seo le feiceáil in Aguisín a dó, rannóg 11.2.1.

5.3.1 Áit chónaithe an tsampla agus méid na dteaghlach

Cá bhfuil cónaí ort? / Where do you live?

Answered: 1,652 Skipped: 0



Figiúr 5.3.5 Áit chónaithe na bhfreagróirí

Mar a léirítear i bhfigiúr 5.3.5, is ar an Chlochán Liath a bhfuil cónaí ar fhoirmhór na ndaoine a d'fhreagair an ceistneoir pobail: 54%. Ar ndóiche is é an Clochán Liath príomh-lonnaíocht an LPT agus mar sin ní haon cúis iontais í sin. Meastar fosta go raibh sé ní b'éasca do na timirí an ceistneoir a scaipeadh sa toghroinn sin de bharr chóngaracht na dtithe dá chéile.


Tá cónaí ar 14% den tsampla in Inis Mhic an Doirn, 12% i Leitir Mhic an Bhaird, 5% ar an Mhachaire agus 15% in Anagaire.

Dúirt 18% go raibh cónaí orthu ina n-aonar. Bhí ní ba mhó teaghlach le beirt ann ná méid ar bith eile – 30%. Thuairiscigh 16% go raibh triúr sa teach, 18% go raibh ceathrar agus bhí cúigear i 12% de thithe a líon an ceistneoir. Bhí cónaí ar sheisear i 4% de thithe. Ba lú ná 2% líon na dtithe le níos mó ná seisear ina gcónaí iontu.

5.3.2 Cúlra tíreolaíoch na bhfreagróirí

Cá háit ar tógadh thú?

Answered: 1,643 Skipped: 9




Figiúr 5.3.6 Áit dúchais na bhfreagróirí

Is as an cheantar seo tromlach an tsampla – 60% – agus is as áit eile i nGaeltacht Thír Chonaill 13%. Is as ceantar Gaeltachta eile 4.5% de na freagróirí. Dá bhrí sin is as an Ghaeltacht beagnach 80% den tsampla seo. Tháinig 8% as áit eile sa Phoblacht agus 5% as na Sé Chontae. Níor fhreagair naonúr an chuid seo den tsuirbhé. Dúirt 9% gurb as áit eile ar fad iad agus shonraigh 50 duine acu sin áiteacha faoi leith. Ba é Albain an freagra ba choitianta a tugadh, ach luaigh roinnt mhaith Sasana chomh maith – toradh é seo, ar ndóiche, ar an phatrún eis- agus ais-imirce seanbhunaithe a bhaineann leis an cheantar seo. Tháinig mionlach an-bheag as áiteacha eile san Eoraip nó sna Stáit.

5.3.3 Aoisghrúpaí agus inscne

Aois

Answered: 1,643 Skipped: 9



Figiúr 5.3.6 Dáileadh aoise


Feictear i bhfigiúr 5.3.6 toradh an chúigiú ceist a d'iarr ar rannpháirtithe cén aoisghrúpa ina bhfuil siad. Ar ndóiche bhain an ceistneoir seo le daoine níos sine ná 18 mbliana siocair gur dhírigh suirbhé faoi leith ar na daoine óga (féach 5.2). De thairbhe go bhfuil an imirce i ndiaidh daoine óga i nDún na nGall a bhualadh go trom le deich mbliana anuas (Ó Ceallaigh, 2019), ní hiontas an-mhór é nach bhfuil ann ach méid íseal go maith de dhaoine idir 18-25 bliain d'aois sa sampla (6%). Mar sin féin ní mór a bheith aireach anseo óir is dóigh go léiríonn an toradh seo claonadh sa mhodheolaíocht a úsáideadh leis an cheistneoir seo fosta – is minic a d'fhágfaí freagairt an cheistneora seo faoi cheann urra an tí, agus is dóchúla ná a mhalairt gur duine níos sine a bheadh ansin.

Bhí 25% de na rannpháirtithe idir 26-40 bliain d'aois, agus 30% (an chuid is mó den sampla) idir 41-55. Is iad na daoine idir 18-40 ach go háirithe is mó a bheifí ag súil le páistí a thabhairt ar an tsaol agus mar gheall air sin tá tábhacht faoi leith leis an aoisghrúpa sin ó thaobh sheachadadh idirghlúine na Gaeilge de.

Bhí 21% den tsampla idir 56-67 agus 18% níos sine ná 67 – mar sin tá beagnach 40% thar an aois ag a mbeadh páistí ag duine de ghnáth. Mar sin féin tá tábhacht faoi leith le hachan aoisghrúpa don phleanáil teanga ar ndóiche – go háirithe leis na haoisghrúpaí níos sine, ar dochúla iad a bheith ina gcainteoirí Gaeilge.

Inscne

Answered: 1,643 Skipped: 9



Figiúr 5.3.7 Inscne na rannpháirtithe


D'fhreagair ní ba mhó ban an ceistneoir seo ná fir – 67% vs. 33%. Tagann sé seo leis an mhéid a bheifí ag súil leis in aon taighde cainníochtúil, áfach – de ghnáth faightear níos mó freagraí ó mhná ná ó fhir i dtaighde den chineál seo (Smith, 2008; Curtin et al., 2000; Moore & Tarnai, 2002; Singer et al. 2000).

D'fhág naonúr an dá cheist seo ar lár.

5.3.4 Cúlra Teanga

Cén teanga a bhí in úsáid sa bhaile agus tú ag éirí aníos?

Answered: 1,643 Skipped: 9



Figiúr 5.3.8 Cúlra teangeolaíoch an tsampla

Léiríonn figiúr 5.3.8 gur le Béarla amháin a tógadh formhór an tsampla – 39%. Nuair a chuirtear seo le líon na ndaoine a tógadh le ní ba mhó Béarla ná Gaeilge (35%) feictear go bhfuil úsáid na Gaeilge mar theanga baile sa LPT tar éis a bheith an-lag le tamall maith anuas, agus 74% san iomlán ag maíomh gur mó Béarla a fuair siad ná Gaeilge agus iad ag fás aníos.


Ina dhiaidh sin féin thuairiscigh beagnach 9% gur le Gaeilge amháin a tógadh iad, agus tógadh 16% le ní ba mhó Gaeilge ná Béarla. Agus anailís á déanamh ar na figiúirí seo ní mór cuimhneamh, áfach, gur tógadh 17.5% den tsampla áit eile sa nGaeltacht, taobh amuigh den cheantar seo. Ach fós, de réir an tsuirbhé seo, tógadh an ceathrú cuid den tsampla le Gaeilge amháin nó le Gaeilge den chuid ba mhó, méid atá i bhfad Éireann níos airde ná a bhfaighfeá i gceantar taobh amuigh den Ghaeltacht. Is rud tábhachtach é seo a fhágfaidh bonn maith faoi na hiarrachtaí athneartaithe teanga a gcuirfidh an plan seo tús leofa.

D'fhág naonúr an cheist seo ar lár, agus dúirt tuairim 1% (21 duine) gur tógadh le teanga eile ar fad iad – an Ghearmáinis an freagra ba choitianta a tugadh (sé fhreagra).

5.3.5 Cumas sa Ghaeilge agus mianta chun é a fheabhsú

Cuir tic sa bhosca is fearr a dhéanann cur síos ar do chumas Gaeilge anois

Answered: 1,636 Skipped: 16



Figiúr 5.3.8 Cumas Gaeilge an tsampla

Dúirt 17.5% de na freagróirí go bhfuil Gaeilge líofa acu. Tá Gaeilge mheasartha ag 28%. Siocair gur féintuairisciú atá i gceist leis seo, áfach, bheifí ag súil le méid áirithe áibhéile in sna freagraí seo. Mar sin féin, is léir go bhfuil cumas Gaeilge réasúnta nó an-mhaith ag céatadán ard go leor den phobal.

Is cúis bhuartha í áfach gur dhúirt 40% nach bhfuil acu ach beagán Gaeilge agus deir 16% nach bhfuil "Gaeilge ar bith" acu. Tá an 16% sin an-ghar don 14% a dúirt nach as Poblacht na hÉireann iad agus mar sin ní iontas é nach mbeadh fiú Gaeilge na scoile ag na daoine seo.

Iarradh ceist ní ba dhoimhne fosta faoi chumas na ndaoine sna scileanna teanga éagsúla, agus bailíodh na freagraí seo a leanas:

	AN-MHAITH	MAITH	MEASARTHA MAITH	LAG	NÍL SEO AGAM	TOTAL
Labhairt Spoken	19.99% 327	16.75% 274	20.35% 333	28.42% 465	14.49% 237	1,636
Tuigbheáil/Tuiscint	23.29% 381	17.97% 294	25.37% 415	20.23% 331	13.14% 215	1,636
Léamh	17.54% 287	15.04% 246	23.23% 380	25.92% 424	18.28% 299	1,636
Scríobh	13.14% 215	13.69% 224	20.78% 340	31.54% 516	20.84% 341	1,636

Figiúr 5.3.9 Cumas i scileanna teanga éagsúla

Mar is léir, tá na freagraí seo gar go leor don mhéid a bheifí ag súil leis bunaithe ar na freagraí atá le feiceáil i bhfigiúr 5.3.8. Cé go maíonn 17% go bhfuil Gaeilge líofa acu, ní raibh ach 13% sásta a rá go bhfuil siad an-mhaith ag scríobh na teanga – ach tagann sé seo le patrún seanbhunaithe maidir le scríobh na Gaeilge agus leis an oideachas lán-Ghaeilge (Ní Mhianáin, 2003).

Nuair a fiafraíodh de dhaoine an mbeadh suim acu na scileanna éagsúla seo a fheabhsú fuarthas na freagraí seo:

	BA MHAITH	NÍOR MHAITH	NÍL FHIOS AGAM/NÍL TUAIRIM LÁIDIR AGAM	TOTAL
▼ Labhairt	54.34% 889	25.79% 422	19.87% 325	1,636
▼ Tuigbheáil	52.69% 862	25.86% 423	21.45% 351	1,636
▼ Léamh	44.32% 725	29.83% 488	25.86% 423	1,636
▼ Scríobh	43.09% 705	30.68% 502	26.22% 429	1,636

Figiúr 5.3.10 Mianta chun scileanna teanga a fheabhsú


Mar is léir tá suim ag méid suntasach den tsampla na scileanna teanga atá acu a fheabhsú – idir 40-50% d'achan chatagóir. Tá sé suntasach go bhfuil an tsuim is mó i scileanna labhartha – 54%. Cé go bhfuil na céatadáin do scileanna léitheoireachta (44%) agus do scríobh (43%) ard go leor fosta, is léir gur mó an t-éileamh atá ann do ranganna/bealaí le feabhas a chur ar chumas cumarsáide ó bhéal. Tagann na moltaí a dhéantar in rannóg 6.6 i dtaobh sholáthair seirbhísí oideachais Ghaeilge do dhaoine fásta leis an éileamh seo.

D'fhág 16 na trí cheist seo ar lár.

5.3.6 Cleachtas Teanga

Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge?

Answered: 1,628 Skipped: 24



ANSWER CHOICES	RESPONSES
▼ Go Laethúil	20.02% 326
▼ Ar bhonn seachtainiúil	9.64% 157
▼ Minic go leor	9.64% 157
▼ Ní chomh minic sin	16.65% 271
▼ Go hannamh	18.61% 303
▼ Riamh	25.43% 414
TOTAL	1,628

Figiúr 5.3.11 Minicíocht úsáid na Gaeilge

Cé go bhfuil úsáid na Gaeilge níos laige in LPT na Rosann ná i roinnt codanna eile de Ghaeltacht Thír Chonaill, tá ábhar misnigh agus dóchais le feiceáil i bhfigiúr 5.3.11. Dúirt 20% de na daoine a líon an suirbhé seo go labhraíonn siad Gaeilge go laethúil agus 10% go seachtainiúil. Mar sin úsáideann beagnach an tríú cuid den phobal an Ghaeilge ar bhonn rialta go leor.

Dúirt 25%, áfach, nach n-úsáideann siad a riamh í agus 19% eile nach n-úsáideann siad an teanga ach go hannamh. Curtha le chéile sin 44% den tsampla a deir nach mbaineann siad mórán úsáide ar chor ar bith as an teanga.

Ní mór a bheith aireach leis an cheist seo, áfach: tá na figiúirí seo an-difriúil ón mhéid a tuairiscíodh i nDaonáireamh 2016. De réir an Phríomh-oifig Staidrimh ní raibh ach 274 duine sa LPT ar fad in 2016 a labhair Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais – 5.2%. Cé nach ionann an cheist a cuireadh sa Daonáireamh agus an cheist a cuireadh sa suirbhé seo – agus mar sin ní féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir na figiúirí seo – léiríonn sé seo go bhfuil neamhréir áirithe idir an dá shuirbhé seo. Ar ndóiche áirítear daoine a úsáideann an Ghaeilge go laethúil *taobh istigh* den chóras oideachais sa 20% a dúirt go mbaineann siad úsáid laethúil as an teanga sa suirbhé a rinne do LPTNR. Ach toisc go ndíríodh an taighde seo ar dhaoine os cionn 18 mbliana d'aois ní fhéadfadh ach céatadán beag go leor de na freagróirí úsáid laethúil a bhaint as an Ghaeilge sa chóras oideachais – mar atá múinteoirí, cúntóirí riachtanais speisialta, srl.

Tá seans ann gur spreag ábhar an cheistneora seo méid ní b'airde den phobal le rá gur cainteoirí laethúla Gaeilge iad, agus iad ag ceapadh go gcuideodh sé le próiseas na planála teanga dá mbeadh sé le feiceáil go bhfuil céatadán níos airde ná a bheifí ag súil leis de chainteoirí gníomhacha Gaeilge sa LPT. Thiocfadh leis a bheith amhlaidh fosta go raibh baint ag an chlaonadh aoise sa sampla (féach 5.3.3) leis an toradh seo, óir de ghnáth is mó an seans gur daoine níos sine a bheadh i gcainteoirí a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais.


Toisc nach bhfuil freagra nó míniú soiléir ar an neamhréir seo go dtí seo ní mór, ar ndóiche, a bheith cúramach leis na figiúirí a dtugtar i bhfigiúr 5.3.11.

D'fhág 24 an cheist seo ar lár.

5.3.7 Úsáid an Bhéarla i measc Gaeilgeoirí

Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Béarla le duine a bhfuil fhios agat Gaeilge a bheith ar a dtoil acu?

Answered: 1,628 Skipped: 24



Figiúr 5.3.12 Úsáid an Bhéarla i measc Gaeilgeoirí


Tugann an cheist a bhfuil a torthaí le feiceáil i bhfigiúr 5.3.12 aghaidh ar nós atá le feiceáil ar fud na Gaeltachta – daoine a bhfuil Gaeilge acu a bheith ag Béarlóireacht lena chéile. Is cúis bhuairte í go n-admhaíonn 44% den tsampla go labhraíonn siad Béarla ar bhonn laethúil le duine cé go bhfuil fios acu go bhfuil Gaeilge ar a dtoil ag an duine sin. Nuair a chuirtear an 10% a dhéanann seo ar bhonn seachtainiúil leis seo, sáraíonn an céatadán seo 50%. Ar ndóiche, áfach, tá daoine áirithe sa sampla seo a labhraíonn Béarla le Gaeilgeoir toisc nach bhfuil Gaeilge acu féin – den 16% a thug “fáth eile” shonraigh formhór mór acu sin gur toisc nach bhfuil an teanga acu féin go labhraíonn siad Béarla le Gaeilgeoirí (féach íomha 5.3.13 thíos).

Dúirt an cúigiú cuid de na freagróirí gur “cleachtadh, faisean nó nós” atá ann agus mhaigh 16% acu go dtarlaíonn seo siocair gur chuir siad aithne ar a chéile trí Bhéarla i dtús ama. Tá ceist an mhisnigh níos ábhartha fós, áfach: de réir 35% den dream a d’fhreagair an cheist seo is easpa muiníne atá ag cur bac orthu an Ghaeilge a labhairt. Gan aon dabht tá nasc láidir idir muinín agus cumas, agus nuair a chuimhnítear siar ar na céatadáin a dúirt nach raibh ach cumas lag go leor acu sa teanga (féach figiúr 5.3.9) feictear go raibh a gcéatadán siúd gar go leor den 35% seo a deir gur easpa misnigh a stopann iad ag úsáid na Gaeilge le cainteoirí líofa Gaeilge.

24 duine a d’fhág an dá cheist seo ar lár.

Cad chuige a labhraíonn tú Béarla le duine má tá Gaeilge ag an bheirt agaibh?

Answered: 1,628 Skipped: 24



ANSWER CHOICES	RESPONSES	
▼ Chuir muid aithne ar a chéile i mBéarla	16.28%	265
▼ Cleachtadh, faisean nó nós atá ann	21.07%	343
▼ Níl muinín acu Gaeilge a labhairt liom	11.06%	180
▼ Níl sé de mhisneach agam Gaeilge a labhairt leo	35.20%	573
▼ Eile (sonraigh le do thoil)	16.40%	267
TOTAL		1,628

Figiúr 5.3.13 Fáthanna le húsáid an Bhéarla i measc Gaeilgeoirí

5.3.8 Úsáid na Gaeilge in áiteacha éagsúla sa LPT

Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge sna háiteacha seo a leanas?

Answered: 1,626 Skipped: 26

	I GCÓNAÍ / BEAGNACH I GCÓNAÍ	GO MINIC	ANOIS IS ARÍS	GO HANNAMH	RIAMH	NÍ BHAINNEANN	TOTAL
▼ Sa bhaile	8.98% 146	12.30% 200	16.79% 273	16.24% 264	39.85% 648	5.84% 95	1,626
▼ Sa chóras oideachais	5.23% 85	8.06% 131	8.00% 130	8.86% 144	31.24% 508	38.62% 628	1,626
▼ Ar an láthair oibre	4.92% 80	7.75% 126	11.75% 191	12.55% 204	40.77% 663	22.26% 362	1,626
▼ Sa chomharsanacht	1.91% 31	6.27% 102	14.39% 234	18.33% 298	49.26% 801	9.84% 160	1,626
▼ Le cairde	3.75% 61	8.55% 139	12.61% 205	17.40% 283	49.32% 802	8.36% 136	1,626
▼ Sna siopaí / gnóthaí	4.49% 73	8.92% 145	14.64% 238	17.10% 278	48.83% 794	6.03% 98	1,626
▼ Go sóisialta (club óige, tábhairne, CLG, srl.)	4.37% 71	7.63% 124	9.29% 151	12.55% 204	49.94% 812	16.24% 264	1,626
▼ Seirbhísí áitiúla (comharchumainn, srl.)	2.89% 47	6.52% 106	11.25% 183	15.31% 249	55.04% 895	8.98% 146	1,626
▼ Seirbhísí Sláinte (dochtúirí, oibrithe sláinte) Health Services	2.46% 40	4.43% 72	7.56% 123	13.84% 225	63.16% 1,027	8.55% 139	1,626
▼ Seirbhísí Eaglasta	3.32% 54	7.07% 115	13.35% 217	16.30% 265	50.25% 817	9.72% 158	1,626
▼ Ag plé leis an Stát	0.80% 13	3.51% 57	7.26% 118	12.79% 208	64.45% 1,048	11.19% 182	1,626

Figiúr 5.3.14 Úsáid na Gaeilge in áiteacha éagsúla

Iarradh ar dhaoine cé chomh minic is a úsáideann siad an Ghaeilge in áiteacha éagsula sa limistéar – léiríonn figiúr 5.3.14 torthaí na ceiste seo.

Mar is léir, tá an Ghaeilge faoi bhrú mar theanga teaghlaigh sa LPT seo – níor dhúirt ach 9% gurb í an Ghaeilge a labhraíonn siad i gcónaí nó beagnach i gcónaí sa bhaile. Deir 12% áfach go n-úsáideann siad í “go minic” sa bhaile – mar sin cé gur mionlach é, tá breis is 20% a úsáideann roinnt mhaith Gaeilge sa bhaile fós. Ar an láimh eile, áfach, dúirt 46% nach n-úsáideann siad í ach go hannamh, nó nach n-úsáideann siad í riamh sa bhaile.

Mar a bheifí ag súil leis i gceist atá dírithe ar dhaoine fásta, ba é “ní bhaineann seo liom” an freagra ba mhó don cheist faoi úsáid na Gaeilge sa láthair oideachais, ach dúirt 5% go n-úsáideann siad í ansin i gcónaí, agus bhí 8% ann a d'fhreagair “go minic” don cheist seo. Meastar go bhfreagraíonn na figiúirí seo do líon na múinteoirí agus daoine eile atá fostaithe in earnáil an oideachais.

Is fíorbheag an méid Gaeilge a úsáidtear sa láthair oibre ar an drochuair – níor dhúirt ach 13% go n-úsáideann siad í i gcónaí nó go minic agus iad ag obair – i gcomórtas le 41% a dúirt nach n-úsáideann siad riamh í.

I bhfianaise chomh imeallaithe is atá an teanga sa phobal anois ní haon iontas é nár dhúirt ach 2% den phobal gur Gaeilge a labhraíonn siad i gcónaí nó beagnach i gcónaí sa chomharsanacht. Ní tuar dóchais é ach an oiread nár dhúirt ach 6% go labhraíonn siad “go minic” í sa chomharsanacht. Bhí méid an-ard a dúirt nach n-úsáideann siad an Ghaeilge riamh sa chomharsanacht agus dúirt beagnach 20% gur annamh a tharlaíonn seo – figiúr duairc eile.

Mar a bheifí ag súil leis, is dóiche, leantar leis an phatrún seo d'fhreagraí do na ceisteanna eile faoi shiopaí, thithe tabhairne, sheirbhísí eaglasta, sláinte srl. – dúirt idir 48-55% nach n-úsáideann siad an Ghaeilge riamh sna háiteacha seo. Níor dhúirt ní ba mhó ná 9% go n-úsáideann siad an teanga go minic in aon cheann acu seo, agus ba mhinice an figiúr níos giorra do 6%.

Is ábhar suntais é gurb é “ag plé leis an stát” an rogha a fuair an méid ab airde de dhaoine a dúirt nach n-úsáideann siad Gaeilge a riamh sa réimse sin. Leis an oiread sin seirbhísí stáit lonnaithe ar an Chlochán Liath agus le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i bhfeidhm le breis is 15 bliana, tá sé thar a bheith trioblóideach nach bhfuil iarracht níos mó déanta ag na seirbhísí stáit sin chun freastal ar dhaoine trí Ghaeilge, mar is dualgas daofa faoin Acht. Déanfar moltaí i leith shárú na trioblóide seo in 6.8.1.

5.3.9 Dearcthaí agus mianta an phobail i leith na Gaeilge

Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn mar a mhothaíonn tú faoi na ráitis seo a leanas

Answered: 1,606 Skipped: 46

	AONTAÍM GO MÓR	AONTAÍM	NÍL FHIOS AGAM	EASAONTAÍM	EASAONTAÍM GO MÓR	TOTAL
Is fearr liom a bheith ag labhairt Béarla ná Gaeilge	21.98% 353	33.31% 535	21.17% 340	19.05% 306	4.48% 72	1,606
Tá sé tábhachtach go mairfidh an Ghaeilge sa Gaeltacht	62.95% 1,011	26.09% 419	8.84% 142	1.49% 24	0.62% 10	1,606
Tá mé sásta feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge	27.52% 442	31.20% 501	25.03% 402	12.20% 196	4.05% 65	1,606
Tá buntáistí faoi leith ag an cheantar seo mar gheall gur Gaeltacht é	29.39% 472	35.62% 572	25.97% 417	6.54% 105	2.49% 40	1,606
Níl an Ghaeilge fóirsteanach don tsaoil nua-aimseartha	2.37% 38	6.35% 102	22.91% 368	37.48% 602	30.88% 496	1,606
Ba choir do na gnólachtaí áitiúla daoine a bhfuil Gaeilge acu a fhostú	16.31% 262	35.12% 564	30.20% 485	14.69% 236	3.67% 59	1,606

Figiúr 5.3.15 Dearcthaí i leith na Gaeilge (1)

Léirítear i bhfigiúirí 5.3.15 agus 5.3.16 na freagraí a tugadh ar shraith ráiteas faoin Ghaeilge. Iarradh ar rannpháirtithe cé chomh mór is a d'aontaigh nó a d'easaontaigh siad leis na ráitis sin agus, mar is léir, ar an iomlán tá an chuma ar an scéal go bhfuil pobal an LPT an-tacúil don teanga agus do stádas Gaeltachta na háite.

Is díol suntais é gur mhaigh breis is 50% gur aontaigh nó gur aontaigh siad go láidir leis an ráiteas "is fearr liom Gaeilge a labhairt ná Béarla" agus níor easaontaigh ach 23%.

Aithnítear go bhfuil sé tábhachtach go mairfidh an Ghaeilge sa Gaeltacht agus tuigtear go bhfuil buntáistí faoi leith ag LPTNR de thairbhe a stádas Gaeltachta.

Tá líon ard daoine sásta feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge (59%) – níor dhúirt ach 16% nach raibh. Déantar moltaí faoi seo i rannóg 6.6.

Síleann níos mó ná leath na bhfreagróirí gur chóir daoine le Gaeilge a fhostú i ngnólachtaí áitiúla (51%), ach tá céatadán ard go leor eile nach bhfuil cinnte faoi seo (30%). Ar ndóiche le feachtas feasachta cuí d'fhéadfaí a chur in iúl do roinnt mhaith den 30% sin gur rud dearfach a bheadh ann dá mbeadh tuilleadh Gaeilgeoirí fostaithe ag na gnólachtaí áitiúla. Déantar moltaí i leith úsáid na Gaeilge san earnáil phríobhaideach áitiúil in rannóg 6.7.

Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn mar a mhothaíonn tú faoi na ráitis seo a leanas

Answered: 1,606 Skipped: 46

	AONTAÍM GO MÓR	AONTAÍM	NÍL FHIOS AGAM	EASAONTAÍM	EASAONTAÍM GO MÓR	TOTAL
▼ Labhraím Gaeilge chomh minic agus a thig liom	16.94% 272	25.40% 408	15.50% 249	30.88% 496	11.27% 181	1,606
▼ Amannaí mothaím go mbíonn brú orm Béarla a labhairt	4.36% 70	12.76% 205	19.74% 317	37.73% 606	25.40% 408	1,606
▼ Ba mhaith liom dá mbeadh ní ba mhó seansanna agam Gaeilge a úsáid	20.67% 332	38.23% 614	26.40% 424	10.46% 168	4.23% 68	1,606
▼ Amannaí mothaím go mbíonn brú orm Gaeilge a labhairt	2.18% 35	11.64% 187	18.62% 299	44.15% 709	23.41% 376	1,606
▼ Tá mé sásta oibriú leis an phobal leis an Ghaeilge a neartú	19.74% 317	29.95% 481	32.13% 516	12.45% 200	5.73% 92	1,606

Figiúr 5.3. 15 Dearcthaí i leith na Gaeilge (2)

Mhaigh tuairim is 42% go labhraíonn siad Gaeilge chomh minic is a dtig leofa ach bhí céatadán ard – 59% – den tuairim go mbeadh sé go maith dá mbeadh ní ba mhó deiseanna ann chun an teanga a úsáid. Níor shíl ach méid beag nár chóir go mbeadh ní ba mhó deiseanna ann, ach is fiú a thabhairt faoi deara gur admhaigh 42% nach n-úsáideann siad an teanga chomh minic agus a d'fhéadfaidís. Tá seans maith ann go bhfreagraíonn an figiúr sin do na daoine a dúirt go labhraíonn siad Béarla le duine cé go bhfuil a fhios acu go bhfuil Gaeilge ar a dtail ag an duine sin (féach figiúr 5.3.12).

Ní mhothaíonn ach céatadán íseal go leor – 17% – go mbíonn siad faoi bhrú amantaí chun Béarla a labhairt. Is rud maith nach mbeadh brú mar sin ann, ar ndóiche, ach tá seans maith ann gur léiriú é seo ar an laghad Gaeilge a úsáideann go leor den phobal níos mó ná ar rud ar bith eile fá dhinimicí teanga an LPT. Ar an láimh eile, níor shíl mórán go mbíonn brú orthu Gaeilge a labhairt – d'easaontaigh 44% leis seo agus d'easaontaigh 24% go láidir leis.

Is rud thar a bheith dearfach é gur dhúirt beagnach 50% go bhfuil siad “sásta oibriú leis an phobal leis an Ghaeilge a neartú” – ní raibh ach 18% ina aghaidh seo, agus ní raibh an tríú cuid cinnte. Ní hiontas é an leibhéal éiginnteachta sin ar bhealach, nuair nach bhfuil daoine cinnte go fóill cén cineál oibre a bheadh i gceist leis seo. Meastar gur féidir sciar mhaith den trian éiginnte sin a mhealladh in am tráth nuair a fheiceann siad an plean seo i bhfeidhm, áfach.


Ar an iomlán, mar sin, is léir go bhfuil bá ag pobal LPTNR leis an Ghaeilge agus go bhfuil siad i bhfách lena cur chun cinn sa cheantar. Tagann sé seo le go leor taighde eile a rinneadh ar dhearcthaí i leith na Gaeilge (mar shampla Mac Gréil agus Rhatigan, 2009; Conradh na Gaeilge, 2015) agus tugann sé bunús dearfach don phlean seo ar féidir tógáil air sna blianta atá romhainn.

D'fhág 46 na ceisteanna seo fá dhearcthaí agus mianta ar lár.

5.3.10 Úsáid na Gaeilge mar theanga teaghlaigh

Más tuismitheoir thú, caidé teanga cumarsáide an teaghlaigh?

Answered: 1,606 Skipped: 46



ANSWER CHOICES	RESPONSES	
▼ Gaeilge amháin	3.51%	39
▼ Níos mó Gaeilge ná Béarla	9.35%	104
▼ Níos mó Béarla ná Gaeilge	42.90%	477
▼ Béarla Amháin	42.99%	478
▼ Teanga Eile (sonraigh le do thoil)	Responses 1.26%	14
TOTAL		1,112

Figiúr 5.3.16 An úsáid a bhaineann tuismitheoirí as an nGaeilge mar theanga teaghlaigh

Dhírigh ceist a hocht déag den tsuirbhé ar thuismitheoirí/chaomhnóirí go speisialta chun léargas a fháil ar úsáid na Gaeilge mar theanga teaghlaigh. Dúirt 30% (494

freagra) nár bhain an cheist seo leofa agus cuirtear na daoine sin as an áireamh sna staitisticí a thugtar anseo.

Is léiriú an-soiléir ar laigeacht na Gaeilge sa LPT é an céatadán fíoríseal d'fhreagróirí a dúirt gur Gaeilge amháin a úsáidtear fá choinne cumarsáide sa teaghlach – 3.5%. Ina dhiaidh sin féin, áfach, mhaigh 9% gur mó Gaeilge ná Béarla a úsáidtear agus gan dabht tá tacaíocht tuillte ag an 12.5% seo a úsáideann an Ghaeilge go rialta sa bhaile.

Deir 43% gur mó Béarla ná Gaeilge a úsáideann siad, rud a thugann le fios go n-úsáidtear ar a laghad *roinnt* Gaeilge mar theanga teaghlaigh i measc céatadán suntasach den tsampla seo. Déanfaidh an plean seo iarracht méid na Gaeilge a úsáideann teaghlaigh den tsórt seo a mhéadú.


Léiriú lom eile ar urlámhas an Bhéarla in LPTNR é an 43% a deir gur Béarla amháin a úsáidtear mar mhodh cumarsáide ina dteaghlaigh.

Shonraigh céatadán an-íseal de dhaoine – tuairim 1% – go n-úsáideann siad teanga eile ar fad sa bhaile. Mórtheangacha de chuid na hEorpa ba mhó a luadh anseo. Luaigh cúpla duine freisin sa bhosca fá choinne tuilleadh sonraí gur Béarla a úsáidtear ina dteaghlach siocair nach bhfuil aon Ghaeilge ag tuismitheoir amháin – pléitear seo níos mine agus déantar moltaí chun dul i ngleic leis an tuiscint/nós seo i rannóga 6.4.2 agus 6.4.3. Pléitear tacaíochtaí teanga do theaghlaigh go ginearálta i rannóg 6.4.

Feictear i bhfigiúr 5.3.17 na fáthanna éagsúla a tugadh mar mhíniú ar an chinneadh a rinne tuismitheoirí/caomhnóirí faoi nósmaireacht teanga a dteaghlach, bíodh an cinneadh sin comhfhiósach nó neamh-chomhfhiósach. Mar a bheifí ag súil leis i bhfianaise taighde sochtheangeolaíochta eile (e.g. Evas, 2017), thuairiscigh beagnach dhá thrían de na tuismitheoirí go ndearna siad an rud a bhí “nádúrtha” daofa, gan mórán smaointeoireachta. Mar gheall ar chúrsaí oideachais a rinne 10% a gcinneadh. Bhí ráta freagartha an-íseal ag an chuid ba mhó de na roghanna eile a tugadh leis an cheist seo. Thug 8% fáth eile, áfach – as na freagraí bailí a sonraíodh ba é tuismitheoir/caomhnóir amháin a bheith gan Ghaeilge an ceann ba choitianta.

Caidé na fáthanna a ndearnadh an cinneadh sin?

Answered: 1,594 Skipped: 58




Figiúr 5.3.17 Fáthanna le nósmaireacht teanga an teaghlaigh

5.3.11 Tumoideachas Gaeilge sa mheánscoil

Más tuismitheoir thú le páiste nó páistí sa naíonra/sa bhunscoil an bhfuil sé i gceist agat tumoideachas Gaeilge a roghnú sa mheánscoil?

Answered: 1,567 Skipped: 85



Figiúr 5.3.18 Tuismitheoirí le páistí óga atá ag iarraidh Gaeloideachas meánscoile dá bpáistí


Fiafraíodh de dhaoine a bhfuil páiste nó páistí acu i naíonra nó sa bhunscoil ar mhaith leofa Gaeloideachas a roghnú dá bpáistí ag leibhéal na meánscoile. Dúirt 62% (973 freagra) nár bhain an cheist seo leofa agus cuirtear na daoine sin as an áireamh sna staitisticí a tugtar anseo. Dúirt 28% nár smaointigh siad ar an cheist sin go fóill. Tá sé suntasach gur dhúirt 42% go bhfuil sé i gceist acu Gaeloideachas a roghnú. Is ag múineadh trí Bhéarla den chuid is mó atá an t-aon mheánscoil sa LPT seo, Pobalscoil na Rosann ar an Chlochán Liath, ach téann cuid de na déagóirí sa LPT chuig Gairmscoil Mhic Diarmada, an mheánscoil lán-Ghaeilge in Árann Mhór, nó chuig Pobalscoil Ghaoth Dobhair chun oideachas trí mheán na Gaeilge a fháil.

Léiríonn an sciar suntasach de na tuismitheoirí/caomhnóirí a dúirt go bhfuil sé ar intinn acu Gaeloideachas meánscoile a roghnú dá bpáistí go bhfuil éileamh mór air seo in LPTNR agus moltar dá bharr go ndéanfaí soláthar ina leith seo – féach 6.3.4 fá choinne moltaí ar an ábhar seo.

Iarradh ansin ar thuismitheoirí/chaomhnóirí an fáth a bhí lena gcinneadh a thabhairt – feictear toradh na ceiste seo i bhfigiúr 5.3.19. Dúirt 68% de na freagróirí nár bhain seo leofa agus fágtar ar lár iad san anailís seo.

Caidé na fáthanna a ndearna tú an cinneadh sin?

Answered: 1,568 Skipped: 84



ANSWER CHOICES	RESPONSES	
▼ Cúiseanna Oideachais	44.02%	221
▼ Creidimh Eacnamaíochta	3.98%	20
▼ Cúiseanna Sóisialta	5.38%	27
▼ Creidimh Teanga	9.76%	49
▼ Ba mhaith liom ach níl muinín sa Ghaeilge ag mo pháistí	26.10%	131
▼ Cúis Eile (sonraigh le do thoil)	Responses 10.76%	54
TOTAL		502

Figiúr 5.3.19 Fáthanna leis an chinneadh i dtaobh oideachais meánleibhéil

Is údar díomá é gur dhúirt 26% de thuismitheoirí/chaomhnóirí gur mhaith leofa a bpáistí a chur chuig Gaelcholáiste ach nach bhfuil muinín go leor ag a bpáistí as a gcumas sa teanga. Ar ndóiche ba mhór an cúnamh é chun an fhadhb seo a réiteach dá mbeadh ní ba mhó de na bunscoileanna agus naíonraí sa LPT ag múineadh trí Ghaeilge – pléitear na bearta a bhaineann le hearnáil an oideachais i rannóg 6.3.

As na cúiseanna eile a sonraíodh ba é an rud ba choitianta a dúradh ná nach bhfuil scoil áitiúil ann a mhúineann trí Ghaeilge.

Chomh maith leis na daoine a dúirt nár bhain na ceisteanna seo leofa, d'fhág 85 agus 84 duine iad ar lár ar fad.

5.3.12 Úsáid na Gaeilge i gclubanna/grúpaí sóisialta – tacaíochtaí atá ag teastáil

Cuireadh an cheist seo a leanas ar dhaoine *“más ball thú de chlub/chumann/ghrúpa sóisialta sa cheantar, cad iad na tacaíochtaí teanga atá de dhíth uaibh chun níos mó Gaeilge a chur chun cinn sna himeachtaí, sna cruinnithe 7rl?”* agus tugadh cead daofa a dtuairimí a scríobh isteach ar an cheistneoir.

Fuarthas 75 freagra bailí ar an cheist seo. In sna freagraí seo, ba é an t-éileamh ar ranganna an rud ba mhó a tháinig chun cinn – luaigh 19 duine é seo (féach moladh 6.6.1).

Dúirt 11 duine go dteastaíonn cúntóir teanga ina gclub/cumann – duine a bheadh in ann cuidiú le daoine agus iad ag triail le Gaeilge a úsáid (féach 6.10.2)

De réir cúigir tá gá le níos mó béime a bheith ar an Ghaeilge sa scoil nó go mbeadh ar chumas na mball an teanga a úsáid.

Bhí cúigear eile den tuairim go bhfuil gá le níos mó comharthaí sráide/tráchtála as Gaeilge sa limistéar, agus luaigh roinnt acu sin an gá le seirbhís aistriúcháin a bheith ar fáil chun cuidiú le grúpaí comharthaí a aistriú go cruinn. Bhí duine eile ag iarraidh go mbeadh cúnamh ar fáil chun póstaí/ábhar poiblíochta a aistriú. Moltar go mbunófaí seirbhís aistriúcháin mar chuid de chur i bhfeidhm an phlean seo i rannóg 6.7.1.

Cheap seisear gur chóir go mbeadh deontais faoi leith ar fáil do chlubanna a eagraíonn ócáidí trí Ghaeilge.

Luadh an CLG go minic, le go leor daoine den tuairim gur chóir daofa ranganna Gaeilge ar chur fáil ina gclubanna agus/nó go dtarlódh an traenáil trí Ghaeilge (féach beart 6.10.1)

Bhí ceathrar den tuairim gur chóir go mbeadh fógraí ó bhéal ag ócáidí poiblí trí Ghaeilge chomh maith le Béarla.

5.3.13 Smaointe eile

Ag deireadh an cheistneora cuireadh ceist oscailte ar dhaoine – *“Caidé na moltaí atá agat don Ghaeilge i limistéar na Rosann? Cad is féidir a dhéanamh chun mhéadú labhairt na Gaeilge a spreagadh sa cheantar? Cuir do thuairimí, do mhianta agus do mholtaí in iúl dúinn le do thoil, dearfach ná diúltach”*.

Thapaigh 778 duine an deis chun a dtuairimí a nochtadh anseo agus chomh maith le go leor, leor tráchtanna ag tabhairt tacaíochta don phróiseas go ginearálta,

fuarthas neart moltaí maithe a úsáideadh nuair a bhí na bearta atá le feiceáil i gcaibidil a sé á leagan amach.

Ba iad cúrsaí oideachais an rud ba mhó a luadh, gan aon dabht. Faoin scáth leathan sin ba iad ranganna do dhaoine fásta an rud ba mhó a éilíodh. Dúirt roinnt mhaith daoine gur chóir go mbeadh maoiniú oifigiúil á fháil do na ranganna seo le cinntiú nach mbeadh costas ard orthu agus gur chóir iad a reáchtáil in áiteacha difriúla ar fud an LPT. Moltar seo i mbeart 6.6.1. Bhí cúpla duine den tuairim gur chóir go mbeadh cúrsaí samhraidh do dhaoine fásta ar siúl ar feadh seachtaine nó coicíse sa LPT freisin.

Tháinig ceist na scoileanna chun solais go mion minic freisin. Mhaigh 113 de na freagróirí gur chóir go mbeadh ní ba mhó béime ar an teanga sa scoileanna, le formhór acu sin i bhfách leis an tumoideachas lán-Ghaeilge. Bhí roinnt mhaith daoine nár luaigh an tumoideachas ach a shíl mar sin féin gur chóir feabhas a chur ar an siollabas Gaeilge sna scoileanna chun an bhéim a chur ar an teanga labhartha agus muintín i labhairt na Gaeilge a thabhairt don chéad ghlúin eile. Bhí an tuairim seo coitianta i measc achan aoisghrúpa. Léiríonn an “taighde gníomhach” a rinneadh mar chuid d’ullmhúchán an phlean seo cuid de na féidearthachtaí atá ann ina leith seo – tá tuairisc ar an taighde sin le feiceáil in 5.5. Déantar moltaí fá earnáil an oideachais i rannóg 6.3.

Maíodh chomh maith go bhfuil gá le húsáid na Gaeilge i siopaí agus gnólachtaí sa LPT a mhéadú agus tugadh roinnt smaointe maithe fá na bealaí éagsúla ina bhféadfaí seo a dhéanamh – comharthaí a bheith ar dhoirse ag rá “labhraítear Gaeilge anseo”, seirbhís aistriúcháin a bheith ar fáil chun cuidiú le comhlachtaí a gcomharthaíocht a dhéanamh go dátheangach, srl. Dúirt roinnt daoine gur chóir go mbeadh an “tairiscint ghníomhach” i bhfeidhm – .i. go mbeannódh freastalaithe/lucht oibre in oifigí, siopaí srl. do chustaiméirí trí Ghaeilge agus Béarla mar aon ionas go mbeadh an rogha ag daoine cén teanga ar mhaith leofa a úsáid ansin (féach 6.7.3). Luaigh cúpla duine gur chóir aithris a dhéanamh sa LPT seo ar scéim atá á reáchtáil in Árainn Mhór a thugann lascaine 10% do pháistí agus do dhéagóirí a ordáionn bia trí Ghaeilge i siopaí nó bialanna. Déantar moltaí i leith na hearnála tráchtála i rannóg 6.7.

Bhí 32 duine den tuairim gur chóir go mbeadh ócáidí sóisialta faoi leith ar siúl trí mheán na Gaeilge ar bhonn rialta sa LPT. Mar shamplaí anseo luadh oícheanta airneála le ceol, scéalaíocht agus amhránaíocht, tráth na gceist, biongó, ceolchoirmeacha agus ócáidí le filí agus scríbhneoirí ina léifeadh siad amach a gcuid scríbhneoireachta. Pléitear imeachtaí den chineál seo i rannóg 6.6.2.

Moltaí fiúntacha a bhí i gcuid mhór de na freagraí a tugadh ar an gceist seo – agus ar na ceisteanna eile fosta – agus tá CPTNR an-bhuíoch d’achan duine a thóg am chun an ceistneoir seo a fhreagairt agus a dtuairimí a roinnt linn. Bunaítear na moltaí a dhéantar sa phlean seo ar mhianta an phobail mar a léiríodh iad sa suirbhé seo agus sa taighde eile a rinne CPTNR.

5.4 Na Grúpaí Fócais

Mar a léadh i rannóg 4.3.2, don tionscadail taighde seo úsáideadh modhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla, de réir mar a mholtar sna heolaíochtaí sóisialta agus sa pholasaí agus phleanáil teanga sa lá atá inniu ann (Creswell, 2013; Hult agus Johnson, 2015). Eagraíodh sraith grúpaí fócais i mí Mhárta agus Mheán Fómhair 2018 chun tacú leis an tuiscint a fuair muid ó na ceistneoirí agus chun cíoradh níos doimhne a dhéanamh ar chuid de na téamaí a nochtadh iontu.

Ní hamháin gur thug na grúpaí fócais deis dúinn tuilleadh a fháil amach faoi thuairimí an phobail i leith na teanga, ach chuidigh an phoibíocht a rinneadh orthu leis an phleanáil teanga a choinneáil i mbéal an phobail le linn ullmhú an phlean.

Bhí an chéad sraith de ghrúpaí fócais i mí Mhárta roinnte de réir spriocghrúpaí agus ag an cheann i mí Mheán Fómhair tugadh cuireadh don phobal trí chéile.



GRÚPA FÓCAIS
faoi phleanáil teanga

language planning
FOCUS GROUP

An bhfuil tuairim agat faoi chur chun cinn na Gaeilge sna Rosa? Má tá, seo do dheis le í a chur in iúl ag an ghrúpa fócais seo!

Got an opinion about the promotion of Irish in the Rosses? If so, here is your chance to express it in our focus group!

Dé Céadaoin 26 Meán Fómhair
Wednesday 26 September
Ionad an Mhachaire 18.00-19.00

PLEANÁIL TEANGA = STÁDAS GAELTACHTA
LANGUAGE PLAN = GAELTACHT STATUS

Tuilleadh eolais/Further information:
www.pleanailteanganarossann.com
074 9522198

f t

Íomha 5.4.1 An póstaer poiblíochta do cheann de na grúpaí fócais

5.4.1 Tuismitheoirí

Labhair an CPT le tuismitheoirí páistí óga atá ag freastal ar naíonra áitiúil.

I measc na moltaí ba thábhachtaí a bhí ag na tuismitheoirí seo bhí an t-éileamh go mbeadh duine fostaithe sa cheantar chun dul go dtí na naíonraí atá ag teagasc trí Bhéarla lá gach seachtain chun amhránaíocht/scéalaíocht/imeachtaí eile a dhéanamh leis na páistí trí Ghaeilge. D'fhéadfaí seo a reáchtáil faoi bheart 6.4.6, ach aontú a fháil ó stiúrthóirí na naíonraí.

Bhí go leor daoine ag iarraidh go mbeadh fáil éasca acu ar ábhar oideachasúil Gaeilge – póstaer, leabhair, lipéid/greamáin Ghaeilge a d'fhéadfaí a chur ar ábhar an tí, srl. – moltar é seo i mbeart 6.4.1.

Shíl roinnt mhaith fosta go mbeadh sé go maith dá mbeadh ranganna ceoil nó damhsa ar fáil do thachráin trí Ghaeilge – dúradh go bhfuil a macasamhail ar fáil i Limistéar Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt ó thuaidh.

Bhí éileamh chomh maith ar ranganna Gaeilge do thuismitheoirí, ach cúram leanaí a bheith ar fáil ag an am céanna leofa. Dúirt roinnt daoine gurbh fhearr iad seo a bheith ar siúl ar maidin ná um tráthnóna (féach 6.6.1).

Bhí roinnt mhaith tuismitheoirí ag iarraidh go mbeadh campaí samhraidh trí Ghaeilge ar fáil go háitiúil, ar an dóigh chéanna is atá campaí saoir, CLG, srl. D'fhéadfaí campaí ealaíne/ceoil/srl. a reáchtáil ach é a dhéanamh trí Ghaeilge. Dúradh go dtugann na campaí seo sos do na tuismitheoirí le linn shaoire an tsamhraidh agus mar sin go mbeadh éileamh mór ar a leithéid.

Mhol roinnt tuismitheoirí gur chóir go mbeadh duine ann a théann thart chuig tuismitheoirí úra no chuig na naíonraí mar a dhéanann an t-altra do leanaí chun tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi chúrsaí teanga agus na cineálacha acmhainní atá ar fáil daofa. Féachfaidh beart 6.4.1 le tacaíocht den chineál seo a chur ar fáil taobh istigh de na hacmhainní atá ar fáil don phlean seo.

Cé go raibh an grúpa fócais thar a bheith úsáideach, ba léir don CPT nach bhfuil mórán tuismitheoirí ar an eolas fá na moltaí a bhíonn ag saineolaithe ar na dóigheanna is fearr le hionchur dátheangach a mhéadú do pháistí. Bhí tuismitheoirí le Gaeilge líofa imníoch go mbeadh mearbhall ar a bpáiste/páistí dá labhródh siadsan Gaeilge lena bpáiste siocair nach bhfuil an teanga ag a c(h)éile, mar shampla. Cé go ndearna an CPT iarracht na miotais seo a cheartú ag an am, is léir go bhfuil gá le feachtas feasachta faoi na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas, fá straitéisí le páistí a thógáil go dátheangach agus rudaí ar nós OPOL ("one parent one language") srl. Pléitear seo i rannóga 6.4.2 agus 6.4.3.

5.4.2 Oibrithe naíonra

Dúirt cuid de na hoibrithe naíonra a labhair leis an CPT gur mhothaigh cuid acu faoi bhrú ó Údarás na Gaeltachta chun Gaeilge a fhoghlaim ach nach raibh an t-am acu leis sin a dhéanamh.

Dúradh gur chóir go mbeadh cead acu ranganna a dhéanamh mar chuid den tseachtain oibre, nó go mbeadh maidin shaor acu uair sa tseachtain le tabhairt faoi fhoghlaim na Gaeilge. Siocair go n-airíonn cuid de na háisitheoirí seo go bhfuil an iomarca le déanamh acu cheana chun naíonra a reáchtáil, dúirt siad nach raibh sé réalaíoch le bheith ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim chun líofachta mar bharr ar ghnáthchúraimí na hoibre. Ní mór a rá fosta nach raibh na daoine seo diúltach ar bhealach ar bith fán teanga agus go raibh siad ag iarraidh í a fhoghlaim, ach an t-am a bheith ar fáil daofa.

Dúradh freisin gur chóir go mbeadh lascaire ar fáil daofa chun cursaí cosúil le TEG ("Teastas Eorpach na Gaeilge") nó ranganna eile a dhéanamh (féach beart 6.6.1).

Dúradh go mbeadh sé ina chúnamh mór dá mbeadh seirbhís aistriúcháin ar fáil go háitiúil chun póstaí/lipéid/nótaí do thuismitheoirí a aistriú go cruinn, mar a mholtar i mbeart 6.7.1.

Bhí faitíos áirithe ann go dtugtar cúraimí naíonra do dhuine siocair go bhfuil Gaeilge líofa acu, ach gan traenáil agus oiliúint chuí sa luathoideachas a bheith acu chomh maith. Dúradh mar sin go bhfuil sé fíorthábhachtach gan caighdeán na seirbhíse a ísliú – gur chóir go mbeadh seirbhís naíonra trí Ghaeilge ar chomhchaighdeán le haon seirbhís trí Bhéarla.

Mhol bean amháin go mbeadh ábhar teagaisc – póstaí, greamáin, leabhair – tugtha do na naíonraí le go bhféadfadh siad féin iad a dháileadh ar thuismitheoirí achan bhliain – moltar seo mar bheart i rannóga 6.4.1 agus 6.4.5.

Maíodh freisin nach dtuigeann go leor de na tuismitheoirí sa LPT tábhacht na Gaeilge don LPT – bheifí ag súil go gcuideoidh bearta 6.4.1, 6.4.2 agus 6.4.3 leis seo a leigheas.

5.4.3 Múinteoirí

Bhí caint fhiúntach fosta ag an CPT le roinnt múinteoirí áitiúla, idir mhúinteoirí bunscoile agus mhúinteoirí meánscoile.

Cé gur tugadh cuireadh do mhúinteoirí in achan bhunscoil sa limistéar chuig grúpa fócais faoi leith, níor tháinig ach duine amháin acu. Bhí an duine sin ag obair i scoil atá ag cur an pholasaí oideachais Gaeltachta i bhfeidhm agus mar sin ní hionann na riachtanais a bhí aici agus na cinn a bheadh ag scoileanna Béarla.

Bá é an gá le cúntóirí teanga a fháil chun cuidiú le cur i bhfeidhm an pholasaí d'oideachais Gaeltachta an téama ba mhó a pléadh, agus é curtha in iúl go láidir nach féidir an polasaí sin a chur i bhfeidhm gan an tacaíocht sin. Is tuairim í sin atá curtha in iúl ag múinteoirí Gaeltachta ar fud na tíre, ar ndóiche. Pléitear seo i rannóg 6.3.1 agus 6.3.2.

Dúradh go bhféadfaí ranganna Gaeilge a chur ar siúl sna bunscoileanna um thráthnóna do thuismitheoirí a bhfuil a bpáistí ag fáil oideachais trí Ghaeilge.

Moladh an scéim "Gaelbhratach" go láidir agus dúradh gur gá é a leathnú amach agus gurb é an peaca é nach bhfuil siad in ann freastal ar an éileamh atá ann le páirt a ghlacadh sa scéim, ceal acmhainní a bheith ag Gael Linn.

Bhí na múinteoirí meánscoile go láidir den tuairim gur chóir go mbeadh comhoibriú ar bun idir an plean teanga atá ag Pobalscoil na Rosann agus an plean seo. Tá súil acu go mbeidh cuid den mhaoiniú a bheas ag an phlean seo ar fáil le cuidiú lena gcuid iarrachtaí féin ar son na teanga. Moltar seo i rannóg 6.3.2.

Dúradh go bhféadfaí áiseanna scoile a úsáid chun ranganna oíche a chur ar fáil trí Ghaeilge in ábhair dhifriúla – adhmaadóireacht, cócaireacht, srl. – rudaí iad seo a d'fhéadfadh club foghlaimeoirí Gaeilge a eagrú (féach 6.6.2).

5.4.4 Lucht gnó

Cosúil leis na stiúrthóirí naíonraí bhí na daoine atá ag plé le cúrsaí gnó agus trádala sa limistéar ag iarraidh go mbeadh seirbhís aistriúcháin ar fáil daofa go háitiúil. Chuideodh seirbhís den tsórt seo leofa chun comharthaíocht dhátheangach a chruthú agus chun biachláir, suíomhanna idirlín agus eile a chur ar fáil trí Ghaeilge (féach 6.7.1 agus 6.7.2).

Dúradh go bhfuil gá leis an ábhar turasóireachta atá ag Údarás na Gaeltachta faoi thurasóireacht sa Ghaeltacht a uasdátú.

Shíl roinnt daoine gur chóir béim a chur ar na codanna de Shlí an Atlantaigh Fhiáin atá sa Ghaeltacht mar cheantair faoi leith ina bhfuil luach agus oidhreacht chultúrtha nach bhfuil ar fáil taobh amuigh den Ghaeltacht.

Mhol duine amháin Óstán Pháirc Mhionlaigh ("Menlo Park Hotel") i nGaillimh mar shampla den chineál dátheangachais a d'fhéadfaí a chruthú i lóistín turasóireachta an limistéir.

Moladh go n-eagrófaí cúrsa/ranganna faoi leith sa limistéar ar "Gaeilge sa láthair oibre" a thabharfadh saintearmaíocht do dhaoine agus a chuideodh leofa an

"tairiscint ghníomhach" (ag beannú do dhaoine i nGaeilge agus i mBéarla) a chur ar fáil (bearta 6.7.3 agus 6.7.5).

Dúirt roinnt daoine go mbeadh sé go maith scéim a reáchtáil ina gcláraíonn gnóthaí áitiúla le rá go gcuirfidh siad lascaine ar fáil do dhaoine a dhéanann a ngnó trí Ghaeilge leofa.

Cosúil leis na tuismitheoirí/naíonraí, bhí siad ag iarraidh go mbeadh fáil éasca acu go háitiúil ar ábhar dátheangach a d'fhéadfaí a úsáid i ngnó ar bith – comharthaí "leithris", "íoc anseo", "bealach amach", srl. (moltar seo i 6.7.5).

Dúradh go mbeadh sé go maith pacáistí spraoi le scéalta, míreanna mearaí srl. do pháistí a bheith ar fáil do lóistín an cheantair le tabhairt amach do theaghlaigh a fhanann leofa.

Cé go raibh na rannpháirtithe sa ghrúpa seo an-bháúil don teanga, shíl siad ar fad nach dtuigeann lucht gnó go ginearálta luach na teanga agus gurbh fhiú feachtas a reáchtáil leis sin a chur in iúl daofa. D'fhéadfaí lucht gnó a úsáideann go leor Gaeilge comhairle a fháil ó Ghaillimh le Gaeilge, dúradh, chun cainteanna poiblí a thabhairt d'úinéirí gnó le buntáiste na Gaeilge a mhíniú (mar a mholann beart 6.7.5).

Dúradh go bhféadfaí féile faoi leith a reáchtáil a chuireann an bhéim ar an Ghaeilge. Tá go leor féilte eile ar fáil go háitiúil ach níl aon bhéim ar an teanga iontu, maíodh. D'fhéadfadh féile mar seo díriú ar phobal na Gaeilge ar fud na tíre agus iad a mhealladh chun an cheantair.

Moladh iarraidh ar Daniel O'Donnell físeán as Gaeilge a dhéanamh ag tacú leis an Ghaeilge sa cheantar/le hiarrachtaí an choiste pleanála teanga.

Dúirt duine amháin go bhféadfaí maoiniú a fháil ó chorporáid cosúil le Apple chun cuid de na hacmhainní teanga a mhaoiniú.

5.4.5 Lucht cumainn/spóirt

Bhí an tinreamh ag an ghrúpa fócais do lucht cumainn/spóirt íseal go maith, ach dúirt ionadaí ó CLG an Chlocháin Léith go bhfuil siad féin toilteanach iarracht níos mó a dhéanamh ó thaobh na Gaeilge de ag ócáidí dá gcuid.

Dúradh nach bhfuil Gaeilgeoirí go leor sa chlub le bheith in ann traenáil a reáchtáil trí Ghaeilge agus nach bhfuil fonn ar dhaoine a leithéid a dhéanamh – féach na moltaí i mbeart 6.10.1, áfach.

5.4.6 Pointí eile ag eascairt as na grúpaí fócais

Bhí pointe eile a tháinig aníos arís is arís eile le linn na ngrúpaí fócais seo maidir le tacaíocht do cheantair laga Ghaeltachta. Shíl go leor daoine gur chóir go bhfaigheadh na Rosa ní ba mhó tacaíochtaí/maoinithe ná a fhaigheann ceantair "láidre" cosúil le Limistéar Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt. Dúradh go rí-mhinic go bhfuil gá níos géire le hinfheistíocht a dhéanamh i gcur chun cinn na teanga in LPTNR siocair go bhfuil an teanga chomh lag sin sa cheantar. Creideadh fosta nach

raibh aon chall leis an oiread sin airgid a thabhairt do cheantair láidre agus nach bhfuil an teanga i mbaol sna háiteacha láidre sin.

Cé go léiríonn an taighde uile go bhfuil géarghá le tacaíochtaí pleanála teanga suntasacha fiú sna codanna is láidre den Ghaeltacht, táispeánann an dearcadh coitianta seo aríst an frustrachas atá ar dhaoine i dtaobh cúrsaí maoinithe don phleanáil teanga go ginearálta.

5.5 An Taighde gníomhach

Mar a mhínítear i rannóg 4.3.2.4 thuas, tugadh faoi thaighde gníomhach i mbunscoil amháin sa LPT – Scoil an Aingil Choimeádaí, An Céideadh. Sa scoilbhliain 2018/9 bhain siad triail as sraith ceardlanna trí Ghaeilge, le maoiniú ó CPTNR. Is é seo a leanas tuairisc a scríobh príomhoide na scoile sin, Máire Ní Chomhaill, ar rath na hoibre sin agus ar ar foghlaimíodh uaithe:

“Léirigh pobal Scoil an Aingil Choimeádaí, An Céideadh spéis i Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta sa scoil bhliain 2017/2018 agus glacadh leis sa Roinn Oideachais. Pleanáil a bhí i gceist sa chéad bhliain agus ansin le linn na scoilbhliana 2018/2019 thosaigh an fhoireann ag obair ar na spriocanna atá leagtha síos inár bPlean Gníomhaíochta.

Ceann de na spriocanna sin nó gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim a sholáthar trí Ghaeilge.

Siocair go raibh an curaclam tumoideachais seo nua don scoil bhí muid ag iarraidh cúpla rud úr a thriail go bhfeicfeadh cén rath a bheadh orthu agus le fáil amach arbh fhiú a leithéidí a mholadh do scoileanna eile sa LPT. Chuige seo chuaigh mé i dteangmháil le Scoil Cheoil na Crannóige agus bhí siadsan sásta beirt mhúinteoirí a chur ar fáil domh, is é sin múinteoir ceoil agus múinteoir drámaíochta. Ar ndóiche bhí costaisí i gceist leis seo.

Labhair mé le Ben Ó Ceallaigh agus coiste na pleanála teanga mar go raibh a fhios agam go raibh gráinnín airgid sa bhuiséad le haghaidh taighde a bhaineann le cúrsaí oideachais a dhéanamh sa limistéar faoina gcúram. Bhí an t-ádh orm suim airgid de luach €1,334 a fháil le hóc as na himeachtaí thuasluaite ar feadh deich seachtainí, faoi dhá uair sa tseachtain.

Bhí na daltaí scoile uilig, ó naíonáin go rang a sé gníomhach sna ranganna ceoil agus d'fhoghlaim siad amhráin traidisiúnta (m.sh. Báidín Feidhlimidh, Cailín Rua agus mar sin de) agus amhráin nua-aimseartha (mar shampla Anseo, Tóg Amach Mé, Amhráin na gCupán agus mar sin de) chomh maith le carúil na Nollag. Cheol siad cuid de na hamhráin agus carúil seo ag ionaid SuperValu, Aldi agus Banc na hÉireann ar an Chlochán Liath roimh an Nollaig agus ag Ceolchoirm na Nollag agus arís ag Lá Oscailte Randox roimh an Cháisc, a craoladh beo ar Raidió na Gaeltachta chomh maith. Bhain siad an-sult as na himeachtaí seo agus fuair siad buíochas agus moladh iontach. Ba léir fosta gur oibrigh an modh seo go hiontach chun ionchur teanga a chur ar fáil ar bhealach neamhfhoirmeálta. Toisc gur modh foghlama spraoiúil atá ann chuidigh sé go mór le cleachtas na Gaeilge a dhaingniú i measc na ndaltaí taobh amuigh den tseomra ranga.

Bhí na daltaí ó rang a trí go rang a sé gníomhach sna ranganna drámaíochta agus bhain siad taitneamh iontach astu, idir cluichí drámaíochta agus ag cumadh agus ag déanamh sceitsí beaga. Bhí siad ag cleachtadh dhá dhráma gairid "Siopadóireacht na Nollag" agus "Plúirín Sneachta" chomh maith. Ghlac siad páirt i gCoirm Gael Linn in Amharclann Ghaoth Dobhair i mí Mhárta le "Plúirín Sneachta". Ba rud mhór é seo agus bhain siad sult iontach as a bheith ag amharc ar na drámaí eile agus ag idirghníomhú leis an fhear grinn agus sa deireadh ag léiriú a ndráma fhéin. Deis iontach a bhí ann daofa a bheith ag sóisialú le daoine óga eile trí mheán na Gaeilge chomh maith. Cheangail muid isteach na hamhráin a d'fhoghlaim siad sna ranganna ceoil leis an dráma agus chuir múinteoir uirlísí ceoil foinn na hamhráin leis na ukuleles agus fliúiteanna chomh maith. Fuair siad moladh iontach ón lucht féachana agus ón mholtóir agus bronnadh dhá ghradam orthu. Bhí muid iontach bródúil astu agus bhí siad bródúil astu fhéin mar b'í seo an chéad uair daofa dul ar an ardán le dráma go hiomlán trí mheán na Gaeilge, agus go háirithe i gceantar fíor-Ghaeltachta agus bhí siad muiníneach sa chur i láthair agus blas deas le cloisteáil. Léirigh seo dúinn a éifeachtaí is a bhí na ceardlanna seo chun a gcumas teanga agus misneach a ardú.

Rud iontach eile a tharla ar an lá nó gur ghlac cuid mhór de na tuismitheoirí am breise ar shúil óna gcuid oibre le teacht leis an dráma a fheiceáil mar bhí sé ar siúl i rith am scoile. Scríobh na páistí uilig scéal faoin imeacht an lá arna mhárach agus bhí an aiseolas go léir fíor-dhearfach, agus é soiléir gur bhain siad sult iontach as.

Chomhlíon na ranganna ceoil agus drámaíocht breise seo sain-sprioc atá againn sa Phlean Ghníomhaíochta, is é sin: "Chun meas agus úsáid na Gaeilge i measc na ndaltaí a fhorbairt taobh istigh agus taobh amuigh den scoil".

Ón mhéid atá luaite thuas tá sé daingnithe gur fríd ghníomhaíochtaí taitneamhacha, spóirt is spraoi a chothaítear agus a chuirtear chun cinn ábhar ar bith agus tá seo fíor i gcás teanga bhinn na Gaeilge. Tá siad ag foghlaim na teanga i ngan fhios dóibh fhéin. Ghlac na páistí páirt sna himeachtaí uilig go díograiseach agus le fonn.

Imeachtaí breise eile a bhí againn fhéin sa scoil chun an teanga a dhaingniú nó ranganna uirlísí ceoil, damhsa Gaelach agus Corp Oideachais, a dhíol muid astu as ár mbuiséad teoranta fhéin ach b'fhiú iad mar bhí agus tá siad iontach éifeachtach chomh maith.

Mar fhocal scoir, mholfainn go mbeadh agus tá súil go mór agam go mbeidh airgead den chineál seo ar fáil go bliantúil mar chuid de bhuiséad Choiste Pleanála Teanga na Rosann le cuidiú le scoileanna sa limistéar le ranganna den chineál seo a sholáthair amach sa todhchaí. Bhain ár scoláirí tairbhe iontach as na himeachtaí a chinntigh an maoiniú seo agus beidh an taithí seo ina gcuimhní go deo.

Tá pobal uile na scoile fíor bhuíoch den tacaíocht maoinithe seo".

Mar is léir, bhí rath mór ar an fionscadal taighde seo i mBunscoil an Aingil Choimeádaí. Léiríonn an t-aischothú ó na múinteoirí agus ó na daltaí féin go bhfuil tograí den chineál seo an-éifeachtach ag cothú úsáid na Gaeilge i measc an aosa

óig. Cothaítear dearcthaí dearfacha i leith na teanga agus cuirtear deiseanna ar fáil do dhaltáí le bheith ag meascadh le daoine óga eile le Gaeilge. De thairbhe seo uile, déantar moltaí i rannóga 6.3.2 agus 6.3.3 chun cuid den bhuiséad a bheidh ar fáil do chur i bhfeidhm an phlean seo a úsáid le tacú le tograí eile den tsórt seo i scoileanna uile an LPT.

DRAFT

6. Bearta an Phlean

6.1 Réamhrá

Cuirtear bearta an phlean teanga i láthair sa chaibidil seo. Is iad na moltaí ilghnéitheacha seo croílár an phlean teanga do LPTNR. Tá na bearta seo ar fad bunaithe ar na tuairimí a tháinig chun cinn le linn an taighde a rinneadh sa phobal chun an plean seo a ullmhú (féach caibidil a cúig), mar aon leis an dea-chleachtas a léirítear sa litríocht idirnáisiúnta ar an athneartú teanga.

Beidh tréimhse seacht mbliana i gceist le cur i bhfeidhm an phlean seo. Siocair go bhfuil moltaí ann a bhaineann le go leor réimsí saoil difriúla – cúrsaí sóisialta, oideachais, eacnamaíochta, srl. – beidh gá le hiarracht mhór chun na bearta seo a chur i gcrích, chomh maith le próiseas éifeachtach monatóireachta le cinntiú go bhfuil siad ag feidhmiú mar ba chóir. Míníonn rannóg 6.2 an córas a mholtar chun an plean a chur i bhfeidhm agus tugtar amscála/saolré na mbeart i rannóg 6.13.

Tá an Cheanneagraíocht, CPTNR, an CPT agus na grúpaí leasmhara éagsúla a bhaineann le saol na Gaeilge sa LPT sásta leis na moltaí seo, agus nuair a bhí an próiseas dátheangach comhairliúcháin phoiblí ar siúl thacaigh pobal an LPT trí chéile leofa fosta. Is fiú a dheimhniú athuair go mbaineann an plean teanga seo le hiomlán an phobail agus gabhtar buíochas as cuimse arís leis an phobal as méid na tacaíochta a tugadh le linn réiteach na mbeart seo.

Ag teacht leis na treoirlínte pleanála teanga a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta in 2018 (RCOG, 2018b: 53) rangáítear na bearta thíos de réir na réimsí seo a leanas:

- A. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
- B. Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
- C. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile;
- D. Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais;
- E. An Earnáil Ghnó;
- F. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn;
- G. Na Meáin Chumarsáide;
- H. Seirbhísí Poiblí;
- I. Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil;
- J. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire;
- K. Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith.

Sonraítear le hachan bheart fosta cé acu de na critéir pleanála teanga lena mbaineann sé. Ar mhaithe le héascaíocht, tá na critéir pleanála teanga atá leagtha amach faoi alt 12 d'*Acht na Gaeltachta, 2012* le feiceáil in Aguisín 4 ag deireadh na cáipéise seo.

6.2 Feidhmiú an Phlean Teanga

An oiread le tionscadal pobail de chineál ar bith, tá monatóireacht éifeachtach ina dlúthchuid den phleanáil teanga (Ní Dhúda, 2014: 44-49). Tugtar cur síos anseo ar an struchtúr feidhmithe agus monatóireachta a úsáidfear le cinntiú go gcuirfear na bearta éagsúla a leagtar amach sa gcaibidil seo i bhfeidhm agus go mbeidh rath ar an phlean seo dá bharr. Pléitear ceist na monatóireachta níos mine i gcaibidil a naoi.

6.2.1 Struchtúr Feidhmithe

Beart	Coiste Pleanála Teanga na Rosann (CPTNR) a athcheapadh agus a leathnú amach
Réimsí an Bhirt	F
Na Critéir Pleanála Teanga lena mbaineann an beart ("Critéir PT" feasta)	1, 19
Aidhm an Bhirt	Coiste buan a bhunú a thabharfaidh tacaíocht d'achan bheart sa phlean agus a fheidhmeoidh mar choiste stiúrtha i gcomhar leis an Oifigeach Pleanála Teanga ("OPT" feasta – féach 6.2.2) chun leas na Gaeilge i LPTNR
Eolas Breise	• Leanfaidh an cheanneagraíocht lena cuid oibre ag stiúradh na hoibre pleanála teanga sa limistéar • Coinneoidh CPTNR orthu ag feidhmiú mar choiste stiúrtha don phróiseas pleanála teanga ar bhonn deonach agus déanfar baill úra a earcú chuig an choiste chun ionadaíocht chuí ar phobal LPTNR uile a chinntiú • Tabharfar cuiridh do ghrúpaí pobail ábhartha a bheith páirteach sa choiste seo agus do lucht gnó freisin • Crochfar póstaer ar fud an LPT ag fógairt go bhfuil fáilte roimh bhaill úra agus déanfar poiblíocht air ar líne • Beidh ról eiseamláireach ag baill an choiste ó thaobh chur i bhfeidhm bhearta an phlean teanga de • Tabharfaidh na páirtithe leasmhara éagsúla treoir, cuidiú agus comhairle don OPT
Páirtithe Leasmhara	• An cheanneagraíocht, mar atá Forbairt na Rosann, Tionscnamh Forbartha Phobal na Rosann (CDP na Rosann) agus Machaire le Chéile (príomhúinéirí) • Oifigeach Pleanála Teanga (rannpháirtí) • Coiste Pleanála Teanga na Rosann (rannpháirtithe) • Cumainn agus eagraíochtaí an LPT (rannpháirtithe) • Muintir an LPT (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1: CPTNR a athcheapadh agus baill úra a earcú Bliain 1-7: Feidhmiú an Bhirt
Costas Measta Iomlán	Ní bhaineann
Foinse Maoinithe	Ní bhaineann
Dúshlán an chur i bhfeidhm ("Dúshlán" feasta)	Rannpháirtíocht an phobail/baill na n-eagraíochtaí éagsúla a choinneáil le linn fheidhmiú an phlean teanga

An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Léireoidh obair leanúnach CPTNR agus an oifigigh teanga tábhacht na hoibre seo don phobal. Beidh gá le feachtas leanúnach poiblíochta/feasachta mar chuid den obair chun seo a chur in iúl don phobal go héifeachtach (féach 6.2.8)
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Beidh cruinniú athbhreithnithe de chuid CPTNR ar a laghad uair sa ráithe agus coinneofar taifead ar líon na mball a bhíonn i láthair – am ar bith a bheas an tinreamh ag titim déanfar tuilleadh poiblíochta ar an choiste chun daoine nua a mhealladh
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa phlean teanga

6.2.2 Ceapachán an Oifigigh Pleanála Teanga

Beart	Oifigeach Pleanála Teanga a cheapadh chun an plan a chur i bhfeidhm
Réimsí an Bhirt	Iad uile
Crítéir PT	3, 8, 10, 11, 12, 19
Aidhm an Bhirt	Oifigeach Pleanála Teanga cumasach a cheapadh a chuirfidh an plan teanga seo i bhfeidhm agus a chuirfidh leis an phlean le moltaí/bearta eile de réir mar is cuí
Eolas Breise	- Déanfar Oifigeach Pleanála Teanga ("OPT" feasta) leis na cailíochtaí cuí a earcú – is é an duine seo is mó a bheas i bhfeidhm ar chur i bhfeidhm an phlean agus ar an mhonatóireacht a dhéanfar air, le tacaíocht iomlán na ceanneagraíochta agus an choiste - Moltar duine le saineolas/an-chur amach ar an LPT a roghnú - Beidh cead ag an OPT bearta nua nach sonraítear sa phlean seo a fhorbairt agus moltaí eile a chumadh de réir mar a leantar leis an phlean seo agus le próiseas na monatóireachta, ach iad a bheith aontaithe roimh ré leis an cheanneagraíocht, le CPTNR agus le húdarás na Gaeltachta - Beidh cruinnithe rialta (ar a laghad uair achan ráithe) idir CPTNR, an cheanneagraíocht agus an OPT chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean
Páirtithe Leasmhara	- An cheanneagraíocht (príomhúinéirí) - CPTNR (rannpháirtí)
Saolré an Bhirt	Bliain 1: próiseas earcaíochta, oifigeach a cheapadh agus oifig fhóirsteanach a aimsiú dó/dí – féadfar seomra de chuid na ceanneagraíochta a úsáid mar oifig phleanála teanga Bliain 1-7: Feidhmiú Bhearta an Phlean Teanga
Costas Measta Iomlán	€2,000 (earcaíocht) + €35,000 (taisteal) + €371,850 (tuarastal) = €408,850
Costas Bliantúil	€2,000 – próiseas earcaíochta i mbliain a haon €5,000 – costais taistil achan bhliain Tuarastal (pinsean san Áireamh – 11%) €47,175 do bhliain a haon, €49,950 don dara bliain, €52,725 sa tríú bliain agus €55,500 sa bhliain ó bhliain a ceathair ar aghaidh go dtí bliain a seacht
Dúshláin	Iarrthóir leis an taithí chuí a aimsiú le tabhairt faoin ról tábhachtach seo

An dóigh a shárófar na dúshláin sin	An post a fhógairt go fairsing, ní hamháin ar fud an LPT, ach go náisiúnta sna meáin thraidisiúnta agus shóisialta. Déanfar poiblíocht ar an fholúntas sna rannóga Gaeilge in ollscoileanna na tíre chomh maith
Foinse Maoinithe	RCOG
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Beidh cruinnithe leis an cheanneagraíocht, le CPTNR agus le páirtithe leasmhara eile an LPT le dul chun cinn na hoibre a mheas ar a laghad gach sé mhí – d'fhéadfaí seo a dhéanamh mar chuid de ghnáth-chruinnithe CPTNR dá mbeadh sé fóirsteanach
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa phlean teanga

6.2.3 Taithí agus Léargas an Chomhairleora Pleanála Teanga

Beart	Eolas agus taithí a bailíodh le linn an phróisis taighde a sholáthar
Réimsí an Bhirt	K
Critéir PT	Iad ar fad
Aidhm an Bhirt	Eolas, taithí agus comhairle an CPT a scríobh an plan seo a fháil nuair is gá
Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • CPT (rannpháirtí) • An cheanneagraíocht (rannpháirtí) • LPTNR (rannpháirtí)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€2,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€500 (€50 x 10 uair sa bhliain i mbliain 1) €250 (€50 x 5 uair i mblianta 2-7)
Foinse Maoinithe	RCOG
Dúshláin	Ní bhaineann
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Ní bhaineann
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coinneoidh an OPT taifead ar aon chomhairle a dtugtar
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa phlean teanga

6.2.4 Oifig an Oifigigh Pleanála Teanga

Beart	Oifig nó oifigí a réiteach don OPT
Réimsí an Bhirt	K
Critéir PT	Iad ar fad
Aidhm an Bhirt	Áit nó áiteacha oibre a chur ar fáil don OPT sa limistéar, chomh maith le fón, nasc idirlín agus trealamh oifige ábhartha (féach 6.2.2 fosta)
Páirtithe Leasmhara	• An cheanneagraíocht (príomhúinéir) • OPT (rannpháirtí) • CPTNR (rannpháirtithe)

Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	Toisc go bhfuil trí eagraíocht ag baint leis an phlean seo, agus ionaid/oifigí acu uile feistithe mar is cuí ní cheaptar go mbeidh costas cíosa ard ag baint leis seo. Moltar €5,000 a chaitheamh ar threalaimh oifige (lena n-áirítear ceangal idirlín, fóin, stáiseoíocht, srl.) Tá scéim trealamh oifige ag an Údarás a chuireann suas le costas €5,000 ar fáil ag ráta 100%.
Costas Measta in aghaidh na bliana	€3,000 sa chéad bhliain agus €1,000 sa bhliain tar éis sin
Foinse maoinithe	Scéim trealamh oifige Údarás na Gaeltachta
Dúshláin	Ait fhóirsteanach a aimsiú sa LPT
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Creidtear gur féidir leas a bhaint as oifig éigean atá in ionaid de chuid na n-eagraíochtaí chun oifig a chur ar fáil don OPT, rud a chiallóidh nach mbeadh gá le bheith róbhuartha faoin chíos nó costais chun nasc idirlín nua a chruthú srl.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Ní bhaineann
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Ní bhaineann

6.2.5 Bunachar Teagmhálaithe

Beart	Pobal an LPT a choinneáil ar an eolas faoi chur i bhfeidhm an phlean teanga agus obair an OPT a éascú.
Réimsí an Bhirt	K
Críteir PT	1, 19
Aidhm an Bhirt	Cumarsáid agus poiblíocht a éascú idir CPTNR/an OPT agus pobal an cheantair
Eolas Breise	- Coinneoidh an OPT bunachar teagmhálaithe (ainm, seoladh ríomhphoist) de dhaoine a bhfuil spéis acu i bpróiseas na pleanála teanga agus úsáidfear an bunachar seo chun nuacht/fógraíocht a scaipeadh sa phobal - Ar ndóiche, beidh ar an mbunachar seo cloí leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí
Páirtithe leasmhara	- An OPT (príomhúinéir) - An Cheanneagraíocht (rannpháirtithe) - CPTNR (rannpháirtithe) - Pobal an LPT (rannpháirtithe)
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Clúdóidh costais oifige/riaracháin an costas a bhaineann leis an bheart seo
Costas measta in aghaidh na bliana	Clúdóidh costais oifige/riaracháin an costas a bhaineann leis an bheart seo
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an

	bhirt seo
Monatóireacht ar Fheidhmiú an bhirt	Déanfar plé ar fheidhmiú an bhirt seo ag cruinnithe coiste más gá
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa phlean teanga

6.2.6 Láithreachtaí ar Líne

Beart	An suíomh idirlín www.pleanailteanganarosann.com a fhorbairt agus a uasdátú ar bhonn leanúnach
Réimsí an Bhirt	G, K
Crítéir PT	1, 16
Aidhm an Bhirt	Lárphointe eolais faoin phleanáil teanga sna Rosann a fhorbairt ar líne
Eolas Breise	- Déanfar an suíomh idirlín atá ag an choiste cheana féin a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh - Cuirfear nuacht faoi chur i bhfeidhm an phlean, eolas faoi chruinnithe monatóireachta/coiste, sonraí teagmhála an OPT agus rudaí ábhartha eile in airde ar an suíomh seo - Beidh an OPT freagrach as eolas reatha a chur ar an suíomh agus an suíomh a uasdátú de réir mar is cuí - Déanfaidh an OPT leathanach Facebook CPTNR a uasdátú go rialta agus a úsáid chun eolas faoi ócáidí agus dul chun cinn an phlean a roinnt fosta - Bainfear úsáid as meáin shóisialta eile cosúil le Twitter agus Instagram chomh maith
Páirtithe leasmhara	- An OPT (príomhúinéir) - An cheanneagraíocht (rannpháirtithe) - CPTNR (rannpháirtithe)
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€2,079
Costas measta in aghaidh na bliana	€97 in aghaidh na bliana chun an suíomh a óstáil le Wordpress + €200 sa bhliain fá choinne postálacha a “bhoostáil” ó am go chéile
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin agus an dóigh a shárófar na dúshláin sin	An pobal a spreagadh le leas a bhaint as na rudaí seo – an suíomh a leámh, na cuntais ar na meáin shóisialta a leanacht, srl. Beidh ar na grúpaí éagsúla a thagann faoi scáth na ceanneagraíochta agus baill an choiste iad a roinnt ar a gcuntais phearsanta go rialta chun lucht leanúna a chothú do na rudaí seo
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Déanfar plé ar fheidhmiú an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1 Coinneofar súil ar cé mhéad duine a léann an suíomh gach mí agus tabharfar tuairisc air sin ag na cruinnithe

6.2.7 Seoladh Plean Teanga LPT na Rosann

Beart	Seoladh Plean Teanga LPT na Rosann
Réimsí an Bhirt	G, K
Critéir PT	2, 3, 11, 12, 16, 19
Aidhm an Bhirt	- An pobal a chur ar an eolas faoina bhfuil beartaithe sa Phlean Teanga. - An pobal a mhisniú ar dtús agus a ullmhú le bheith rannpháirteach.
Eolas Breise	- Ócáid a eagrú leis an plean a sheoladh in ionad pobail sa LPT - Achoimre den phlean a chur ar fáil don phobal - An pobal a chur ar an eolas go mion faoi thorthaí an taighde agus faoin bhealach chun tosaigh sa dóigh gur á aicmiú féin a bheas gach duine le haghaidh a ionad féin sa phlean a ghlacadh - Feasacht a ardú sa phobal agus aird na meáin chumarsáide a tharraingt faoin phlean a bheas á fheidhmiú
Páirtithe Leasmhara	- An OPT (príomhúinéir) - An cheanneagraíocht (rannpháirtithe) - CPTNR (rannpháirtithe) - An pobal - Na meáin áitiúla agus náisiúnta – Gaeilge agus Béarla (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	An chéad 3 nó 6 mhí de bhliain 1 ag brath ar fhostú an Oifigigh Teanga.
Costas Measta Iomlán	€6,000 do bliain 1 - Cóipeanna d'achoirí den phlean curtha i gcló: €1,500 - Bia don seoladh: €12 @ 250 duine = €3,000 - Ceol / Cainteoir don seoladh: €1,500
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€6,000
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Éiginnteacht ama a bhaineann le fostú an Oifigigh Teanga.
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Beidh ar an OPT agus oifigeach caidreamh poiblí CPTNR eolas rialta faoi ghnéithe difriúla den phlean teanga a chur ar fáil don phobal ar na meáin shóisialta agus codanna den phlean a shileadh leis na meáin chumarsáide thar thréimhse ama
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Go feiceálach tríd na meáin agus ag na cruinnithe a luadh i 6.2.1.
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh rath an fheachtais seo le feiceáil i ngach gné de chur i bhfeidhm na mbearta seo

6.2.8 Feachtas Feasachta

Beart	Feachtas leanúnach poiblíochta a chur ar bun chun feasacht ar phróiseas na pleanála teanga sa LPT a ardú
Réimsí an Bhirt	G (agus na réimsí eile ar fad, ag brath ar an chomhthéacs)
Critéir PT	3, 12, 13, 14, 15, 16, 18, 19
Aidhm an Bhirt	Feasacht a ardú ar obair CPTNR agus an OPT chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa limistéar
Eolas Breise	- Áirítear anseo poiblíocht ar bith a bhaineann le cur i bhfeidhm an phlean seo – scéalta a bheith sna meáin chumarsáide, póstaeir/bileoga eolais a bheith á scaipeadh, comharthaí a chur in airde faoi ócáidí, srl. - Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar seo go héifeachtach le léiriú don phobal tábhacht agus rath na pleanála teanga sa LPT - Déanfar nasc a chothú leis na meáin chumarsáide áitiúla chun cuidiú leis seo agus ceapfar oifigeach caidreamh poiblí ar an choiste le cinntiú go gcuirtear amach preasráiteas ar bhonn rialta
Páirtithe Leasmhara	- An OPT (príomhúinéir) - An cheanneagraíocht (rannpháirtithe) - CPTNR (rannpháirtithe) - Na meáin áitiúla agus náisiúnta – Gaeilge agus Béarla (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€7,000 = Costas dearthóra agus priontála do phóstaeir/comharthaí/bileoga, srl.
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€1,000
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	- Aird na meáin a mhealladh ar bhonn rialta chun scéalta a bhaineann leis an phleanáil teanga sna Rosa a chlúdach - Ábhar tarraingteach poiblíochta a dhearadh
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	- Beidh ar an OPT agus oifigeach caidreamh poiblí CPTNR preasráitis a scríobh a chlúdaíonn gnéithe difriúla den phlean teanga go rialta chun aird na meán a mhealladh - Moltar go n-úsáidfear cuid den bhuiséad chun seirbhísí dearthóireachta proifisiúnta a fháil de réir mar is gá le cinntiú go bhfuil ábhar poiblíochta tarraingteach in úsáid chun tacú le cur i bhfeidhm bhearta an phlean seo
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfar plé ar chúrsaí poiblíochta/feasachta ag na cruinnithe a luadh i 6.2.1.
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh rath an fheachtais seo le feiceáil i ngach gné de chur i bhfeidhm na mbearta seo

6.3 An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

Tá ocht scoil sa LPT seo, seacht mbunscoil agus meánscoil amháin. Tá péire de na bunscoileanna seo agus an mheánscoil cláraithe don *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*. Cé nach raibh sruth Gaeilge sa mheánscoil go dtí seo, .i. Pobalscoil na Rosann, cuireadh tús le sruth Gaeilge ann i bhFómhar 2019 agus dá bhrí sin beidh rogha ag daltaí na pobalscoile freastal air sin as seo amach.

Mar a fheictear sna bearta thíos, beidh sé ina chuid thábhachtach den phlean seo tacú leis na hiarrachtaí atá ar siúl cheana féin chun an Gaeloideachas a sholáthar sa cheantar agus iarracht a dhéanamh é a mhéadú le linn fheidhmiú an phlean.

Léiríodh tacaíocht an-láidir i bhfábhar úsáid an chórais oideachais chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa LPT sa suirbhé pobail (féach 5.3.13).

6.3.1 Scéim na gCúntóirí Teanga

Beart	Scéim na gCúntóirí Teanga a chinntiú do scoileanna Gaeltachta an LPT achan bhliain le linn shaolré an Phlean Teanga
Réimsí an Bhirt	A
Critéir PT	5, 6, 8
Aidhm an Bhirt	Cinntear go leanfaidh Scéim na gCúntóirí Teanga ar aghaidh d'achan bhunscoil Ghaeltachta sa LPT i rith iomlán na scoilbhliana, agus go mbeidh maoiniú ar fáil fána choinne achan bhliain
Eolas Breise	- Rachaidh an OPT i mbun stocaireachta i gcomhpháirt leis na bunscoileanna Gaeltachta sa LPT chun todhchaí na scéime seo a chinntiú - Déanfar stocaireacht fosta le cinntiú go mbeidh cúntóirí teanga ag obair i scoileanna d'iomlán na scoilbhliana - Is gá go mbeadh cinnteacht ar fáil in am tráth go mbeidh an scéim ar siúl agus maoiniú ar fáil don chéad scoilbhliain eile, rud nach raibh i gcónaí amhlaidh go nuige seo - Is ábhar buairte é seo do LPTanna eile i nDún na nGall (agus i gcontaetha eile) fosta, mar sin beidh féidearthachtaí ann le bheith ag obair in éindí le coistí/oifigigh pleanála teanga eile chun an stocaireacht seo a dhéanamh
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - Príomhoidí na mbunscoileanna (rannpháirtithe) - Baill foirne na mbunscoileanna (rannpháirtithe) - Boird bainistíochta na mbunscoileanna (rannpháirtithe) - COGG (rannpháirtithe) - Gaeloideachas (rannpháirtithe) - Coistí Pleanála Teanga i LPTanna eile (rannpháirtithe) - Ceardchumann éagsúla na múinteoirí (rannpháirtithe) - Eagraíochtaí stocaireachta Gaeilge (Conradh na Gaeilge, Tuismitheoirí na Gaeltachta, srl.) (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	Clúdóidh tuarastal an OPT na costais a bhaineann leis an bheart seo
Foinse maoinithe	RCOG

Dúshláin	Tacaíocht a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Táthar ag súil go mbeidh rath ar stocaireacht den chineál seo má dhéantar é in éindí le coistí pleanála teanga eile chun go leor brú a chur ar na Ranna thuasluaite.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Cinnteacht Scéim na gCúntóirí Teanga i gcaitheamh shaolré an phlean teanga – pléifear seo ag na cruinnithe monatóireachta a luaitear i mbeart 6.3.2 thíos más gá
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh rath ar an bheart seo má bhaintear sprioc an bhirt amach

6.3.2 Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022

Beart	Tacú leis na trí scoil sa LPT atá ag cur an <i>Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022</i> i bhfeidhm
Réimsí an Bhirt	A, B, C
Critéir PT	5, 6, 7, 8, 9, 10
Aidhm an Bhirt	Cur i bhfeidhm an <i>Pholasaí don Oideachas Gaeltachta</i> a éascú chomh maith agus is féidir do na scoileanna sa cheantar a ghlac leis
Eolas Breise	- Déanfar achan iarracht tacú leis na scoileanna a ghlac leis an <i>Pholasaí don Oideachas Gaeltachta</i> agus iad ag cur an pholasaí seo i bhfeidhm – ag cur acmhainní ar fáil agus ag oibriú leofa chun imeachtaí a eagrú taobh amuigh den seomra ranga chun tacú lena gcuid iarrachtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn - Tá traidisiún iontach scéalaíochta ag na Rosa a théann siar blianta fada, agus b'fhiú go mór tarraingt air sin agus ócáidí le seanchaithe áitiúla a eagrú chun saibhreas na teanga a thabhairt don aos óg ar bhealach spraoiúil, neamhfhoirmeálta - Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil plean cuimsitheach teanga ullmhaithe ag an Dr. Seosamh Ó Ceallaigh (ar múinteoir agus oifigeach Gaeilge i bPobalscoil na Rosann é) don scoil ar fad agus tá tacaíocht faighte aige dó ó phríomhoide na scoile, Seán Ó Gormain - Tá moltaí tábhachtachta sa phlean sin, go háirithe maidir le cruthú sruth Gaelach sa scoil do dhaltaí ar mhian leofa a gcuid meánscolaíochta a dhéanamh trí Ghaeilge – is mór an dul chun cinn é sin, go mbeidh tumoideachas meánscolaíochta ar fáil trí Ghaeilge sa LPT - Tá sé fíorthábhachtach go dtabharfaidh CPTNR agus an OPT an oiread tacaíochta agus is féidir d'iarrachtaí chun an Gaeloideachas a fhorbairt ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile sa cheantar sna blianta atá romhainn
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - CPTNR (rannpháirtithe) - Scoileanna an Cheantair (rannpháirtithe) - COGG (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7

Costas Measta Iomlán	€42,000
Costas in aghaidh na bliana	€6,000 (€2,000 an ceann don dá bhunscoil + don mheánscoil) chun íoc as ócáidí taobh amuigh d'am scoile
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint leis an bheart seo
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Ní bhaineann
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coinneoidh an OPT agus an coiste súil ar mhéid an mhaoinithe a chaitheann na scoileanna seo agus ar líon na n-ócáidí a eagraíonn siad achan bhliain
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Déanfar cruinnithe a reáchtáil idir príomhoidí na scoileanna seo agus an OPT uair sa bhliain (nó níos rialta más gá) le cinntiú go bhfuil ag éirí leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil daofa. Tabharfar cuireadh d'oifigeach Gaeilge na pobalscoile chuig cruinniú na meánscoile fosta

6.3.3 Tacaíochtaí do scoileanna eile an cheantair

Beart	Tacú le scoileanna an cheantair nach bhfuil cláraithe don Pholasáí don Oideachas Gaeltachta go dáta
Réimsí an Bhirt	A, B
Crítéir PT	5, 6, 7, 8, 9
Aidhm an Bhirt	An Ghaeilge a chur chun cinn sna scoileanna i LPTNR nach bhfuil cláraithe don Pholasáí don Oideachas Gaeltachta go dáta
Eolas Breise	- Ar ndóiche tá tacaíocht tuillte ag na cúig bhunscoil sa LPT nár chuir isteach ar an scéim aitheantais mar Scoil Ghaeltachta go fóill, agus aithnítear go bhfuil ról tábhachtach acu i gcur chun cinn na Gaeilge sna Rosa, agus go bhfuil obair mhaith ar siúl ag go leor acu cheana féin ar son na teanga - Mar sin déanfar gach iarracht tacú leis na scoileanna seo i dtaobh chur chun cinn na Gaeilge fosta - Cuirfear airgead ar fáil chun íoc as acmhainní teagaisc, aoichainteoirí, ceardlanna ceoil, drámaíochta, amhránaíochta, turais treoraithe nó a leithéid trí Ghaeilge a eagrú sna scoileanna seo
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - CPTNR (rannpháirtithe) - Bunscoileanna an cheantair (rannpháirtithe) - COGG (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€35,000
Costas in aghaidh na bliana	€5,000 (€1,000 do gach aon scoil) chun íoc as ócáidí taobh amuigh d'am scoile
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Na scoileanna seo a spreagadh chun an Ghaeilge a chur chun cinn níos mó
An dóigh a shárófar na	Cé nach bhfuil siad ag teagasc trí mheán na Gaeilge tá tacaíocht láidir go leor ar son na Gaeilge i roinnt mhaith de na

dúshlái sin	scoileanna seo cheana féin, agus meastar go méadófar sin nuair a fheictear go bhfuil an OPT agus CPTNR sásta am agus acmhainní a chur ar fáil chun cuidiú leofa
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coinneoidh an OPT agus an coiste súil ar mhéid an mhaoinithe a chaitheann na scoileanna seo agus ar líon na n-ócáidí a eagraíonn siad achan bhliain
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Déanfar cruinnithe a reáchtáil idir príomhoidí na mbunscoileanna seo agus an OPT uair sa bhliain (nó níos rialta más gá) le cinntiú go bhfuil ag éirí leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil daofa

6.3.4 Tacaíochtaí Teanga do Theaghlach gan Ghaeilge

Beart	Tacaíochtaí Teanga do Pháistí ó theaghlach gan Ghaeilge
Réimsí an Bhirt	A, B
Críteir PT	4, 6, 7
Aidhm an Bhirt	Tacú le tuismitheoirí/chaomhnóirí/teaghlach gan Ghaeilge, ach a bhfuil páistí s'acu i scoileanna Gaeltachta
Eolas Breise	- Eagrófar ceardlanna do thuismitheoirí/chaomhnóirí nach bhfuil Gaeilge acu ach a bhfuil a bpáistí i dtumoideachas Gaeilge. Díreofar sna ceardlanna seo ar stór focal, téarmaíocht agus eile a bhaineann le hábhair scoile a bpáistí - Reáchtálfar na ceardlanna sna bunscoileanna féin i ndiaidh nó le linn am scoile, nó ag am eile atá fóirsteanach - Cuirfear daoine ar an eolas faoi ranganna Gaeilge eile atá ar fáil do dhaoine fásta go háitiúil - Cothófar dearcthaí dearfacha i leith na teanga i measc rannpháirtithe - Tá sé rithábhachtach go dtugtar muinín do thuismitheoirí/chaomhnóirí gan Ghaeilge
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - CPTNR (rannpháirtithe) - Foireann na mBunscoileanna (rannpháirtithe) - Tuismitheoirí na bPáistí (rannpháirtithe) - Muintearas (rannpháirtithe) - RCOG (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€4,200
Costas Measta in aghaidh na bliana	€600 sa bhliain don trí scoil a bhfuil an <i>Polasaí don Oideachas Gaeltachta</i> i bhfeidhm iontu, .i. 4 sheisiún an ceann @ €50 an seisiún
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshlái	Tuismitheoirí a mhealladh chuig na ceardlanna seo, amanna fóirsteanacha a aimsiú chun iad a reáchtáil

An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Déanfar poiblíocht éifeachtach ar na ceardlanna, le cuidiú ó na scoileanna féin agus eagrófar an seisiún céanna níos mó ná am amháin má tá amanna éagsúla a d'oirfeadh do thuismitheoirí/chaomhnóirí éagsúla
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Foirmeacha aiseolais a scaipeadh ar dhaoine a ghlacann páirt sna ceardlanna seo ag deireadh na seisiún
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh rath an bhirt seo le feiceáil i líon na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a úsáideann an tseirbhís seo

6.3.5 Feasacht Teanga i measc óige an LPT

Beart	Feasacht ar chúrsaí teanga a mhéadú i measc an aosa óig
Réimsí an Bhirt	A, K
Crítéir PT	2, 6, 8, 19
Aidhm an Bhirt	Feasacht ar chúrsaí teanga a mhéadú i measc aos óg an LPT agus iad a spreagadh i leith úsáid na Gaeilge
Eolas Breise	- Déanfar mionchúrsaí/ceardlanna a ullmhú do dhaltaí ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile chun tuiscint s'acu ar chúrsaí teanga a mhéadú agus iad a chur ag machnamh ar a bhféiniúlacht mar dhaoine óga as an Ghaeltacht - D'fhéadfaí seisiúin ar stair agus oidhreacht na Gaeilge a reáchtáil, ar mhionteangacha go ginearálta, ar an phleanáil teanga féin, srl. - Cuideoidh an OPT le dearadh na gcúrsaí seo agus cuirfidh sé/sí i láthair iad más mian le fóireann na scoileanna é sin
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - Aos óg an LPT (rannpháirtithe) - Foireann scoileanna an LPT (rannpháirtithe) - Muintearas (rannpháirtithe) - COGG (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 2-7
Costas Measta Iomlán	Clúdóidh tuarastal an OPT an costas a bhaineann leis an bheart seo
Costas in aghaidh na bliana	Ní bhaineann
Foinse maoinithe	Ní bhaineann
Dúshláin	Ábhar spreagúil a dhearadh a mhúscloídh suim na ndaoine óga
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Labhróidh an OPT le múinteoirí agus oifigigh pleanála teanga eile a bhfuil taithí acu ar obair den chineál seo chun moltaí a fháil ar an chur chuige is fearr chun aird na ndaltaí a spreagadh agus a choinneáil
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Pléifear éifeacht an bhirt seo le phríomhoidí na scoileanna nuair a chasann siad leis an OPT de réir mar a mholadh i 6.3.2 agus 6.3.3
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Gheofar eolas faoi éifeacht an bhirt ó phríomhoidí na scoileanna ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.2 agus 6.3.3

6.3.6 Tionscadal taifeadtaí/raidió/podchraoltaí

Beart	Mic léinn idirbhliana sa Phobalscoil a chur amach ag taifead cainteoirí Gaeilge an LPT
Réimsí an Bhirt	A, C, K
Critéir PT	10, 11
Aidhm an Bhirt	Taithí a thabhairt do dhaoine óga san idirbhliain a bheith ag caint i nGaeilge le daoine áitiúla. Deis a thabhairt daofa a bheith ag plé le cúrsaí teicneolaíochta agus taifeadta agus clár taifeadtaí de chanúint Ghaeilge an limistéir a sholáthair
Eolas Breise	• Iarrfar ar mhic léinn san idirbhliain i bPobalscoil na Rosann agallaimh a dhéanamh le cainteoirí dúchais Gaeilge arb as an LPT seo iad • Moltar go hard físeáin a dhéanamh de na hagallaimh seo nuair is féidir • D'fhéadfaí taifeadtaí fuaime de chuid de na n-agallamh seo a chraoladh ar <i>Rosnes Radio</i>, is dócha, nó a chur ar fáil i bhfoirm físeán Youtube nó mar phodchraoltaí ar www.pleanailteanganarosann.com • Gheobhaidh na daoine óga seo taithí ag labhairt i nGaeilge taobh amuigh den tseomra ranga agus ag úsáid na Gaeilge agus iad ag plé le réimse na teicneolaíochta • Tacóidh an beart seo le <i>Taisce Ghaelach na Rosann</i> a mholtar i mbeart 6.6.4
Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • Múinteoirí Gaeilge na Pobalscoile (rannpháirtithe) • Daltaí na hidirbhliana sa Phobalscoil (rannpháirtithe) • Gaeilgeoirí an LPT (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	Toisc go bhfuil trealamh taifeadta ar fáil sa phobalscoil (d'oibreodh gutháin chliste fosta) ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an bheart seo
Costas Measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann
Foinse maoinithe	Ní bhaineann
Dúshlán	Daltaí a spreagadh le suim a chur sa togra seo
An dóigh a shárófar na dúshlán sin	Úsáidfear an feachtas ardaithe feasachta do dhaoine óga (beart 6.3.6) leis na buntáistí a bhaineann le tionscadal den chineál seo a thaispeáint do lucht na hidirbhliana
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Pléifear rath an bhirt seo ag na cruinnithe bliantúla a bheas ag an OPT le hOifigeach Gaeilge agus príomhoide na pobalscoile
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i líon na dtaifeadtaí a chuirtear ar fáil achan bhliain

6.3.7 Roghanna Oideachais Ghaeilge ag an Tríú Leibhéal

Beart	Feasacht ar an Oideachas Gaeilge ag an Tríú Leibhéal a ardú
Réimsí an Bhirt	A
Crítéir PT	2, 6
Aidhm an Bhirt	Córas leanúnach feasachta a chur ar bun chun eolas a scaipeadh ar chúrsaí Gaeilge nó ar chúrsaí a mhúintear trí mheán na Gaeilge ag an tríú leibhéal
Eolas Breise	• Tabharfaidh seo léargas ar na cúrsaí tríú leibhéal atá ar fáil trí Ghaeilge ó thuaidh agus ó theas do dhaoine sa LPT, go háirithe do dhaoine óga ag leibhéal na meánscoile • D'fhéadfaí aoichainteoirí a thabhairt isteach chuig ranganna Gaeilge na Pobalscoile mar chuid den bheart seo – idir daoine a rinne cúrsaí ábhartha agus daoine a mhúineann ar chúrsaí den tsórt seo • Léireoidh seo do dhaltaí an cheantair an nasc idir na cúrsaí sin agus deiseanna fostaíochta • Cothóidh seo meon dearfach maidir leis an oideachas trí Ghaeilge ag an tríú leibhéal
Páirtithe Leasmhara	• OPT (Príomhúinéir) • Pobalscoil na Rosann (rannpháirtithe) • Ollscoileanna an oileáin (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 2-7
Costas Measta Iomlán	€3,600
Costas Measta in aghaidh na bliana	€600 (costas taistil, lóistín agus priontála do bheirt aoichainteoirí in aghaidh na bliana)
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshlán	• Ábhar poiblíochta faoi na cúrsaí éagsúla a bhailiú • Costas na hOllscolaíochta do mhic léinn an cheantair
An dóigh a shárófar na dúshlán sin	• Cruthófar nascanna le hoifigigh Gaeilge/oifigigh poiblíochta na rannóg Gaeilge sna hollscoileanna éagsúla • Cuirfear eolas ar Scéimeanna Cónaithe Gaeilge agus scoláireachtaí eile de chuid na n-ollscoileanna agus an LPT ar fáil (féach beart 6.3.9 fosta)
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	• Gheofar eolas faoi fheidhmiú an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mbearta 6.3.2 agus 6.3.3
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	• Coinneoidh an OPT taifead ar líon na mac léinn a fhreastalaíonn ar chúrsaí Gaeilge ag an tríú leibhéal agus gheofar aiseolas uathu ag deireadh a gcúrsaí • Déanfar monatóireacht ar rátaí fostaíochta na mac léinn seo nuair a chríochnaíonn siad ar an ollscoil

6.3.8 Scoláireachtaí do Choláistí Samhraidh

Beart	Scoláireachtaí do chúrsaí samhraidh a chur ar fáil do dhaltaí meánscoile sa LPT
Réimsí an Bhirt	A, C, D, K
Critéir PT	2, 8, 11, 12, 19
Aidhm an Bhirt	Léiríodh sa suirbhé a rinneadh le haois óg an LPT go raibh 9% acu tar éis freastal ar choláiste samhraidh roimhe seo, ach go raibh breis is 30% ag iarraidh an deis sin a fháil. Cuideoidh an beart seo leis an tinreamh ó LPTNR ar choláistí samhraidh a mhéadú
Eolas Breise	- Moltar go gcuirfear scoláireachtaí ar fáil do chúigear ar a laghad ó Phobalscoil na Rosann (nó do dhaltaí a fhreastalaíonn ar mheánscoileanna eile ach a bhfuil cónaí orthu sa LPT) achan bhliain chun freastal ar choláiste samhraidh - Moltar go roghnófaí coláiste i nGaeltacht Dhún na nGall (cé nach bhfuil sin go hiomlán riachtanach) agus go ndéanfaí iarracht lascaíne a fháil ó choláistí do na daltaí atá ar an scéim seo
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - Múinteoirí Gaeilge na Pobalscoile (rannpháirtithe) - Daltaí meánscoile an LPT (rannpháirtithe) - Coláistí Samhraidh Dhún na nGall (rannpháirtithe) - RCOG (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 3-7
Costas Measta Iomlán	€25,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€5,000
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshlán	Daltaí a aimsiú chun an deis seo a thapú
An dóigh a shárófar na dúshlán sin	Déanfar poiblíocht ar na scoláireachtaí seo fríd na gnáthbhealaí cumarsáide (na meáin thraidisiúnta agus shóisialta, nuachtlitreacha de chuid na pobalscoile, srl.) agus rachaidh an OPT i gcomhairle leis na múinteoirí Gaeilge chun daltaí a spreagadh le hiarratas gearr a chur isteach i bhfoirm scríofa leis na scoláireachtaí seo a bhaint
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Gheofar eolas amach faoi fheidhmiú an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mbearta 6.3.2 agus 6.3.3
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Déanfar monatóireacht ar líon na n-iarratas a fhaightear achan bhliain agus déanfar cinneadh an gá líon na scoláireachtaí a bhronntar a leasú bunaithe air seo

6.3.9 Sparántachtaí Tríú leibhéal

Beart	Sparántachtaí Ollscoile na Rosann
Réimsí an Bhirt	A
Critéir PT	5, 6, 12
Aidhm an Bhirt	Sparántachtaí Gaeilge a bhronnadh ar mhic léinn de chuid an LPT a thugann faoi chúrsa fochéime nó iarchéime a bhaineann leis an Ghaeilge nó a mhúintear fríd Ghaeilge ag an tríú leibhéal
Eolas Breise	• Úsáidfear an dá scoláireacht bliana seo le daoine as an LPT a spreagadh le cúrsaí Gaeilge a dhéanamh ag an tríú leibhéal • Nuair a bheas iarratais á meas breathnófar go fabhrach ar chúrsaí a bhaineann leis an phleanáil teanga/an tsochtheangeolaíocht ach go háirithe • Beidh ar iarrthóirí foirm iarratais a leagan faoi bhráid an Choiste Stiúrtha • Roghnófar buaiteoirí na scoláireachtaí trí agallamh beag a reáchtáil leis an OPT agus le ball de chuid CPTNR • Moltar an beart seo a thaiseacht i mBliain a trí, le go mbeidh am ann le poiblíocht a dhéanamh ar na deiseanna seo • Tabharfaidh na sparántachtaí seo deis do CPTNR bolscaireacht a dhéanamh ar a gcuid oibre sna meáin áitiúla agus cruthóidh siad dea-phoiblíocht i dtaobh na pleanála teanga sa LPT
Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • CPTNR (rannpháirtithe) • Mic léinn an LPT (rannpháirtithe) • Institiúidí Tríú Leibhéal (rannpháirtithe) • Múinteoirí an LPT (rannpháirtithe) • Tuismitheoirí an LPT (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 3-7
Costas Measta Iomlán	€30,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€3,000 x 2 = €6,000
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshlán	Daoine a aimsiú le cur isteach ar na scoláireachtaí seo
An dóigh a shárófar na dúshlán sin	Poiblíocht a dhéanamh air seo sna meáin áitiúla, agus sna scoileanna dara leibhéal ar a bhfreastalaíonn daltaí an LPT
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Gheofar eolas amach faoi fheidhmiú an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mbearta 6.3.2 agus 6.3.3
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	• Coinneofar taifead ar líon na n-iarratas a fhaightear do na sparántachtaí seo • Iarrfar ar na buaiteoirí tuairisc bheag a scríobh achan seimeastar ar a dtaithe ollscoile, deiseanna gairmiúla a bhaineann leis an Ghaeilge, srl. Foilseofar iad seo ar www.pleanailteanganarosann.com

6.4 Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta & Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

6.4.1 Ábhar tacaíochta do thuismitheoirí/chaomhnóirí

Beart	Ábhar tacaíochta a chur chuig thuismitheoirí/chaomhnóirí nua
Réimsí an Bhirt	B, D
Critéir PT	2, 7, 8, 11
Aidhm an Bhirt	Scéim a bhunú ar féidir le thuismitheoir nua clárú leis chun ábhar tacaíochta teanga a fháil sa phost dhá nó trí huaire sa bhliain
Eolas Breise	- Cuirfear amach greamáin, póstaeir, nótaí le ranna agus suantraíthe agus ábhar feiliúnach eile chuig thuismitheoirí a chláraíonn leis an scéim seo - Cuirfear na pacáistí seo in oiriúint d'aois na bpáistí agus cumas teanga na dtuismitheoirí - B'fhiú don OPT teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oidhreachta, Cultúir agus Gaeltachta le feiceáil an féidir beart de na pacáistí tacaíochta teanga do theaghlaigh a fháil le dáileadh sa LPT. Tá na pacáistí seo ar fáil saor in aisce do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge nó a dteastaíonn uathu é sin a dhéanamh faoin Scéim Tacaíochta Teaghlaigh - Ba chóir an t-ábhar seo a chur ar fáil i naíonraí/grúpaí thuismitheoirí agus tachtáin an LPT fosta le go mbeidh daoine nach bhfuil cláraithe leis an scéim poist seo in ann é a fháil fosta (féach beart 6.4.5) - Meastar go mbeidh féidearthachtaí ann comhoibriú le LPT Ghaoth Dobhair agus Íochtar na Rosann don bheart seo - Gheofar moltaí faoin bheart seo ón ngrúpa Tuismitheoirí na Gaeltachta
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - CPTNR (rannpháirtithe) - Tuismitheoirí/chaomhnóirí nua an LPT (rannpháirtithe) - Tuismitheoirí na Gaeltachta (rannpháirtithe) - An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (rannpháirtithe) - Naíonraí/grúpaí thuismitheoirí agus Tachtáin an LPT (rannpháirtithe) - Comhar Naíonraí na Gaeltachta (rannpháirtithe) - Muintearas (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€7,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,000 – ábhar a phriontáil agus a cheannach agus a chur amach sa phost
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Tuismitheoirí/chaomhnóirí a spreagadh le clárú leis an scéim seo
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Déanfar poiblíocht ar an scéim seo in ionaid sláinte, ionaid phobail, ar líne agus ag imeachtaí faoin teanga sa LPT

Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Pléifear cur i bhfeidhm an bhirt seo ag na cruinnithe coiste a luaitear i mbeart 6.2.1
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a chláraíonn leis an scéim seo agus cuirfear amach foirm aiseolais leis an phacáiste deireanach a fhaigheann daoine

6.4.2 Cainteanna a reáchtáil faoi bhuntáistí an dátheangachais

Beart	Cainteanna a reáchtáil faoi bhuntáistí an dátheangachais
Réimsí an Bhirt	B, D
Critéir PT	7, 8, 12
Aidhm an Bhirt	Cainteanna poiblí a reáchtáil chun tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas
Eolas Breise	• Mar chuid den iarracht chun tuismitheoirí an LPT a spreagadh i leith úsáid na Gaeilge sa bhaile reáchtálfar cainteanna poiblí ar an ábhar seo • Tá sé tábhachtach go mbeadh na cainteanna seo ar siúl in ionaid éagsúla ar fud an LPT • Iarrfar ar chainteoirí ó ghrúpaí cosúil le Mothertongues.ie agus Tuismitheoirí na Gaeltachta na cainteanna seo a thabhairt • Má tá Gaeilge ag an chainteoir iarrfar orthu an chaint a thabhairt go dátheangach
Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • CPTNR (rannpháirtithe) • Tuismitheoirí na Gaeltachta (rannpháirtithe) • Foireann mothertongues.ie (rannpháirtithe) • Pobal an LPT (rannpháirtithe) • Lucht gnó (rannpháirtithe) • Muintearas (rannpháirtithe) • Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 3-7
Costas Measta Iomlán	€8,750
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,750 = €350 x 5 (caint amháin i ngach toghroinn sa LPT). Clúdóidh seo costas taistil agus lóistín d'aoichainteoir, soláistí agus cíós ionaid
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Daoine a mhealladh le freastal ar cainteanna den chineál seo
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Déanfar poiblíocht ar na cainteanna seo sna meáin chumarsáide, in ionaid phobail, ar líne, fríd na scoileanna agus ag imeachtaí eile sa LPT agus eagrófar cainteanna ar théamaí difriúla achan bhliain
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Pléifear cur i bhfeidhm an bhirt seo ag na cruinnithe coiste a luaitear i mbeart 6.2.1
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na léachtaí seo

6.4.3 Comharthaíocht faoi bhuntáistí an dátheangachais

Beart	Comharthaí móra bóithre a chur in airde ar fud an LPT faoi bhuntáistí an dátheangachais agus deiseanna foghlama a chur ar shúile mhuintir an LPT
Réimsí an Bhirt	D, K
Critéir PT	8, 9, 10
Aidhm an Bhirt	Aithnítear nach bhfreastalóidh ach mionlach de dhaoine an LPT ar na cainteanna a luaitear i rannóg 6.4.2, mar sin cuideoidh na comharthaí seo le daoine nach bhfreastalaíonn orthu a chur ag smaointiú ar chúrsaí teanga
Eolas Breise	- Féach íomha 4.3.1 i gcaibidil a ceathair mar shampla den stíl comhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh agus íomha 6.4.3.1 thíos chomh maith - Cuirfear teachtaireacht mhealltach agus dhearfach faoi thábhacht na Gaeilge/buntáistí an dátheangachais ar na comharthaí seo - Athrófar na comharthaí trí nó ceithre huaire le linn shaolré an phlean chun aird a mhealladh arís
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - CPTNR (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€2,750
Costas Measta in aghaidh na bliana	€750 – chosain sé €750 leis na comharthaí a phléitear in 4.3.2.2 a fháil. Ba chóir iad a athrú ar a laghad trí huaire i gcaitheamh shaolré an phlean. Tá €500 breise curtha leis an chostas measta iomlán ar fhaitíos go mbeadh gá le Comhairle a fháil ó chomhlacht margaíochta nó ó shaineolaithe teanga (féach “an dóigh a shárófar dúshláin” thíos)
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Teachtaireachtaí fóirsteanacha a fháil le cur ar na comharthaí seo
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Muna féidir le baill an choiste smaointiú ar chinn mhaithe iarrfar ar shaineolaithe i gcúrsaí teanga (mothertongues.ie nó a leithéid) nó margaíochta cén cineál teachtaireachtaí is fearr a d'oirfeadh d'fheachtas mar seo
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Pléifear feidhmiú an bhirt seo ag na cruinnithe coiste a luaitear i mbeart 6.2.1
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Cosúil le go leor de na bearta seo, beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i rath ginearálta an phlean agus sa mhéadú a thagann ar líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge sa LPT



Figiúr 6.4.3.1 Sampla ón Bhreatain Bheag den chineál comhartha a d'fhéadfaí a chur in airde sa LPT

6.4.4 Bunachar d'fheighlithe páistí

Beart	Bunachar d'fheighlithe páistí a bhfuil Gaeilge acu a chruthú
Réimsí an Bhirt	B, D
Critéir PT	2, 3, 7, 8, 9, 11
Aidhm an Bhirt	Deis a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí feighlí linbh le Gaeilge a fháil dá bpáistí agus an t-ionchur Béarla a fhaigheann páistí sa bhaile a laghdú dá bharr
Eolas Breise	- Déanfaidh an OPT poiblíocht ar an scéim sin chun ainmneacha feighlithe a bhailiú sa darna bliain - Fogrófar fríd na gnáthbhealaí poiblíochta go bhfuil an bunachar seo ar fáil ón OPT - Tá beart den chineál seo i bplean teanga LPT Ghaoth Dobhair agus Íochtar na Rosann, rud a fhágann go mbeidh deis chomhoibrithe ann leis an LPT sin
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - CPTNR (rannpháirtithe) - Comhar Naíonraí na Gaeltachta (rannpháirtithe) - Tuismitheoirí na Gaeltachta (rannpháirtithe) - LPT Ghaoth Dobhair agus Íochtar na Rosann (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 2 – ainmneacha a bhailiú Bliain 3-7 – an bunachar a chur ar fáil air líne, a choinneáil uasdátaithe agus poiblíocht a dhéanamh air
Costas Measta Iomlán	€250
Costas Measta in aghaidh na bliana	€50 le poiblíocht a dhéanamh air seo
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Dóthain feighlithe linbh le líofacht na Gaeilge a aimsiú
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Seans go mbeidh ar an OPT daoine ó thaobh amuigh den LPT a chur ar an liosta seo (m.sh. codanna d'Anagaire atá taobh amuigh den LPT, Rann na Feirste srl.) má bhíonn deacracht

	ann ag aimsiú daoine fóirsteanacha
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfaidh an OPT teagmháil leis na daoine ar an liosta uair sa bhliain chun fáil amach an bhfuil mórán úsáide á baint as an tseirbhís seo
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil amach anseo i líon na ndaoine óga a úsáideann an Ghaeilge go rialta taobh amuigh den scoil

6.4.5 Grúpaí Tuismitheoirí agus Tachráin an LPT

Beart	Níos mó tacaíochtaí teanga a chur ar fáil i ngrúpaí tuismitheoirí agus tachráin an LPT
Réimsí an Bhirt	B
Critéir PT	7, 8, 9, 10, 12, 18
Aidhm an Bhirt	Na grúpaí tuismitheoirí agus tachráin atá sa LPT a Ghaelú an méid agus is féidir d'fhonn tuilleadh tacaíochtaí teanga a chur ar fáil do thuismitheoirí an LPT
Eolas Breise	- Tá grúpaí tuismitheoirí agus tachráin ag feidhmiú sa LPT cheana. Seachas grúpaí nua a bhunú a rachadh in iomaíocht leo, féachfar le tuilleadh Gaeilge a chur chun tosaigh sna grúpaí réamhbhunaithe - Le linn an taighde a rinneadh dúirt go leor tuismitheoirí ag grúpaí den chineál seo go mbeadh sé go maith dá mbeadh áiseanna ar fáil daofa le tabhairt abhaile a chuideodh leofa an Ghaeilge a chur chun cinn sa bhaile – póstaí, lipéid/greamáin le hainmneacha Gaeilge do ghnáthrudaí sa teach, srl. - Tá go leor ábhair den chineál sin ar fáil mar áiseanna teagaisc le húsáid i mbunscoileanna, mar sin níor chóir go mbeadh sé deacair teacht ar a leithéid - Sa chás nach bhfuil grúpa tuismitheoirí agus tachráin i gceantar éigin de chuid an LPT, moltar ceann a bhunú. Bheadh saineolas na stiúrthóirí reatha tábhachtach sa phróiseas seo. Tá sé tábhachtach ar ndóiche caidreamh maith a chruthú leofasan don obair seo agus go leor eile chomh maith
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - CPTNR (rannpháirtithe) - Grúpaí tuismitheoirí agus tachráin an LPT (rannpháirtithe) - Muintearas (rannpháirtithe) - Comhar Naíonraí na Gaeltachta (rannpháirtithe) - Tuismitheoirí na Gaeltachta (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€7,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,000 sa bhliain le caitheamh ar ábhar oideachasúil a úsáidtear le páistí bunscoile de ghnáth – dáilfear seo agus ábhar ábhartha eile ar thuismitheoirí/chaomhnóirí ag grúpaí tuismitheoirí agus tachráin sa LPT
Foinse maoinithe	RCOG

Dúshláin	Ábhar fóirsteanach a fháil le tabhairt amach
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Labhrófar le múinteoirí i mbunscoileanna Gaelacha le fáil amach cén cineál ábhair a úsáideann siad chun a seomraí ranga a mhaisiú (póstaeir, greamáin, srl.) agus cén áit a bhfaigheann siad é. Iarrfar moltaí ar Thuismitheoirí na Gaeltachta agus Glór na nGael freisin más gá
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhaigheann na rudaí seo agus iarrfar orthu uair sa mbliain cén úsáid a bhaineann siad astu agus cé na rudaí atá in easnamh. D'fhéadfaí seo a dhéanamh le suirbhé ríomhphoist, ach b'fhearr aríst dá rachadh an OPT chuig na grúpaí seo chun labhairt leofa go pearsanta
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh toradh an bhirt seo le feiceáil sa mhéadú in áit na Gaeilge sna grúpaí Tuismitheoirí agus Tachráin agus i líon na ndaoine óga agus na dtuismitheoirí a úsáideann an Ghaeilge sa bhaile

6.4.6 Tacaíochtaí eile do naíonraí Gaelacha sa LPT

Beart	Cruinnithe a eagrú le hoifigeach forbartha áitiúil Chomhar Naíonraí na Gaeltachta chun tacú le naíonraí atá á reáchtáil fríd Ghaeilge sa LPT
Réimsí an Bhirt	B, K
Crítéir PT	7, 9
Aidhm an Bhirt	Cuid d'acmhainní na pleanála teanga a úsáid le tacú le hobair na naíonraí Gaelacha sa LPT
Eolas Breise	- Eagróidh an OPT cruinnithe uair sa bhliain le hoifigeach forbartha áitiúil Chomhar Naíonraí na Gaeltachta chun tacú le naíonraí atá á reáchtáil fríd Ghaeilge sa LPT - Ag eascairt as na cruinnithe sin, déanfar bearta a cheapadh más gá chun cuidiú leis an obair thábhachtach seo sa LPT – ag ceannacht áiseanna teagaisc ach go háirithe – leabhair, cluichí, póstaeir, srl.
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - CPTNR (rannpháirtithe) - Naíonraí Gaelacha an LPT (rannpháirtithe) - Comhar Naíonraí na Gaeltachta (rannpháirtithe) - Tuismitheoirí na Gaeltachta (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	c. €3,500 (braitheann an costas go hiomlán ar na bearta a cheapfar)
Costas Measta in aghaidh na bliana	c. €500 (braitheann an costas go hiomlán ar na bearta a cheapfar)
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Maoiniú breise a fháil má mheastar go bhfuil gá le tuilleadh airgid a chaitheamh chun an beart seo a chur i gcrích go héifeachtach
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Déanfar iarracht teacht ar scéim maoinithe fóirsteanach agus/nó ar urraíocht ó chomhlachtaí áitiúla (d'fhéadfaí go

	mbeadh beart 6.12.1 ina chuidiú leis seo)
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	larrfar ar oifigeach forbartha Comhar Naíonraí na Gaeltachta tuairisc bhliantúil a thabhairt don OPT faoi rath na hoibre seo
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le meas ón rath a bhíonn ar naíonraí Gaelacha sa LPT amach anseo

6.5 Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile

6.5.1 Imeachtaí don Óige

Beart	Imeachtaí a reáchtáil don aos óg trí Ghaeilge
Réimsí an Bhirt	C, J
Critéir PT	2, 3, 10, 12
Aidhm an Bhirt	Deiseanna foghlama Gaeilge/sóisialaithe taobh amuigh den seomra ranga a reáchtáil don aos óg bunaithe ar na torthaí atá le feiceáil i rannóg 5.2.14
Eolas Breise	• Reáchtálfar ócáidí ar bhonn rialta don aos óg, rudaí cosúil le tráth na gceist, dioscó, turais chuig ócáidí/féilte Gaeilge ar fud na tíre, srl. Is féidir ócáidí den chineál seo a reáchtáil in ionaid de chuid na ceanneagraíochta nó ionaid óige/spóirt eile sa LPT um tráthnóna – meastar go mbeadh thart ar 19:30 fóirsteanach • Díreofar ar pháistí in aois na meánscoile, tuairim 12-19 • D'fhéadfaí rudaí ar nós thráth na gceist a reáchtáil in ionaid éagsúla sa limistéar gach mí • Moltar comhairle a fháil ó Chumann na bhFiann faoi ócáidí agus cur chuige a bheadh fóirsteanach don aos óg, ó tharla gurb í sin an cheanneagraíocht Ghaeilge a bhfuil cúram na ndaoine óga uirthi go náisiúnta • Cinnteofar go mbeidh polasaí láidir teanga i bhfeidhm ag na hócáidí seo – d'fhéadfaí daltaí níos sine ón phobalscoil le Gaeilge mhaith a úsáid mar “bhainisteoirí teanga” chun úsáid na teanga a spreagadh ag imeachtaí • Ar ndóiche tagann an beart seo leis na riachtanais a bhaineann le rannóg 6.10 – Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire • Meastar gur féidir go leor de na himeachtaí seo a reáchtáil faoi scáth an chlub/na gclubanna óige a phléitear i mbeart 6.5.2. Cuideoidh seo le modh taistil a shocrú do pháistí mar meastar go mbeidh mionbhus ag teastáil do chlubanna dá sórt
Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • Aos óg an cheantair (rannpháirtithe) • Bunscoileanna an LPT (rannpháirtithe) • Pobalscoil na Rosann (rannpháirtithe) • Cumann na bhFiann (tacaíocht agus rannpháirtíocht) • Óige na Gaeltachta (tacaíocht agus rannpháirtíocht)

	• Muintearas (tacaíocht agus rannpháirtíocht) • Tuismitheoirí an LPT (rannpháirtithe) • CPTNR (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1: Socrú agus ullmhúchán, comhairle a fháil ó Chumann na bhFiann agus ó ghrúpaí ábhartha eile Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm
Costas Measta Iomlán	c. €12,000 (braitheann an costas go hiomlán ar na bearta a reáchtáiltear)
Costas Measta in aghaidh na bliana	c. €2,000 (braitheann an costas go hiomlán ar na bearta a reáchtáiltear)
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Imeachtaí a eagrú atá tarraingteach don aos óg
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Meastar má bhaintear úsáid as na torthaí a tháinig chun solais i suirbhé na ndaoine óga go mbeifear in ann ócáidí fóirsteanacha a bhfuil éileamh orthu a reáchtáil
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coinneoidh an OPT faifead ar líon na n-imeachtaí a reáchtálfar agus ar an tinreamh a bhíonn orthu
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil nuair a dhéanfar taighde ar dhaoine óga amach anseo agus ar mhéid na Gaeilge a labhraíonn siad taobh amuigh den scoil

6.5.2 Club(anna) óige trí Ghaeilge a bhunú

Beart	Clubanna óige Gaeilge a bhunú agus tacaíocht a thabhairt do chlubanna óige atá ann cheana chun an Ghaeilge a chur chun cinn
Réimsí an Bhirt	C
Crítéir PT	8, 10, 11, 12, 18
Aidhm an Bhirt	Deiseanna foghlama Gaeilge/sóisialaithe taobh amuigh den tseomra ranga a reáchtáil don aos óg
Eolas Breise	• Dúirt tuairim 20% de na daoine óga a líon amach an suirbhé go mbeadh suim acu freastal ar chlub óige (féach 5.2.14). Cé gur mionlach é seo is fiú go mór freastal ar an mhian seo óir d'fhéadfadh club óige fríd Ghaeilge a bheith an-dearfach do chur chun cinn na Gaeilge i measc aos óg an LPT • D'fhéadfadh club den chineál seo go leor de na himeachtaí a phléitear i mbeart 6.5.1 thuas a reáchtáil • Ag brath ar éileamh, bunófar clubanna in ionaid éagsúla sa LPT agus oibreoidh na grúpaí seo le chéile chun imeachtaí a reáchtáil • Mura mbeidh éileamh go leor ar chlubanna éagsúla, bunófar club amháin le freastal ar an LPT ar fad agus socrófar modh taistil (i. mionbhus) le daoine óga a thabhairt ann agus abhaile arís de réir mar is gá • Tabharfar traenáil do dhaltaí níos sine a bhfuil Gaeilge mhaith acu le bheith ina mbainisteoirí teanga sna clubanna seo chun polasaí láidir teanga a chur i bhfeidhm iontu

Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • Daoine óga an cheantair (rannpháirtithe) • Tuismitheoirí an LPT (rannpháirtithe) • Muintearas (tacaíocht agus rannpháirtíocht) • Cumann na bhFiann (tacaíocht agus rannpháirtíocht) • Ógras (tacaíocht agus rannpháirtíocht) • Donegal Youth Service (tacaíocht agus rannpháirtíocht) • Glór na Móna – club óige an-rathúil i mBéal Feirste (comhairle agus tacáíocht) • CPTNR (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1: Ullmhú agus pleanáil Bliain 2-7: Feidhmiú an bhirt
Costas Measta Iomlán	€17,400
Costas Measta in aghaidh na bliana	Bliain 2-7; 2 chlub x 20 seisiún (10 san Fhómhar & 10 san Earrach) x €60[€40 (pá oibrithe) & €20 (cíós) agus mionbhus (más gá)] = €2,900. Clúdófar costais na n-imeachtaí i mbearta 6.5.1
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Áisitheoirí a earcú chun monatóireacht a dhéanamh air seo
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Tábhacht na hoibre a léiriú don phobal agus buntáistí breise a chruthú do na hoibrithe – iarrfar ar na scoileanna teachtaireacht a chur amach ag cur in iúl do thuismitheoirí le Gaeilge chomh tábhachtach is atá sé go mbeadh siad ar fáil fá choinne feitheoireachta
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a choinneáil ar an tinreamh a bhíonn ag na clubanna óige agus aiseolas a lorg ó na rannpháirtithe ar a laghad uair sa bhliain. Moltar grúpa fócais a úsáid chun seo a dhéanamh
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil nuair a dhéanfar taighde ar dhaoine óga amach anseo agus ar mhéid na Gaeilge a labhraíonn siad taobh amuigh den scoil

6.5.3 Ionadaithe na nÓg ar an Choiste Pleanála Teanga

Beart	Ionadaithe ar daltaí de chuid na pobalscoile iad a earcú le bheith ar Choiste Pleanála Teanga na Rosann
Réimsí an Bhirt	C, D, F
Crítéir PT	10, 11, 12
Aidhm an Bhirt	Rannpháirtíocht agus úinéireacht an aosa óig ar phróiseas na pleanála teanga sa LPT a chothú
Eolas Breise	• Iarrfar ar an phobalscoil beirt ionadaithe a cheapadh achan bhliain le freastal ar chruinnithe de chuid CPTNR ar a laghad uair gach sé mhí (nó níos minice más gá) • Tabharfaidh seo ionadaíocht dhíreach do dhaoine óga ar an choiste • Táthar ag súil go gcuideoidh seo le rannpháirtíocht agus le húinéireacht ar an phleanáil teanga a spreagadh, óir is iad na daoine óga seo an dream is tábhachtaí do thodhchaí na Gaeilge sa LPT

	Athrófar na hionadaithe seo achan bhliain
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - CPTNR (rannpháirtithe) - Pobalscoil na Rosann (rannpháirtithe) - Aos óg an LPT (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	Ní mheastar go mbeidh aon chostas i gceist leis seo
Costas Measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann
Foinse maoinithe	Ní bhaineann
Dúshláin	Daoine óga a fháil le bheith ina n-ionadaithe
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Iarrfar ar mhúinteoirí Gaeilge na Pobalscoile agus/nó ceannairí an chlub óige Gaeilge daoine a mholadh agus a chur in iúl daofa tábacht na hoibre seo
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfar cinnte go bhfuil na hionadaithe seo ag cruinnithe coiste ar a laghad dhá uair sa bhliain
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Gheofar aischothú/moltaí ó na hionadaithe seo achan bhliain ag deireadh a dtréimhse ar an choiste

6.5.4 An Nuatheicneolaíocht

Beart	Liosta d'acmhainní teicneolaíochta a choinneáil agus a scaipeadh ar dhaoine óga ag imeachtaí Gaeilge
Réimsí an Bhirt	C, G
Crítéir PT	2, 11, 12
Aidhm an Bhirt	An úsáid a bhaineann daoine óga as an Ghaeilge agus iad ag plé leis an nuatheicneolaíocht a mhéadú
Eolas Breise	- Léirigh suirbhé na ndaoine óga nach mbaintear ach fíorbheagán úsáide as an Ghaeilge agus daoine óga ag plé le teicneolaíocht (féach 5.2.11) - Toisc go bhfuil níos mó úsáide á baint as aipeanna agus as an idirlíon achan bhliain is léir go gcruthaíonn seo fadhb d'úsáid na Gaeilge sa LPT - Léirigh an taighde, áfach, go bhfuil suim ag mionlach suntasach den aos óg níos mó Gaeilge a úsáid agus iad ag baint úsáide as an nuatheicneolaíocht - Coinneoidh an OPT liosta d'acmhainní teicneolaíochta (aipeanna cosúil le WhatsApp, Snapchat agus áiseanna idirlín dála Facebook, Firefox, Gmail, gutháin le téacsáil thuarthach atá ar fáil trí Ghaeilge srl.) agus déanfar poibliú orthu ag na clubanna óige agus ag imeachtaí trí Ghaeilge don óige - Cuirfear an liosta seo ar www.pleanailteanganarosann.com fosta – déanfar teagmháil leis na meáin chun poiblíocht a dhéanamh air - D'fhéadfadh an liosta seo a bheith úsáideach do dhaoine fásta sa LPT freisin

Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • CPTNR (rannpháirtithe) • Daoine óga an LPT (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	Clúdóidh tuarastal an OPT costas an bhirt seo
Costas Measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann
Foinse maoinithe	Ní bhaineann
Dúshláin	Daoine óga a spreagadh le húsáid a bhaint as na háiseanna seo
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Iarrfar ar bhaill an choiste agus áisitheoirí na gclubanna óige iad a úsáid agus a mholadh don aos óg bunaithe ar a dtaithe féin
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Fiafrófar de rannpháirtithe sna clubanna óige ag tús achan bhliana agus arís ag deireadh na bliana cé na háiseanna teicneolaíochta a úsáideann siad trí Ghaeilge – is féidir seo ag na grúpaí fócais monatóireachta a luaitear i mbeart 6.5.2
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Pléifear torthaí an bhirt seo mar chuid de na cruinnithe a luaitear i 6.3.2 agus 6.3.3 agus le linn cruinnithe le tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile

6.6 Deiseanna Foghlama Iasmuigh den Chóras Oideachais

6.6.1 Ranganna Gaeilge

Beart	Soláthar na ranganna Gaeilge atá ar fáil sa LPT a mhéadú
Réimsí an Bhirt	B, D, E, F, K
Critéir PT	3, 7, 11, 12, 13, 15
Aidhm an Bhirt	Níos mó deiseanna foghlama a chruthú do mhuintir an LPT mar a éilíodh sa suirbhé pobail
Eolas Breise	• Cé go bhfuil soláthar áirithe de ranganna ar fáil sa LPT cheana (an cúrsa TEG – “Teastas Eorpach na Gaeilge” – in Ionad Theampaill Cróine, mar shampla) is léir go bhfuil éileamh ann do níos mó • Dúradh go minic le linn an taighde gur chóir go mbeadh na ranganna seo ar fáil ar phraghas íseal agus ar siúl ag amantaí éagsúla den lá chun freastal ar dhaoine le sceidil éagsúla • Moltar rang(anna) faoi leith a eagrú do “chainteoirí oidhreacht” – daoine a raibh Gaeilge go leor acu agus iad óg ach atá anois as cleachtadh. Is spriocghrúpa an-tábhachtach é seo i gceantar ina bhfuil an Ghaeilge anois lag go leor mar theanga pobail, mar atá sí in LPTNR (féach Smith-Christmas agus Armstrong, 2014; NicLeòid agus NicLeòid, 2018) • Moltar ranganna/cúrsaí éagsúla a dhíríonn ar scileanna teanga faoi leith (cumarsáid labhartha, scríobh na Gaeilge, srl.) – féach 5.3.5 thuas • Ba chóir ranganna a bheith ar siúl in achan toghroinn sa LPT • Tá liosta de mhúinteoirí cáilithe Gaeilge ag Údarás na

	Gaeltachta a d'fhéadfaí a úsáid chun múinteoirí a earcú
Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • CPTNR (rannpháirtithe) • Muintir an LPT (rannpháirtithe) • Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7, ach le méadú ag teacht ar líon na ranganna/cúrsaí in imeacht shaolré an phlean seo
Costas Measta Iomlán	€67,200
Costas Measta in aghaidh na bliana	€9,600 = 30 seachtain sa bhliain, 8 rang @ €40 an rang (€30 don mhúinteoir, €10 do phriontáil agus acmhainní eile)
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Daoine a mhealladh le páirt a ghlacadh sna ranganna seo
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Déanfar poiblíocht go leor ar na cúrsaí seo, ag úsáid na meáin thraidisiúnta agus shóisialta, comharthaí cosúil leis an cheann atá le feiceáil i rannóg 6.4.3, srl.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coinneofar taifead ar an líon daoine a fhreastalaíonn ar na cúrsaí seo agus pléifear é de réir mar is gá ag cruinnithe coiste
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Bheifí ag súil fosta go mbeidh toradh an chlár oideachais seo le feiceáil sa suirbhé ar úsáid na Gaeilge sa LPT a dhéanfar ag deireadh shaolré an phlean seo

6.6.2 Club Foghlaimeoirí Gaeilge

Beart	Club Foghlaimeoirí Gaeilge a bhunú sa LPT
Réimsí an Bhirt	D, H, J, K
Critéir PT	3, 7, 11, 12, 13, 15
Aidhm an Bhirt	Deiseanna foghlama agus úsáide Gaeilge a chruthú do dhaoine fásta taobh amuigh de chomhthéacs an ranga
Eolas Breise	• Bunófar Club foghlaimeoirí Gaeilge do LPTNR. Eagróidh an club seo imeachtaí éagsúla do dhaoine fásta – mar shampla grúpa léitheoireachta agus scríbhneoireachta trí Ghaeilge, turais teoraithe trí Ghaeilge cúpla uair sa bhliain, léachtaí le haoichainteoirí ar ábhair éagsúla, biongó trí Ghaeilge, jiveáil, oícheanta airneála le scéalaíocht ó sheanchaithe áitiúla, ceol agus amhránaíocht, scrúduithe don <i>Fháinne</i>, srl. • Tabharfaidh an club deis do dhaoine sóisialú a dhéanamh trí Ghaeilge i gcomhthéacs neamhfhoirmiúil taobh amuigh den tseomra ranga • Cothóidh an club seo bród san oidhreacht shaibhir Ghaelach atá ag an cheantar seo • D'fhéadfaí an club seo cúrsaí oíche trí Ghaeilge ar ábhar éagsúla (cócaireacht, adhmaadóireacht, ríomhairí, srl.) a réachtáil i bPobalscoil na Rosann, áit a bhfuil go leor de na háiseanna cuí sin ar fáil cheana • I ré ina bhfuil t-aonarú/an t-adamhú sóisialta ag dul i dtreise (le droch-impleachtaí do shláinte intinne agus fhisiciúil daoine) beidh buntáistí sóisialta chomh maith le buntáistí teangeolaíocha ag scéim mar seo, dála

	go leor de na bearta eile a mholtar sa phlean seo • Ar ndóiche tagann an beart seo leis na riachtanais a bhaineann le rannóg 6.10 – Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire
Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • Foghlaimeoirí Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) • CPTNR (rannpháirtithe) • Céim Aniar (rannpháirtithe) • Líonra Leitir Ceanainn (rannpháirtithe) • Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige i gConamara (moltaí agus comhairle)
Saolré an Bhirt	Bliain 2-7
Costas Measta Iomlán	€18,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€3,000 – chun íoc as soláistí, turais, aoichainteoirí agus acmhainní eile de réir mar is cuí
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Daoine a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa chlub seo
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Tá club rathúil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge i gCois Fharraige i gConamara – gheofar comhairle agus moltaí uafasan fa na dóigheanna is fearr le daoine a mhealladh le bheith páirteach sa ghrúpa seo. Bheifí ag súil go bhfásfaidh an bhallraíocht fosta de réir mar a théann líon na ranganna sa LPT i méid. Déanfar poiblíocht ar na himeachtaí in LPTanna eile i mbéal dorais chun foghlaimeoirí ó lasmuigh den LPT a mhealladh má mheastar go mbeadh sin fóirteanach
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na mball a bhíonn ag an chlub seo achan bhliain agus iarrfar moltaí/aischothú ar na baill go rialta
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Bheifí ag súil fosta go mbeidh toradh an bhirt seo le feiceáil sa suirbhé ar úsáid na Gaeilge sa LPT a dhéanfar ag deireadh shaolré an phlean seo

6.6.3 Scoláireachtaí do Chúrsaí Samhraidh

Beart	Cuirfear scoláireachtaí ar fáil chun íoc as cúrsaí samhraidh Gaeilge do dhaoine fásta
Réimsí an Bhirt	D, J, K
Critéir PT	7, 11, 12
Aidhm an Bhirt	Deiseanna breise foghlama a chur ar fáil do dhaoine chun caighdeán a gcuid Gaeilge a fheabhsú go mór in achar gearr
Eolas Breise	• Cuirfear cúig scoláireacht ar fáil achan bhliain do dhaoine fásta atá ag foghlaim Gaeilge sa LPT • Íocfar as táille cúrsa seachtaine agus lóistín fá choinne scoil samhraidh Gaeltachta (cosúil le hOideas Gael, cúrsaí an Acadaimh, FEICIM, Oidhreacht Chorca Dhuibhne, srl.) • Cé gurbh fhearr go ndéanfaí daoine cúrsaí i dTír Chonaill ní chuirfear bac orthu freastal ar chúrsaí eile sa Ghaeltacht ar eagla go mbeadh dátaí do chúrsaí eile sa tír ní b'fhóirteanaí daofa • Fiosrófar leis na soláthróirí cúrsaí an mbeadh siad sásta

	lascaine a chur ar fáil do CPTNR chun cuidiú leis na costais seo
Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • CPTNR (rannpháirtithe) • Lucht freastalaithe ranganna Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) • Club Foghlaimeoirí Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) • Soláthróirí cúrsaí samhraidh Gaeilge ar fud na Gaeltachta (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 4-7
Costas Measta Iomlán	€12,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€3,000 = €600 do gach aon scoláireacht x 5
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Daoine a mhealladh le cur isteach ar na scoláireachtaí seo
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Déanfar neart poiblíochta ar an deis mhaith seo i measc phobal an LPT, go háirithe ag ranganna Gaeilge agus ag an Chlub d'fhoghlaimeoirí Gaeilge
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhaigheann scoláireachtaí, gheofar aischothú uafa tar éis an chúrsa agus iarrfar ar dhuine nó beirt acu achan bhliain piosa gearr a scríobh faoina dtaithí don bhlag ar www.pleanailteanganarosann.com
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Bheifí ag súil fosta go mbeidh toradh an bhirt seo le feiceáil sa suirbhé ar úsáid na Gaeilge sa LPT a dhéanfar ag deireadh shaolré an phlean seo

6.6.4 Taisce Ghaelach na Rosann

Beart	"Taisce Ghaelach" a fhorbairt chun oidhreacht luachmhar theangeolaíoch LPTNR a chaomhnú
Réimsí an Bhirt	A, D, K
Crítéir PT	8, 10, 11
Aidhm an Bhirt	Taifead a dhéanamh ar ábhar teangeolaíoch agus béaloideas a bhaineann le LPTNR agus é a chur ar fáil don phobal mar áis oideachais
Eolas Breise	• Ag teacht leis na moltaí a dhéantar sa litríocht acadúil ar an athneartú teanga (e.g. Fishman, 1991: 88-9; Ó Curnáin agus Ó Giollagáin, 2016: 66), eagrófar tionscadail chun taifead cruinn agus cuimsitheach a dhéanamh ar chanúint Ghaeilge na Rosann, mar aon le hábhar béaloideas, amhránaíochta srl. a bhaineann leis an cheantar • Bronnfar deontais ar thaighdeoirí leis na dintiúirí cuí chun tabhairt faoin obair seo gach bliain, ag tosú i mbliain a dó de shaolré an phlean • Ba chóir taifeadtaí fise a dhéanamh de chainteoirí dúchais Gaeilge an LPT agus eagarthóireacht a dhéanamh ar ábhar a foilsíodh faoin limistéar roimhe • Cuirfear ábhar a bhailítear ar fáil saor in aisce ar www.pleanailteanganarosann.com mar áis

	oideachais d'fhoghlaimoirí Gaeilge an LPT Tá samplaí den chineál ruda a d'fhéadfaí a dhéanamh leis an tionscadail seo ar fáil ag: www.gaeiglenalachan.wordpress.com www.guthan.wordpress.com www.cainntmomhathar.com www.learnmanx.com
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - Taighdeoirí fóirsteanacha (rannpháirtithe) - Pobal an LPT (rannpháirtithe) - Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 3-7
Costas Measta Iomlán	€10,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€2,000
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Taighdeoirí cáilithe a fháil le tabhairt faoin obair seo
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Déanfar poiblíocht ar an tionscadal seo i rannóga Gaeilge ollscoileanna na tíre, agus níos faide i gcéin más gá
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na n-iarratas a fhaightear don mhaoiniú seo agus pléifear é de réir mar is gá ar na cruinnithe coiste
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Déanfaidh an OPT monatóireacht ar mhéid na n-ábhar a chuirfear ar fáil de thairbhe an bhirt seo achan bhliain agus ar líon na ndaoine a amharcann air ar an suíomh idirlín

6.6.5 Scéim Máistir-Printíseach

Beart	Scéim Máistir-Printíseach a reáchtáil sa LPT
Réimsí an Bhirt	D, J, K
Crítéir PT	7, 11, 12
Aidhm an Bhirt	Nascanna a thógáil idir foghlaimoirí agus cainteoirí líofa an LPT, go háirithe seandaoine a tógadh le Gaeilge sa cheantar
Eolas Breise	- Tá an scéim “máistir-printíseach” a d'fhorbair an tOllamh Leanne Hinton i gCalifornia ar cheann de na gúim is éifeachtaí a cumadh le scór bliain anuas chun mionteangacha a athneartú ina bpobail dhúchais (Hinton, 2001). Tá a leithéid de scéim ar siúl go rathúil i LPT Chloich Cheann Fhaola anois faoin teideal <i>Gaelchara</i> - Faoin scéim seo caitheann duine fásta atá ag iarraidh an teanga a fhoghlaim uaireanta a chloig leis an chainteoir líofa achan seachtain – trí mheán na sprioctheanga amháin – chun deis a thabhairt don fhoghlaimoir an teanga a shealbhú ar bhealach nádúrtha le cur chuige an tumoideachais - Is féidir le rannpháirtithe dul i mbun gnáthchúraimí an tsaoil agus an t-am seo á chaitheamh acu le chéile – ní rang atá ann, ach deis cainte

	• Reáchtálfar seo ar bhonn deonach • Meastar gur chóir ar a laghad cúigear máistrí agus cúigear printísigh a chlárú don scéim seo le linn na chéad bhliana den scéim agus an uimhir seo a mhéadú as sin amach ag brath ar éileamh • Le tosú amach creidtear gur chóir do mháistrí agus printísigh ceithre uair a chloig achan seachtain a chaitheamh i gcomhlúadar a chéile (.i. suas go tuairim 200 uair a chloig sa bhliain). • Tuigtear go mbeidh na printísigh ag freastal ar rang/cúrsa Gaeilge eile ar bhonn rialta mar bharr ar an ionchur seo agus go n-úsáidfí siad gnáthbhealaí foghlama eile fosta (ag éisteacht le RnaG, ag freastal ar ócáidí teanga, mar shampla). Tá seo tábhachtach le cinntiú go bhfaigheann siad ionchur go leor chun líofacht a bhaint amach • Déanfar poiblíocht ar an scéim fríd na gnáthbhealaí poiblíochta (féach 6.2.8, 6.9.1, Caibidil 8) • Thig físeán maith faoin gclár seo in úsáid chun Gaeilge na hAlban a athneartú in Albain Nua a fheiceáil ar Youtube: <i>Bun is Bàrr Root & Branch Intergenerational Learning in Gaelic Nova Scotia short documentary</i>: https://www.youtube.com/watch?v=6tu8KfJV4KE
Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • Foghlaimeoirí Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) • Cainteoirí líofa Gaeilge an LPT (rannpháirtithe) • Club foghlaimeoirí Gaeilge na Rosann (rannpháirtithe) • LPT Chloich Cheann Fhaola (Comhairle agus tacaíocht)
Saolré an Bhirt	Bliain 2 – ullmhúchán agus poiblíocht Bliain 3-7 – feidhmiú an bhirt
Costas Measta Iomlán	€8,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€2,000 chun íoc as ceithre ócáid sa bhliain (€500 an ceann) do na rannpháirtithe uilig le teacht le chéile – clúdóidh seo cíós ionaid, soláistí, poiblíocht, srl.
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshlán	Rannpháirtithe go leor a spreagadh le bheith páirteach sa scéim seo
An dóigh a shárófar na dúshlán sin	Déanfar neart poiblíochta ar an scéim seo, atá nuálaíoch go maith i gcomhthéacs na hÉireann agus míneofar chomh héifeachtach is atá sé do dhaoine atá dáiríre faoi fhoghlaim na Gaeilge, mar aon leis an ráth a bhí ar an scéim i dtíortha eile ar fud an domhain
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Tabharfar ceistneoir aischothaithe do rannpháirtithe gach bliain agus iarrfar orthu a dtuairimí ar an scéim a chur in iúl. Iarrfar ar chuid acu píosaí a scríobh do bhlag pleanailteanganarosann.com
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Bheifí ag súil fosta go mbeidh toradh an bhirt seo le feiceáil sa suirbhé ar úsáid na Gaeilge sa LPT a dhéanfar tar éis shaolré an phlean seo

6.7 An Earnáil Ghnó

Le roinnt blianta anuas tá go leor taighde tar éis teacht amach a léiríonn an nasc dearfach is féidir a bheith idir chur chun cinn na Gaeilge agus rath eacnamaíochta. Is gné faoi leith é a bhaineann le LPTNR go bhfuil an Ghaeilge fós á labhairt go dúchasach sa cheantar agus déantar moltaí anseo chun an teanga a chur chun tosaigh in earnáil an ghnó agus an nasc dearfach forbartha úd a chothú. Mar a deir Pine agus Gilmore ina saothar cáiliúil *The Experience Economy* (1999):

Be different or be dead. Memorable experiences are about creating value. Value is the defining factor. When there is no difference in value people buy on price alone. You can only compete on price for so long but you can compete on value forever.

Déantar argóintí gaolmhara a dhíríonn ar chúrsaí teanga ach go háirithe i Walsh (2004, 2011) agus Bradley agus Kennelly (2008, 2013).

Meastar go bhfuil féidearthachtaí móra ann chun an obair seo (agus go leor de na bearta eile sa phlean seo) a nascadh leis an phlean don Chlochán Liath mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta a bheas á scríobh sna blianta beaga amach romhainn agus cuid de na costais seo a roinnt leis an mhaoiniú a chuirfear ar fáil don phlean sin.

6.7.1 Seirbhís Aistriúcháin

Beart	Seirbhís aistriúcháin saor in aisce a chur ar fáil do ghnólaigh agus grúpaí pobail sa LPT
Réimsí an Bhirt	E, F, K
Critéir PT	2, 3, 13, 14, 15, 18
Aidhm an Bhirt	Cinntear leis an bheart seo go bhfuil comhlachtaí agus grúpaí áitiúla in ann ábhar a fháil aistrithe go Gaeilge chruinn gan aon chostas
Eolas Breise	• Luadh go minic sa taighde a rinneadh don phlean seo gur chóir go mbeadh an Ghaeilge ní b'fheiceálaí in earnáil an ghnó agus cuideoidh an beart seo leis sin a bhaint amach • Cosúil leis an tionscadal rathúil atá ag an ghrúpa <i>Gaillimh le Gaeilge</i> i gcathair na Gaillimhe, cuirfear seirbhís aistriúcháin ar fáil do chomhlachtaí ar mian leofa ábhar i nGaeilge a sholáthar • Beidh comhlachtaí in ann ábhar a chur chuig an OPT agus cuirfear amach é chuig aistritheoir proifisiúnta ansin • Beidh deis anseo comhoibriú le LPTanna eile i nDún na nGall atá ag cur beart cosúil leis seo i bhfeidhm fosta
Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • Gnólaigh an LPT (rannpháirtithe) • Aistritheoirí gairmiúla lonnaithe i dTír Chonail (rannpháirtithe) • Baile Seirbhíse Gaeltachta an Chlochán Léith (rannpháirtithe) • LPTanna eile i nDún na nGall (rannpháirtithe)

Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€8,400, ag brath ar an éileamh a bheas ar an tseirbhís
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,200 (meastúchán bunaithe ar aistriúchán ar 15,000 focal @ €0.08 an focal)
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Comhlachtaí a spreagadh le húsáid a bhaint as an tseirbhís seo
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Cuirfear eolas chuig comhlachtaí agus grúpaí pobail an LPT trí ríomhphost ag insint daofa faoin tseirbhís. Déanfar poiblíocht air ar líne, sna meáin srl. nuair a sheolfar an tseirbhís seo
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gcomhlachtaí a úsáideann an tseirbhís seo achan bhliain agus ar líon na bhfocal a aistrítear
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i méid na Gaeilge scríofa atá le feiceáil in úsáid ag gnólachtaí/grúpaí pobail an LPT

6.7.2 Ciste Comharthaíochta

Beart	Ciste a chur ar fáil do chomhlachtaí atá ag iarraidh comharthaíocht as Gaeilge a chrochadh
Réimsí an Bhirt	E, F, K
Crítéir PT	2, 3, 13, 14, 15, 18
Aidhm an Bhirt	Mar bharr ar an tseirbhís aistriúcháin a phléitear in 6.7.1, beidh ciste ar fáil le cuidiú le comhlachtaí agus eagraíochtaí pobail íoc as na costais a bhaineann le comharthaíocht as Gaeilge a chur in airde
Eolas Breise	• Luadh go minic sa taighde a rinneadh don phlean seo gur chóir go mbeadh an Ghaeilge ní b'fheiceálaí sa LPT agus cuideoidh an beart seo leis an "tírdhreach teangeolaíoch" áitiúil a Ghaelú • Tá rath an chineál scéime seo le feiceáil go soiléir i gCathair na Gaillimhe, áit a bhfuil an Ghaeilge anois i bhfad Éireann níos feiceálaí ná a bhí fiú 15 bliain ó shin, de thairbhe obair Ghaillimh le Gaeilge • Tá scéimeanna maoinithe don chineál oibre seo ag Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge cheana, mar sin ní gá mórán de bhuiséad pleanála teanga na Rosann a chaitheamh air, ach poiblíocht a dhéanamh ar na scéimeanna atá ann cheana
Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • Gnólachtaí an LPT (rannpháirtithe) • Eagraíochtaí Pobail (rannpháirtithe) • Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe) • Foras na Gaeilge (rannpháirtithe) • Baile Seirbhíse Gaeltachta an Chlocháin Léith (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 2-7
Costas Measta Iomlán	c. €12,000, ach táthar ag súil go mbeidh roinnt mhaith maoinithe ar fáil fá choinne seo ó Fhóras na Gaeilge agus

	Údarás na Gaeltachta fosta
Costas Measta in aghaidh na bliana	c. €2,000 – ach braithfidh an costas seo ar líon na gcuideachtaí a úsáideann an tseirbhís
Foinse maoinithe	RCOG, Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge
Dúshláin	Comhlachtaí a spreagadh le húsáid a bhaint as an tseirbhís seo
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Cuirfear eolas chuig comhlachtaí an LPT trí ríomhphost ag insint daofa faoin tseirbhís. Déanfar poiblíocht air ar líne, sna meáin srl. nuair a sheolfar an tseirbhís sa darna bliain den phlean
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gcomhlachtaí a úsáideann an tseirbhís seo achan bhliain agus ar líon na gcomharthaí Gaeilge a chuirtear in airde dá bharr
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i méid na comharthaíochta as Gaeilge atá le feiceáil in úsáid ag grúpaí/gnólachtaí an LPT

6.7.3 An Tairiscint Ghníomhach

Beart	Eolas ar agus úsáid chur chuige na tairisceana gníomhaí a mhéadú sa LPT
Réimsí an Bhirt	E, F, K
Critéir PT	2, 3, 13, 14, 15, 18
Aidhm an Bhirt	Méid na Gaeilge a úsáidtear in earnáil an ghnó agus in eagraíochtaí pobail an LPT a mhéadú
Eolas Breise	- Leis an “tairiscint ghníomhach” beannaíonn oibrithe dátheangacha do chustaiméirí trí Gaeilge agus Béarla mar aon ag tús comhrá – “Dia duit, Hello”, mar shampla – chun rogha a thabhairt don chustaiméir faoi cén teanga is mian leofa a úsáid - Is cur chuige é seo atá aitheanta mar dheachleachtas i suíomhanna dátheangacha go hidirnáisiúnta - Scaipfidh baill an choiste agus an OPT ábhar poiblíochta faoin gcoincheap seo ar ghnólachtaí agus ar ghrúpaí áitiúla - Má mheastar go bhfuil éileamh ann fána choinne d'fhéadfaí an OPT ceardlann a réachtáil faoi seo agus cuiridh a sheoladh amach chuig na teagmhálaithe atá ag an choiste
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - Gnólachtaí an LPT (rannpháirtithe) - Eagraíochtaí Pobail (rannpháirtithe) - Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe) - Foras na Gaeilge (rannpháirtithe) - Baile Seirbhíse Gaeltachta an Chlocháin Léith (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 3-7
Costas Measta Iomlán	€400
Costas Measta in aghaidh na bliana	€100 chun íoc as dearthóir chun ábhar tarraingteach poiblíochta faoin ábhar seo a dhéanamh sa chead bhliain agus ansin bliain eile d'fhéadfaí físeán gearr a dhéanamh

	chun an tógra seo a mhíniú
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Comhlachtaí a spreagadh leis an chur chuige seo a chur chun cinn
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Déanfar poiblíocht tharraingteach ar an scéim seo agus cuirfear an smaoineamh chun cinn ag ócáidí a eagraíonn an OPT nó an coiste
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gcomhlachtaí/n-eagraíochtaí poiblí a úsáideann an tseirbhís seo
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil sa taighde a dhéanfar ag deireadh saolré an phlean seo faoi úsáid na Gaeilge sa LPT

6.7.4 Gradaim Ghnó le Gaeilge LPTNR

Beart	Duais bhliantúil a bhronnadh ar na comhlachtaí a dhéanann an iarracht is mó chun an Ghaeilge a chur chun cinn
Réimsí an Bhirt	E, F, K
Crítéir PT	2, 3, 13, 14, 15, 18
Aidhm an Bhirt	Méid na Gaeilge a úsáidtear in earnáil an ghnó sa LPT a mhéadú
Eolas Breise	• Cosúil leis an scéim duaiseanna atá ag Gaillimh le Gaeilge, bronnfar duais ar na comhlachtaí áitiúla a dhéanann an iarracht is mó chun úsáid na Gaeilge a spreagadh • D'fhéadfaí catagóir éagsúla a fhógairt do na duaiseanna seo, mar shampla: 1. Seirbhís trí Ghaeilge 2. Comharthaíocht/Fógraíocht as Gaeilge 3. Úsáid na Gaeilge ar na meáin shóisialta • Déanfar poiblíocht fairsing ar na comhlachtaí a bhuann duaiseanna ag úsáid na ngnáthbhealaí poiblíochta • Cuideoidh na duaiseanna seo le comhlachtaí a spreagadh chun úsáid a bhaint as na bearta eile a luaitear sa rannóg seo • D'fhéadfaí urraíocht a fháil don duais seo ó Ghlór na nGael nó a leithéid, is dócha
Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • Gnólachtaí an LPT (rannpháirtithe) • Eagraíochtaí Pobail (rannpháirtithe) • Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe) • Foras na Gaeilge (rannpháirtithe) • Glór na nGael (rannpháirtithe) • Baile Seirbhíse Gaeltachta an Chlocháin Léith (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 5-7 (ainmniúcháin i mí Lúnasa, gradaim á mbronnadh i mí na Samhna gach bliain)
Costas Measta Iomlán	€3,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€1,000 – íocfaidh seo as duaiseanna agus costais na moltóirí

Foinse maoinithe	RCOG, Glór na nGael, Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta
Dúshláin	Misneach a chothú i measc comhlachtaí gur féidir leofa na duaiseanna seo a bhuachan
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Cuirfidh an OPT tacaíochtaí ar fáil go leanúnach chun cuidiú le gnólachtaí a chuireann suim sna duaiseanna seo
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfar athbhreithniú ar an scéim seo ag an chruinniú coiste ag deireadh achan bhliana. Gheofar aiseolas ó chomhlachtaí an cheantair agus baill an phobail faoin scéim ag grúpaí fócais má mheastar go mbeadh sin fiúntach
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Coinneoidh an OPT cuntas ar líon na gcomhlachtaí a chuireann isteach le bheith páirteach sa scéim seo

6.7.5 Tacaíochtaí eile do ghnólachtaí an LPT

Beart	Tacaíochtaí eile a chur ar fáil do ghnólachtaí an LPT atá ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn
Réimsí an Bhirt	E, F, K
Critéir PT	2, 3, 13, 14, 15, 18
Aidhm an Bhirt	Lucht gnó a chur ar an eolas faoi bhealaí eile ar féidir leofa an Ghaeilge a chur chun cinn, agus na buntáistí a bhaineann leis seo a dhéanamh
Eolas Breise	• Ar ndóiche tá go leor bealaí eile ann chun an Ghaeilge a chur chun cinn in earnáil an ghnó, agus beidh an OPT freagrach as an iarracht chun iad seo a chur ar shúile lucht gnó an LPT • D'fhéadfaí ciorcail chomhrá a reáchtáil ag am lóin uair sa tseachtain i láthair oibre faoi leith, Randox mar shampla – clúdófar an búiséad don bheart seo an costas fá chóinne tae agus ceapairí ag a leithéid d'ócáid • Reáchtálfar seimineár/léacht phoiblí le saineolaithe gnó/margaíochta uair sa bhliain chun tábhacht na Gaeilge mar phointe uathúil díolacháin a phlé le lucht gnó na háite – daoine cosúil leis an Dr Finbar Bradley ó UCD, Bríd Ní Chonghóile ó Ghaillimh le Gaeilge nó feidhmeannaigh de chuid an Údaráis, mar shampla • D'fhéadfaí ceardlanna/ranganna faoi leith a eagrú do chomhlachtaí atá ag iarraidh go mbeadh baill foirne ar a gcumas déileáil le custaiméirí trí Ghaeilge • Cuideofar le comhlachtaí stádas aitheantais a bhaint amach – Marc Q Fhoras na Gaeilge • Tá go leor ábhar ag Foras na Gaeilge atá dírithe ar gnólachtaí – ba chóir seo a fháil agus a dháileadh ar chomhlachtaí/eagraíochtaí poiblí sa LPT – rudaí cosúil le comharthaí leithris as Gaeilge, suaitheantais le tabhairt do bhaill foirne ag rá "tá cúpla focal agam"/"tá Gaeilge mheasartha agam"/"tá Gaeilge líofa agam", srl.

Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • Gnólachtaí an LPT (rannpháirtithe) • Eagraíochtaí Pobail (rannpháirtithe) • Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe) • Foras na Gaeilge (rannpháirtithe) • Baile Seirbhíse Gaeltachta an Chlochán Léith (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€14,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€2,000 chun íoc as soláistí, priontáil agus léacht phoiblí (ar a n-áirítear costais taistil don chainteoir, cíós ionaid, lóistín agus poiblíocht)
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Suim na ngnólachtaí a spreagadh sna tacaíochtaí seo
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Déanfar poiblíocht tharraingteach ar na seirbhísí seo ar bhonn leanúnach i measc lucht gnó an LPT
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Aiseolas a lorg ó rannpháirtithe maidir le héifeacht na mbeart agus súil a choinneáil ar úsáid na Gaeilge i ngnóthaí an LPT
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Coinneoidh an OPT cuntas ar líon na gcomhlachtaí a chuireann isteach le bheith páirteach sa scém seo. Ba chóir go mbeadh toradh na hoibre seo le feiceáil sa suirbhé a dhéanfar ar úsáid teanga ag deireadh na seacht mbliana seo fosta

6.8 Eagraíochtaí Pobail, Comharchumainn agus Seirbhísí Stáit

Táthar ag súil go gcuideoidh go leor de na bearta a luaitear sa chaibidil seo le húsáid na Gaeilge a mhéadú i measc eagraíochtaí pobail agus comharchumainn an LPT. Ba chóir úsáid a bhaint as na hionaid phobail chun imeachtaí a reáchtáil iontu chomh minic agus is féidir, agus ar ndóiche beidh eagraíochtaí agus ionaid in ann cur isteach ar na tacaíochtaí comharthaíochta, aistriúcháin srl. a luaitear i rannóg 6.7 thuas.

Siocair go bhfuil go leor de na heagraíochtaí pobail sa LPT maoinithe le hairgead poiblí tá sé ríthábhachtach ar ndóiche go mbeadh siad ag teacht le hobair na pleanála teanga sa LPT agus ag déanamh a ndíchill chun tacú léi. Chuige sin, ba chóir d'ionaid phobail agus grúpaí stát-mhaoinithe eile a bheith ina n-eiseamláir den dea-chleachtas maidir leis an tairiscint ghníomhach, comharthaíocht as Gaeilge, ócáidí teanga agus rudaí eile a phléitear sa chaibidil seo.

Moltar go mbeadh suíomhanna idirlín ar nós www.therosses.ie agus www.maghery.ie atá ceangailte leis an cheanneagraíocht ar fáil i nGaeilge. Cuideoidh an tseirbhís aistriúcháin (6.7.1) leis seo a dhéanamh.

6.8.1 Eagraíochtaí pobail agus seirbhísí poiblí/stáit a spreagadh

Beart	Eagraíochtaí pobail agus seirbhísí stáit a spreagadh le tacú go gníomhach leis an phleanáil teanga
Réimsí an Bhirt	F
Critéir PT	1, 3, 10, 11 12, 13, 14, 15, 18
Aidhm an Bhirt	Cinntiú go bhfuil eagraíochtaí pobail agus comharchumainn stát-mhaoinithe ag tacú le próiseas na pleanála teanga de réir mar leagtar amach sa reachtaíocht é
Eolas Breise	- Ar ndóiche beidh gá le hiarracht mhór ó thaobh go leor de na heagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí stát-mhaoinithe eile de sa LPT (ar a n-áirítear seirbhísí poiblí cosúil leis an Chomhairle Contae, seirbhísí sláinte, agus seirbhísí stáit eile) má tá rath le bheith ar an phleanáil teanga in LPTNR - Beidh ar an choiste agus an OPT a bheith feasach faoi seo agus monatóireacht a dhéanamh ar ghrúpaí/eagraíochtaí atá maoinithe ag airgead poiblí le cinntiú go bhfuil siad ag cloí lena ndualgais ina leith seo agus go bhfuil seirbhísí trí Ghaeilge á chur ar fáil acu - Tabharfaidh ball den choiste agus/nó an OPT tuairisc faoi roinnt eagraíochtaí státmaoinithe sa gceantar agus faoin tacaíocht a thugann siad don phróiseas seo ag cruinnithe coiste ar a laghad dhá uair sa bhliain - Iarrfar tacaíocht ó Oifig an Choimisinéara Teanga agus Údarás na Gaeltachta de réir mar is cuí chun an beart seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - Gnólachtaí an LPT (rannpháirtithe) - Eagraíochtaí Pobail (rannpháirtithe) - Seirbhísí stáit (rannpháirtithe) - Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe) - Oifig an Choimisinéara Teanga (rannpháirtithe) - Baile Seirbhíse Gaeltachta an Chlochán Léith (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1: ardú feasachta agus scaipeadh eolais faoina bhfuil ag teastáil ó eagraíochtaí poiblí chun tacú leis an phleanáil teanga Bliain 2-7: monatóireacht
Costas Measta Iomlán	Clúdóidh tuarastal an OPT costas an bhirt seo
Costas Measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann
Foinse maoinithe	Ní bhaineann
Dúshlán	Deá-thoil na n-eagraíochtaí seo a choinneáil agus caidreamh dearfach a chothú leofa
An dóigh a shárófar na dúshlán sin	Cuideoidh feachtas maith feasachta/poiblíochta faoin phleanáil teanga leis seo (beart 6.2.8). Beidh gá le tábhacht na hoibre seo a chur in iúl do na heagraíochtaí áitiúla go héifeachtach agus léiriú daofa gur féidir le próiseas na pleanála teanga tacú leofa ina gcuid oibre féin fosta – ag cur acmhainní agus tacaíochtaí ar fáil daofa, tacaíochtaí nach

	mbeadh ann ach ab é an go bhfuil an phleanáil teanga seo ar siúl
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfaidh an OPT agus CPTNR monatóireacht air seo ag a gcruinnithe rialta (beart 6.2.2)
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i méid na Gaeilge a bhíonn á húsáid ag daoine agus iad ag plé leis an seirbhís seo. Déanfar seo a mheas sa taighde a dhéanfar ag deireadh shaolré an phlean seo

6.9 Na Meáin Chumarsáide

Beidh baint ag roinnt mhaith de na bearta a pléadh thuas leis na meáin chumarsáide (go háirithe beart 6.2.6 (láithreachtaí ar líne) agus 6.3.7 – clár taifeadtaí/raidió/podchraoltaí do dhaoine óga). Chomh maith leis sin beidh ar an OPT agus ar an choiste deá-chaidreamh a chothú leis na meáin Ghaeilge agus Bhéarla chun poiblíocht a fháil ar a gcuid oibre ar bhonn rialta le cinntiú go gcoinnítear pobal an LPT ar an eolas faoi dhul chun cinn phróiseas na planála teanga.

6.9.1 Íomha na Pleanála Teanga i LPTNR

Beart	Íomha na planála teanga i LPTNR a fheabhsú agus a mhéadú le scéalta rialta sna meáin chumarsáide
Réimsí an Bhirt	G (agus na réimsí ar fad eile, ag brath ar an chomhthéacs)
Critéir PT	3, 12, 13, 14, 15, 16, 18, 19
Aidhm an Bhirt	Feasacht ar rath phróiseas na planála teanga i LPTNR a ardú agus deá-thoil a chothú ina leith
Eolas Breise	- Leas a bhaint as na meáin chumarsáide áitiúla Ghaeilge agus Bhéarla le bolscaireacht a dhéanamh ar chúrsaí Gaeilge sa LPT chun saibhreas cultúrtha agus oidhreachta na háite a léiriú agus a chur chun cinn - LPTNR a chur chun tosaigh mar “bhranda” chun turasóirí (agus turasóirí teanga/cultúrtha ach go háirithe) a mhealladh chun na háite - Beidh sé i measc na ndualgas a bheas ar an OPT agus oifigeach caidreamh poiblí an choiste scéalta maidir le cúrsaí planála teanga in LPTNR a scaipeadh ar na meáin chumarsáide go rialta - Iarrfar cúnamh ar bhaill an choiste ag scríobh preasráiteas nó ag déanamh agallamh leis na meáin de réir mar is gá - Pléitear an t-ábhar seo tuilleadh i rannóg 8.2.2 thíos
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - CPTNR (rannpháirtithe) - Na meáin chumarsáide Ghaeilge agus Bhéarla (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	Clúdóidh tuarastal an OPT costas an bhirt seo
Costas Measta in	Ní bhaineann

aghaidh na bliana	
Foinse maoinithe	Ní bhaineann
Dúshláin	Aird/suim na meán a choinneáil i scéal na pleanála teanga sa LPT
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Beidh ar an OPT meascán leathan de scéalta ar ábhar difriúla a chur chuig na meáin i bhfoirm preasráiteas agus íomhanna fóirsteanach a chur amach in éindí leofa
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Pléifear seo ag cruinnithe coiste de réir mar a theastaíonn
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Déanfaidh an OPT taifead ar líon na scéalta a chlúdaítear sna meáin achan bhliain

6.10 Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire

Tá nasc ag go leor de na bearta a pléadh thuas maidir le foghlaim na Gaeilge/acmhainní oideachais le seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire. Ar ndóiche is iomaí duine a fhreastalaíonn ar ranganna Gaeilge mar chaitheamh aimsire, agus cuirfidh an Club Foghlaimeoirí Gaeilge a mholtar i mbeart 6.6.2 go leor imeachtaí agus ócáidí (oícheanta airneála, club leabhar, turais teoraithe, srl.) ar siúl a chuirfeas le saol sóisialta an LPT. Moladh thuas chomh maith go mbeadh ócáidí sóisialta atá dírithe ar an aos óg ach go háirithe á n-eagrú ar bhonn rialta (beart 6.5.2).

Luaigh go leor daoine a d'fhreagair an suirbhé pobail fosta gur chóir béim a leagan ar an Chumann Lúthchleas Gael, mar a mholtar thíos.

6.10.1 An Cumann Lúthchleas Gael

Beart	Tacaíocht an OPT agus CPTNR a chur ar fáil don CLG sa limistéar
Réimsí an Bhirt	J
Critéir PT	6, 8, 10, 11, 12
Aidhm an Bhirt	Tacú leis an Chumann Lúthchleas Gael agus iad ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn
Eolas Breise	- Déanfaidh an OPT/baill an choiste a bhfuil nasc acu leis an CLG teagmháil leis na cumainn áitiúla chun iarradh orthu cé na céimeanna a bheadh siad sásta a thógáil chun an Ghaeilge a chur chun cinn ina gclubanna - Molfar do na cumainn seisiúin traenála a dhéanamh trí Ghaeilge más féidir (nó go dátheangach) agus a bheith cinnte go bhfuil comharthaíocht Ghaeilge in airde timpeall fhoirgnimh na gclubanna, ar na geataí, sna seomraí feistis srl. - Molfar go mbeadh an Ghaeilge le feiceáil i leathanaigh mheáin shóisialta na gclubanna agus i miontuairiscí, i bhfógraíocht, i dteachtaireachtaí téacs/whatsapp agus in aon mheán poiblíochta eile a

	úsáideann siad - Cuirfear ar a súile an tseirbhís aistriúcháin (beart 6.7.1) agus na seisiúin oiliúna do thraenálaíthe (beart 6.10.2) chomh maith - Molfar go gcuirfeadh na cumainn seo ranganna Gaeilge ar siúl ar chostas íseal fosta, rud a mhol roinnt mhaith de na freagróirí sa suirbhé pobail - Tacófar leis na cumainn cur isteach ar Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - CPTNR (rannpháirtithe) - An Cumann Lúthchleas Gael sa LPT (rannpháirtithe) - Oifigigh Gaeilge an CLG sa LPT (rannpháirtithe) - Glór na nGael (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 3-7
Costas Measta Iomlán	Clúdóidh tuarastal an OPT costas an bhirt seo
Costas Measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann
Foinse maoinithe	Ní bhaineann
Dúshláin	Caidreamh dearfach a chothú idir an OPT agus na cumainn áitiúla le go dtuigfidh siad go bhfuil an OPT agus an coiste ann chun cuidiú leofa agus iad ag féachaint leis an Ghaeilge a chur chun cinn
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Eagrófar cruinnithe idir ionadaithe an CLG agus an OPT/baill eile ón choiste chun obair na pleanála teanga sa cheantar a mhíniú
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Pléifear feidhmiú an bhirt seo ag cruinnithe coiste de réir mar a theastaíonn
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Coinneofar taifead ar aon chomhfhreagras leis na cumainn áitiúla. Coinneoidh an OPT agus baill an choiste súil ar an mhéid Gaeilge a úsáideann an CLG go háitiúil

6.10.2 Oiliúint agus Tacaíocht do Thraenálaíthe/Lucht Stiúrtha Caitheamh Aimsire

Beart	Seisiúin traenála faoi úsáid na Gaeilge a chur ar fáil do thraenálaíthe spóirt/teagascóirí/lucht stiúrtha caitheamh aimsire eile sa LPT
Réimsí an Bhirt	D, J, K
Crítéir PT	2, 10, 11, 12
Aidhm an Bhirt	Daoine atá i bhfeighil ar chúrsaí spóirt, caitheamh aimsire agus campaí samhraidh sa LPT a chumasú le Gaeilge a úsáid agus iad i mbun a ngraithe
Eolas Breise	- Cuirfear seisiúin oiliúna ar fáil do dhaoine a bhíonn ag reáchtáil seirbhísí sóisialta/caitheamh aimsire sa LPT chun bealaí leis an Ghaeilge a chur chun cinn a mhúineadh daofa, fiú muna mbíonn mórán Gaeilge acu féin - Eagrófar sraith ceardlann ar an ábhar seo agus tabharfar cuireadh do thraenálaíthe, do theagascóirí, srl.

	- Déanfaidh an OPT áisitheoireacht ar na ceardlanna seo, ach d'fhéadfaí aoichainteoirí a thabhairt isteach de réir mar is cuí - Moltar ábhar saincheaptha (m.sh. liosta focal a bhaineann le spórt, ceol, srl.) a chur ar fáil do rannpháirtithe - Fiosrófar an féidir seo a dhéanamh in éindí le LPT Ghaoth Dobhair agus Íochtar na Rosann - Ar ndóiche míneofar na seirbhísí eile atá ar fáil (seirbhís aistriúcháin, ranganna ar ábhar faoi leith, srl.) chomh maith
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - CPTNR (rannpháirtithe) - Lucht caitheamh aimsire agus spóirt sa LPT (rannpháirtithe) - LPT Ghaoth Dobhair agus Íochtar na Rosann (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1: Socruithe agus ullmhúchán, bunachar teagmhálaithe a chur le chéile Bliain 2-7: Feidhmiú an bhirt
Costas Measta Iomlán	€3,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€500 (priontáil, poiblíocht agus beirt aoichainteoirí gach bliain)
Foine maoinithe	RCOG
Dúshlán	Rannpháirtíocht a spreagadh
An dóigh a shárófar na dúshlán sin	Déanfar gach iarracht le dea-chaidreamh a chothú idir lucht caitheamh aimsire sa LPT agus an OPT agus an coiste – iarrfar ar bhaill an choiste a bhfuil baint acu le cumainn spóirt agus grúpaí eile sa LPT cuidiú leis an obair seo
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Iarrfar ar rannpháirtithe foirm aiseolais a líonadh ag deireadh na seisiún seo
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na ndaoine a ghlacann páirt i gceardlanna den chineál seo

6.11 Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil

6.11.1 Comharthaíocht Ghaeilge sa LPT

Beart	Cur le feiceálacht na Gaeilge sa "tírdhreach teangeolaíoch" sa LPT
Réimsí an Bhirt	I
Critéir PT	17
Aidhm an Bhirt	Feiceálacht na Gaeilge scríofa a mhéadú in LPTNR
Eolas Breise	- Tá go leor comharthaíochta atá i mBéarla amháin sa LPT – agus roinnt mhaith de a sháraíonn forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 - Déanfar gach iarracht le linn shaolré an phlean teanga an fadhb seo a leigheas agus cur le méid na Gaeilge atá le feiceáil sa LPT

	- Cuideoidh bearta eile thuasluaite leis seo, mar shampla 6.4.3, 6.7.1 agus 6.7.2, ach beidh gá leis an Chomhairle Contae a spreagadh le bheith níos feasaí ar chúrsaí teanga sa LPT fosta - Déanfaidh an OPT teagmháil leis an Chomhairle chun an cheist seo a phlé agus iarracht a dhéanamh fuascailt a fháil uirthi - Má chliseann ar na hiarrachtaí seo déanfar teagmháil le hOifig an Choimisinéara Teanga
Páirtithe Leasmhara	- OPT (príomhúinéir) - CPTNR (rannpháirtithe) - Comhairle Chontae Dhún na nGall (rannpháirtithe) - Oifig an Choimisinéara Teanga (rannpháirtithe) - Baile Seirbhíse Gaeltachta an Chlochán Léith (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	Clúdóidh tuarastal an OPT costas an bhirt seo
Costas Measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann
Foinse maoinithe	Ní bhaineann
Dúshláin	An Comhairle Contae a spreagadh le cloí le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Muna mbíonn an Comhairle sásta iarracht níos fearr a dhéanamh maidir leis an cheist seo cuirfidh an OPT/baill an choiste gearán oifigiúil isteach chuig an Choimisinéir Teanga
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coinneoidh an OPT agus baill an choiste súil ar mhéid na comharthaíochta atá le feiceáil i mBéarla sa LPT le cinntiú go bhfuil sé á laghdú in imeacht shaolré an phlean
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh rath an bhirt seo le feiceáil sa mhéadú ar líon na comharthaíochta Gaeilge atá sa LPT

6.12 Eile

6.12.1 Ciste lánroghnach

Beart	Ciste lánroghnach a chur ar fáil chun tacú le grúpaí/daoine aonara ar mian leofa an Ghaeilge a chur chun cinn
Réimsí an Bhirt	D, J, K
Critéir PT	8, 10, 11, 12, 19
Aidhm an Bhirt	Solúbthacht bhreise a thabhairt don OPT/don choiste chun tacú le tograí fiúntacha teanga sa LPT
Eolas Breise	- Cuirfear ciste ilroghnach ar fáil do ghrúpaí/daoine aonair atá ag iarraidh tacaíocht airgeadais suas go €500 a fháil fá choinne imeachtaí nua, féilte nua, srl. a bheas á n-eagrú trí Ghaeilge sa LPT - Déanfaidh CPTNR iarratais a mheas. Leagfaidh an OPT amach critéir shonracha don chiste chun seo a dhéanamh go cothrom

Páirtithe Leasmhara	• OPT (príomhúinéir) • CPTNR (rannpháirtithe) • Muintir an LPT (rannpháirtithe) • Údarás na Gaeltachta (rannpháirtithe)
Saolré an Bhirt	Bliain 1: Poiblíocht a dhéanamh ar an scéim seo Bliain 2-7: Cur i bhfeidhm
Costas Measta Iomlán	€12,000
Costas Measta in aghaidh na bliana	€2,000
Foinse maoinithe	RCOG
Dúshláin	Fiúntas na dtograí/na n-iarratas a mheas
An dóigh a shárófar na dúshláin sin	Leagfaidh an OPT coinníollacha sonracha chun fiúntas iarratais a mheas agus pléifear iarratais ag cruinnithe coiste. Déanfar vótáil orthu i gcás éiginnteachta, ach tabharfar achan aird do thuairim an OPT ar an cheist seo
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfaidh féidhmiú an bhirt seo a phlé ag cruinnithe an choiste ar bhonn rialta
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Coinneofar taifead ar na deontais a thabharfar amach agus ar an líon iarratas a fhaightear achan bhliain agus ar an éifeacht a mbíonn ag na tógraí a mhaoinítear

6.13 Amscála maidir le Feidhmiú na mBeart

Leagtar amach anseo clár ama maidir le feidhmiú na mbeart ar fad, ó thús go deireadh shaolré an phlean teanga. Ar ndóiche, ní chuirfear tús leis na bearta go dtí go gceapfar OPT a bhfuil na cailíochtaí agus na scileanna riachtanacha aige/aici leis an obair thábhachtach seo a chur i gcrích.

Bosca gorm = Ullmhúchán don bheart

Bosca glas = Beart ar siúl

Bosca dearg = Beart fos le tosú nó críochnaithe cheana

	BEART AGUS BLIAIN	1	2	3	4	5	6	7
6.2.1	Struchtúr Feidhmithe							
6.2.2	Ceapachán an Oifigigh Pleanála Teanga							
6.2.3	Taithí agus léargas an Chomhairleora Pleanála Teanga							
6.2.4	Oifig an Oifigigh Pleanála Teanga							
6.2.5	Bunachar Teagmhálaithe							
6.2.6	Láithreachtaí ar líne							
6.2.7	Seoladh Plean Teanga LPT na Rosann							
6.2.8	Feachtas Feasachta							
6.3.1	Scéim na gCúntóirí Teanga							
6.3.2	Polasaí don Oideachas Gaeltachta							
6.3.3	Tacaíochtaí do bhunscoileanna eile an cheantair							
6.3.4	Tacú le scéim teanga Phobalscoil na Rosann							
6.3.5	Tacaíochtaí Teanga i measc Óige an LPT							
6.3.6	Feasacht Teanga i measc óige an LPT							
6.3.7	Tionscadal taifeadtaí/raidió/podchraoltaí							
6.3.8	Roghanna Oideachais Ghaeilge ag an Tríú Leibhéal							
6.3.9	Scoláireachtaí do choláistí samhraidh							
6.3.10	Scoláireachtaí Tríú Leibhéal							
6.4.1	Abhar tacaíochta do thuismitheoirí/chaomhnóirí							
6.4.2	Cainteanna a reáchtáil faoi bhuntáistí an dátheangachais							
6.4.3	Comharthaíocht faoi bhuntáistí an dátheangachais							
6.4.4	Bunachar d'fheighlithe páistí							
6.4.5	Grúpaí Tuismitheoirí agus Tachráin an LPT							
6.4.6	Tacaíochtaí eile do naíonraí Gaelacha an LPT							
